**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0156/2023**

26.4.2023

# TUARASCÁIL

maidir leis an measúnú ar an teachtaireacht nua ón gCoimisiún maidir leis na réigiúin is forimeallaí
(2022/2147(INI))

An Coiste um Fhorbairt Réigiúnach

Rapóirtéir: Álvaro Amaro



*Aontaithe san éagsúlacht*

PR_INI

## CLÁR

**Leathanach**


TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN .........................................................................................39

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM BUISÉID ....................................................................42

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA ......47

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT ..........................62

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE....70

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................81

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........82

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an measúnú ar an teachtaireacht nua ón gCoimisiún maidir leis na réigiúin is forimeallaí**
**(2022/2147(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena ndeonaítear a stádas do na réigiúin is forimeallaí (RFanna) AE,

– ag féachaint d'Airteagail 174 agus 355 CFAE, ina leagtar amach, inter alia, raon feidhme críochach na gConarthaí agus na forálacha sonracha a bhfuil feidhm acu maidir leis na RFanna,

– ag féachaint d'Airteagal 107(3)(a) CFAE, lena bhforáiltear go bhféadfadh cabhair chun forbairt eacnamaíoch na RFanna a chur chun cinn a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach,

– ag féachaint d'Airteagal 7 CFAE, ina sonraítear nach mór don Aontas comhsheasmhacht a áirithiú idir a bheartais agus a ghníomhaíochtaí, agus a chuspóirí go léir á gcur san áireamh agus i gcomhréir le prionsabal tabhartha na gcumhachtaí,

– ag féachaint do Theideal XVIII CFAE, lena mbunaítear cuspóir an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh agus lena sonraítear na hionstraimí struchtúracha airgeadais chun é sin a bhaint amach,

– ag féachaint don bhreithiúnas ó Mhór-Dhlísheomra Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) an 15 Nollaig 2015[1],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2022 dar teideal Putting people first, securing sustainable and inclusive growth, unlocking the potential of the EU's outermost regions [Tús áite a thabhairt do dhaoine, fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú, leas a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí san Aontas] (COM(2022)0198),

– ag féachaint don dearbhú críochnaitheach ón 27ú Comhdháil d'Uachtaráin na Réigiún is Forimeallaí san Aontas Eorpach, a tionóladh i bParlaimint na hEorpa ***sa Bhruiséil*** an 15 agus 16 Samhain 2022,

– ag féachaint don dearbhú deiridh ón 26ú Comhdháil d'Uachtaráin na Réigiún is Forimeallaí de chuid an Aontais Eorpaigh, a tionóladh in Ponta Delgada, ***na hAsóir,*** ón 17 go dtí an 20 Samhain 2021,

[1] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais (an Mór-Dhlísheomra) an 15 Nollaig 2015, *Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach* v *Comhairle an Aontais Eorpaigh*, Cásanna Uamtha C-132/14 go C-136/14, ECLI:EU:C:2015:813.

– ag féachaint don Dearbhú comhpháirteach ó Chomhdháil Uachtaráin na Réigiún is Forimeallaí den Aontas Eorpach, a d'eascair as an gcruinniú idirsheisiúnach an 3 Bealtaine 2021,

– ag féachaint don dearbhú deiridh ó 25ú Comhdháil Uachtaráin na Réigiún is Forimeallaí de chuid an Aontais Eorpaigh, a tionóladh in Mayotte an 26 agus an 27 Samhain 2020,

– ag féachaint do Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn[2],

– ag féachaint do Threoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat do phleanáil spásúil mhuirí[3],

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 1 Nollaig 2022 maidir le Clár Oibre Eorpach don Turasóireacht 2030,

– ag féachaint do thuarascáil bhliantúil AE maidir le staid na réigiún agus na mbardas, arna foilsiú i mí Dheireadh Fómhair 2022 ag Coiste Eorpach na Réigiún,

– ag féachaint don 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol agus do na coincheapa a leagtar amach ann,

– ag féachaint don staidéar ar thionchar phaindéim COVID-19 ar na réigiúin is forimeallaí a d'fhoilsigh an Coimisiún in Eanáir 2022[4],

– ag féachaint don staidéar dar teideal 'Beartas Comhtháthaithe agus an tAthrú Aeráide', a d'fhoilsigh a hArd-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, an 15 Aibreán 2021[5],

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2022 dar teideal 'Comhtháthú san Eoraip i dtreo 2050 — An tOchtú tuarascáil maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach',

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2020 dar teideal "Straitéis Soghluaisteachta Inbhuanaithe agus Cliste – iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don todhchaí" (COM(2020)0789),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Samhain 2020 dar teideal 'An EU Strategy to harness the potential of offshore renewable energy for a climate neutral future' [Straitéis AE chun leas a bhaint as an bhfuinneamh inathnuaite amach ón gcósta le haghaidh todhchaí aeráidneodrach] (COM(2020)0741),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal 'EU Biodiversity Strategy for 2030 — Bringing nature back into our lives' [Straitéis

[2] IO L 328, 21.12.2018, lch. 82.
[3] IO L 257, 28.8.2014, lch. 135.
[4] An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, ***Staidéar ar thionchar phaindéim COVID-19 ar na réigiúin is forimeallaí (OR):*** *tuarascáil chríochnaitheach*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, https://data.europa.eu/doi/10.2776/541180.
[5] Staidéar dar teideal 'Beartas Comhtháthaithe agus an tAthrú Aeráide', Parlaimint na hEorpa, Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, Roinn Beartais B – Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, 15 Aibreán 2021.

Bhithéagsúlachta AE do 2030 — An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM(2020)0380), agus do rún ón bParlaimint an 9 Meitheamh 2021 ina leith sin[6],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2017 dar teideal A stronger and renewed strategic partnership with the EU's outermost regions [Comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas] (COM(2017)0623),

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún an 23 Márta 2020 maidir le cur chun feidhme na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí san AE (COM(2020)0104),

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún an 10 Nollaig 2020 maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach i ndáil le cur chun feidhme comhpháirtíochta straitéisí athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach (2021/C 37/10),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2012 dar teideal 'Na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach: i dtreo comhpháirtíochta le haghaidh fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach' (COM(2012)0287),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2008 dar teideal 'Na réigiúin is forimeallaí: acmhainn don Eoraip' (COM(2008)0642),

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2007 dar teideal 'Straitéis do na Réigiúin is Forimeallaí: a bhfuil Bainte Amach agus Ionchais Amach Anseo' (COM(2007)0507),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Bealtaine 2004 dar teideal 'Comhpháirtíocht neartaithe leis na réigiúin is forimeallaí' (COM(2004)0343),

– ag féachaint don Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathbhunú an dúlra (COM(2022)0304),

– ag féachaint do rún uaithi an 3 Bealtaine 2022 dar teideal 'I dtreo geilleagar gorm inbhuanaithe in AE: ról na hearnála iascaigh agus dobharshaothraithe'[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Meán Fómhair 2021 maidir le cur chuige nua i leith straitéis mhuirí an Atlantaigh[8],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Meán Fómhair 2021 dar teideal 'Towards a stronger partnership with the EU outermost regions' [I dtreo comhpháirtíochta níos láidre leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas][9],

[6] IO C 67, 8.2.2022, lch. 25.
[7] IO C 465, 6.12.2022, lch. 2.
[8] IO C 117, 11.3.2022, lch. 30.
[9] IO C 117, 11.3.2022, lch. 18.

– ag féachaint do rún uaithi an 6 Iúil 2017 maidir le comhtháthú agus forbairt a chur chun cinn sna réigiúin is forimeallaí san Aontas: cur chun feidhme Airteagal 349 CFAE[10],

– ag féachaint do rún uaithi an 27 Aibreán 2017 maidir le cabhlaigh iascaireachta a bhainistiú sna Réigiúin is Forimeallaí[11],

– ag féachaint do rún uaithi an 26 Feabhra 2014 maidir leis an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí trí shineirgí a chruthú idir na Cistí Struchtúracha agus cláir eile de chuid an Aontais Eorpaigh[12],

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Aibreán 2012 maidir le ról an bheartais chomhtháthaithe sna réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach i gcomhthéacs na straitéise 'Eoraip 2020'[13],

– ag féachaint do mholadh uaithi an 20 Eanáir 2022 chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún tar éis imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe agus ar dhrochriarachán líomhnaithe i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais i ndáil le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar laistigh den Aontas agus lasmuigh de[14],

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Buiséid, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht agus ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (A9-0156/2023),

A. de bhrí go bhfuil cúig mhilliún saoránach Eorpach ag na RFanna – Guáin na Fraince, Guadalúip, Martinique, Mayotte, La Réunion agus Saint Martin (an Fhrainc), na hAsóir agus Maidéara (an Phortaingéil) agus na hOileáin Chanáracha (an Spáinn) – agus gurb ionann iad agus sócmhainní móra geostraitéiseacha don Aontas Eorpach (AE) agus dá Bhallstáit; de bhrí go bhfuil sócmhainní acu a bhfuil acmhainneacht ollmhór acu, arna n-aithint ag an gCoimisiún, eadhon a ndaonra óg, a limistéir eacnamaíocha mhuirí fhairsinge, bithéagsúlacht shaibhir agus saibhreas mór foinsí fuinnimh in-athnuaite, atá tábhachtach chun cuspóirí aeráide AE a bhaint amach, chomh maith leis an gcumas gníomhaíochtaí AE a fhorbairt sna heolaíochtaí spáis agus sa réaltfhisic;

B. de bhrí go bhfuil srianta struchtúracha buana ar na RFanna freisin mar thoradh ar an teaglaim dá n-oileánachas (seachas Guáin na Fraince), scaipeadh geografach, iargúltacht, beagmhéid, tír-raon garbh agus aeráid chrua; de bhrí go léiríonn na táscairí déimeagrafacha atá ann faoi láthair go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar an daonra i bhformhór na RFanna[15], a mbíonn orthu déileáil le brú déimeagrafach séasúrach freisin;

---

[10] IO C 334, 19.9.2018, lch. 168.
[11] IO C 298, 23.8.2018, lch. 92.
[12] IO C 285, 29.8.2017, lch. 58.
[13] IO C 258 E, 7.9.2013, lch. 1.
[14] IO C 336, 2.9.2022, lch. 20.
[15] Guadalúip, Martinique, La Réunion, Saint-Martin, na hAsóir, Maidéara agus na hOileáin Chanáracha (Cohesion in Europe towards 2050, *Eighth report on economic, social and territorial cohesion [Comhtháthú san Eoraip i dtreo 2050, An t-ochtú tuarascáil ar an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach*], an

de bhrí go bhfuil a margaí áitiúla beag go ginearálta agus go mbíonn easnaimh shuntasacha trádála mar thoradh ar a spleáchas eacnamaíoch ar roinnt táirgí áitiúla agus ar allmhairí go leor táirgí eile;

C. de bhrí gur bac tromchúiseach iad na srianta struchtúracha sin d'fhorbairt RFanna agus gur ghlac AE, dá bhrí sin, bearta sonracha maidir le beartais chustaim agus trádála, beartas fioscach, saorlimistéir, beartais talmhaíochta agus iascaigh, coinníollacha maidir le soláthar amhábhar agus earraí tomhaltais riachtanacha, Státchabhair agus coinníollacha rochtana ar chistí struchtúracha agus ar chláir chothrománacha de chuid an Aontais; de bhrí gur gá bearta sonracha breise a dhéanamh chun na coinníollacha a bhunú chun na Conarthaí a chur i bhfeidhm go comhchuí, lena n-áirítear comhbheartais, gan an bonn a bhaint ó chomhleanúnachas dhlíchóras an Aontais agus chun rannchuidiú le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach in AE a neartú;

D. de bhrí gur shoiléirigh breithiúnas Mhór-Dhlísheomra CBAE an 15 Nollaig 2015 raon feidhme leathan Airteagal 349 agus Airteagal 355 CFAE do RFanna;

E. de bhrí, faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna, go bhfuil leithdháiltí sonracha breise ag RFanna ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus ó Chúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT EU), ar comhchuid shonrach í faoin gclár Interreg do chlárthréimhse 2021-2027 agus leithdháileadh sonrach laistigh den Rialachán maidir leis an gCiste um Aistriú Cóir;

F. de bhrí gur fhulaing geilleagair RFanna iarmhairtí tromchúiseacha tar éis bearta sriantacha a thabhairt isteach de dheasca na paindéime i mí an Mhárta 2020[16]; de bhrí go bhfuil an olltáirgeacht intíre (OTI) per capita sna RFanna faoi bhun mheán AE, lena n-áirítear faoi bhun mheán a dtíortha féin, agus go mbíonn rátaí bochtaineachta i measc na rátaí bochtaineachta is airde san Eoraip uaireanta;

G. de bhrí gur sócmhainn ríthábhachtach iad daoine óga do théarnamh agus d'fhorbairt réigiúin uile AE, go háirithe RFanna; de bhrí go bhfuil leath dhaonra Mayotte faoi bhun 18 mbliana d'aois, agus i nGuáin na Fraince, go bhfuil cónaitheoir amháin in dhá cheann faoi bhun 25 bliana d'aois; de bhrí go bhfuil leibhéil arda daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta[17] ná oiliúna (NEETanna) ag RFanna, chomh maith le rátaí arda luathfhágálaithe scoile, eadhon ráta ard luathfhágála scoile; de bhrí go bhfuil na rátaí sin níos airde ná an meán do AE agus dá mBallstát faoi seach;

H. de bhrí, maidir leis an dífhostaíocht fhadtéarmach atá in RFanna, gur féidir í a mhíniú leis an neamhréir scileanna agus ionchais mhargadh an tsaothair atá ann, ós rud é gur beag deiseanna fostaíochta agus oiliúna atá sna críocha sin, agus nach oiriúnach na deiseanna atá iontu; de bhrí gur gá a áirithiú go gcuirtear oiliúint in oiriúint do riachtanais gnólachtaí in RFanna;

---

Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2022, lch. 200, https://ec.europa.eu/regional_policy/information-sources/cohesion-report_en).

[16] https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/2216604f-7420-11ec-9136-01aa75ed71a1/language-en.

[17] B'ionann meánráta dífhostaíochta an Aontais i measc na n-óg agus 16.8 % in 2022, os cionn 50 % i Mayotte agus sna hOileáin Chanáracha, beagnach 40 % in La Réunion, i nGuadalúip agus in Martinique agus beagnach 30 % i nGuáin na Fraince.

I. de bhrí gur minic a bhíonn ar dhaoine óga ó na réigiúin is forimeallaí taisteal agus bogadh go réigiúin eile chun oiliúint agus oideachas sonrach a fháil; de bhrí go bhfuil an t-uafás daoine óga ag bánú na réigiún is forimeallaí mar thoradh ar an easpa deiseanna fostaíochta atá iontu, rud a raibh tionchar láidir aige ar dhéimeagrafaíocht agus ar fhorbairt na gcríoch sin[18]; de bhrí nach dtiocfaidh go leor de na daoine a bhog ar shiúl ar ais níos déanaí;

J. de bhrí gur réamhriachtanas é scileanna digiteacha a fhorbairt in RFanna chun aistriú digiteach a bhaint amach, ar aistriú é nach bhfágfar aon duine ar lár leis;

K. de bhrí, mar gheall ar an easpa bonneagair agus an leibhéal digiteála in RFanna, nach féidir cianfhoghlaim, teilea-obair ná seachadadh digiteach seirbhísí poiblí a bhaineann le fostaíocht agus le leas sóisialta a chur in úsáid go héifeachtach;

L. de bhrí nár baineadh úsáid iomlán as leithdháiltí Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) don tréimhse 2014-2020 in RFanna, agus go bhfuil deireadh ag teacht leis an gclárthréimhse sin;

M. de bhrí nár bhain ach 28 500 duine ó RFanna tairbhe as soghluaisteacht faoin gclár Erasmus+ le linn na tréimhse 2014-2020;

N. de bhrí nach ann do rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha amhail uisce óil, tithíocht chuibhiúil, leictreachas, oideachas, cúram sláinte, iompar poiblí agus an t-idirlíon do na háitritheoirí uile in RFanna;

O. de bhrí go bhfuil ráta fostaíochta na mban in RFanna go mór faoi bhun mheán AE agus na meán náisiúnta (47 % i gcomparáid le 62 % in AE-27)[19]; de bhrí gur minic a bhíonn fostaíocht éagobhsaí agus ghearrthéarmach roimh mhná in RFanna; de bhrí go bhfuil dífhostaíocht na mban níos airde ná dífhostaíocht na bhfear i ngach RF seachas La Réunion[20];

P. de bhrí gur gá CSE+ a imscaradh go héifeachtach mar fhreagairt do na hardleibhéil dífhostaíochta sna réigiúin is forimeallaí, rud a dhéanann difear do dhaoine óga go háirithe;

Q. de bhrí go gcuireann sciúirse na handúile i ndrugaí leis an eisiamh sóisialta agus eacnamaíoch agus leis an easpa spéise i margadh an tsaothair in RFanna, agus go gcuireann sé sláinte daoine óga agus sábháilteacht an phobail i mbaol freisin[21];

---

[18] COM(2022)0198, lch. 2.

[19] In SWD(2022)0133 ó mhí na Bealtaine 2022, léirítear rátaí fostaíochta na mban in RFanna i gcomparáid leis na meánleibhéil Eorpacha. https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/policy/themes/outermost-regions/rup-2022/comm-rup-2022-glance_en.pdf.

[20] https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/policy/themes/outermost-regions/rup-2022/comm-rup-2022_en.pdf, p. 5.

[21] *Relatório anual 2021 – a situação do país em matéria de drogas e toxicodependências*, 2022, p. 20, https://www.sicad.pt/BK/Publicacoes/Lists/SICAD_PUBLICACOES/Attachments/178/RelatorioAnual_2021_%20ASituacaoDoPaisEmMateriaDeDrogasEToxicodependencias.pdf; *Drogues et addictions dans les outre-mer*, OFDT, 2020, p. 48, http://www.ofdt.fr/BDD/publications/docs/epfxio2a6.pdf.

R. de bhrí gur nochtadh níos mó fós le paindéim COVID-19 leochaileacht gheilleagair RFanna, rud a eascraíonn as a n-oileánachas agus/nó as a suíomh geografach agus, go háirithe, as feidhmiú a gciorcaid soláthair agus tomhaltais; de bhrí gur nochtadh leis an bpaindéim leochaileacht earnáil phoiblí RFanna, go háirithe cúram ospidéil; de bhrí gur chuir ionradh na Rúise ar an Úcráin le tionchar na paindéime, lena n-áirítear rátaí dífhostaíochta atá ag dul i méid, go háirithe i measc daoine óga, agus méadú ar bhoilsciú, eadhon tríd an méadú ar phraghas breosla, lasta muirí, bia, leasachán agus amhábhair áirithe amhail gránaigh do bheatha ainmhithe; de bhrí nach eol go hiomlán fós tionchar na ngéarchéimeanna sin, go háirithe ar fhostaíocht in RFanna;

S. de bhrí, mar gheall ar an aeráid eacnamaíoch atá ann faoi láthair, go bhfuil geilleagair na hEorpa ag déileáil le ganntanas saothair agus amhábhar agus le méadú ginearálaithe ar phraghsanna; de bhrí go bhfuil gné imníoch ag baint leis an staid sin in RFanna;

T. de bhrí go measann an Coimisiún go mbeidh an téarnamh eacnamaíoch ó COVID-19 níos moille in RFanna i gcomparáid leis na meáin maicreacnamaíocha náisiúnta[22]; de bhrí gur cheart do AE tacú le RFanna chun cabhrú leo freagairt don mhéadú leanúnach ar bhoilsciú a dhéanann difear mór d'earnáil eacnamaíoch phríomhúil na RFanna;

U. de bhrí go bhfuil sé tábhachtach leithreasuithe buiséid do RFanna a mhéadú agus na nósanna imeachta is gá chun rochtain a fháil ar mhaoiniú a shimpliú;

V. de bhrí go bhfuil an t-aeriompar agus an muiriompar bunriachtanach chun leanúnachas críochach a áirithiú agus chun RFanna a nascadh le mórthír na hEorpa, le chéile agus leis an gcuid eile den domhan, go háirithe leis na tíortha agus na críocha mórthimpeall orthu; de bhrí nach bhfuil aon roghanna malartacha ag na réigiúin sin ar na modhanna iompair sin, atá níos costasaí ná ar an mórthír; de bhrí go bhfuil tionchar díreach ag an spleáchas sin ar a n-iomaíochas, rud a chruthaíonn costais bhreise a bhaineann le hallmhairiú agus onnmhairiú earraí agus seirbhísí, agus ar shaol na saoránach; de bhrí gur méadaítear na dúshláin sin i gcás oileánraí, mar gheall ar an oileánachas dúbailte; de bhrí go mbraitheann RFanna go mór ar dhea-bhail na cothabhála agus ar fhorbairt inbhuanaithe na gcalafort, ós rud é go bhfuil ról ríthábhachtach acu i nascacht, i ngeilleagar agus i gcomhtháthú na réigiún sin; de bhrí gur cheart go gcuirfí srianta soghluaisteachta, inrochtaineachta agus nascachta RFanna san áireamh ar bhealach níos fearr i rialacha ionstraimí agus chláir chistiúcháin AE;

W. de bhrí go bhfuil dlúthnasc idir geilleagar RFanna agus an earnáil phríomhúil, go háirithe an fheirmeoireacht agus an t-iascach, lena gcruthaítear poist agus lena gcabhraítear le héagsúlacht thírdhreacha, éiceolaíocht agus chríoch na réigiún sin, chomh maith le slándáil agus leordhóthanacht bia a chothú;

X. de bhrí go bhfuil an phríomhearnáil, go háirithe feirmeoireacht arúil agus beostoc agus iascaireacht, an-tábhachtach do RFanna; de bhrí go bhfuil clár na roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus oileánachas don talmhaíocht (scéim POSEI) bunriachtanach d'fhorbairt shocheacnamaíoch agus do chomhtháthú críochach na réigiún sin, mar a bhí an scéim roimhe seo[23] chun costais bhreise iascaigh a chúiteamh, ar a dtugtar 'Iascaigh POSEI' de ghnáth, a ionchorpraíodh ó shin sa Chiste Eorpach

[22] https://data.europa.eu/doi/10.2776/541180.
[23] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:32003R2328&from=BG.

Muirí agus Iascaigh agus ansin isteach sa Chiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID);

Y. de bhrí go bhfuil go leor dúshlán roimh ghabháltais talmhaíochta sna réigiúin is forimeallaí mar gheall ar a suíomh iargúlta, ar an éagsúlacht theoranta táirgthe de bharr dálaí áitiúla agus aeráide agus forbairtí stairiúla, ar an spleáchas ard atá acu ar mhargaí áitiúla, ar an ngéarchéim aeráide, ar dhíghrádú an chomhshaoil, ar chailliúint na bithéagsúlachta agus ar easpa fuinnimh, agus gur minic nach mbíonn fionnuisce glan acu;

Z. de bhrí, mar gheall ar a saintréithe geografacha sonracha, nach mór do RFanna a bheith in ann díriú ar neamhspleáchas bia bunaithe ar thimthriallta inbhuanaithe agus ar neamhspleáchas fuinnimh trí fhoinsí in-athnuaite fuinnimh;

AA. de bhrí go bhfuil thart ar 80 % de bhithéagsúlacht AE ina gcónaí in RFanna agus go bhfuil saibhreas na hoidhreachta nádúrtha agus na n-éiceachóras iontu atá uathúil in AE agus atá eindéimeach den chuid is mó, rud atá níos leochailí; de bhrí go bhfuil éiceachórais RFanna go háirithe faoi bhagairt ag tionchar an athraithe aeráide agus ag truailliú muirí agus cósta agus gur sprioc leochaileach iad d'iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN); de bhrí gur gá cosaint níos fearr a thabhairt dóibh i gcoinne na mbagairtí sin chun na hiarmhairtí diúltacha ar fhostaíocht, ar earnáil an iascaigh ar mionscála agus ar phobail áitiúla a laghdú; de bhrí gur cheart rochtain a bheith ag RFanna ar chistiú sonrach chun a mbithéagsúlacht a chosaint;

AB. de bhrí go bhfuil RFanna ar an líne thosaigh a mhéid a bhaineann le héifeachtaí an athraithe aeráide, go háirithe maidir le leibhéil farraige atá ag ardú agus téamh agus aigéadú na n-aigéan, agus go bhfuil siad an-leochaileach in aghaidh eachtraí adhaimsire atá ag éirí níos minice ná riamh amhail cioclóin, stoirmeacha trópaiceacha agus tuilte, chomh maith le gníomhaíocht seismeach agus brúchtaí bolcánacha;

AC. de bhrí go bhfuil na rioscaí a bhaineann le mórthubaistí nádúrtha agus éigeandálaí sláinte tar éis éirí sistéamach agus gur minic gurb iad na críocha is lú forbairt agus is leochailí, amhail na RFanna, na críocha is mó a ndéanann na tubaistí sin difear dóibh;

AD. de bhrí go bhfuil formhór RFanna bolcánach, agus de bhrí go bhféadfadh tionchar tubaisteach a bheith ag gníomhaíocht bholcánach ar an gcomhshaol agus ar an ngeilleagar, mar a tharla tar éis bhrúchta ar La Palma sna hOileáin Chanáracha in 2021;

AE. de bhrí, go ginearálta, nach bhfuil an geilleagar in RFanna an-éagsúil, ag brath den chuid is mó ar an turasóireacht, agus de bhrí go bhfágann sé sin go bhfuil na margaí níos leochailí i gcás géarchéimeanna socheacnamaíocha agus tubaistí nádúrtha;

AF. de bhrí, d'fhonn forbairt eacnamaíoch agus caomhnú éiceachórais leochaileacha a chomhcheangal, ba cheart do na réigiúin is forimeallaí úsáid a bhaint as a n-acmhainneacht mhór chun earnálacha tábhachtacha a fhorbairt, amhail éiceathurasóireacht agus fo-earnálacha eile na turasóireachta, an tsoghluaisteacht inbhuanaithe, an geilleagar ciorclach agus fuinnimh in-athnuaite, a eascraíonn as. a suíomh nádúrtha;

AG. de bhrí go gcuireann RFanna suíomhanna geostraitéiseacha ar fáil do AE san Aigéan Indiach, san Aigéan Atlantach, i Muir Chairib agus in Abhantrach na hAmasóine, agus de bhrí go gcabhraíonn siad leis an Aontas a bheith ar an limistéar eacnamaíoch eisiach is mó ar domhan;

AH. de bhrí gur fíorshaotharlanna nádúrtha iad RFanna mar gheall ar a mbithéagsúlacht uathúil, rud a fhágann go bhfuil siad ríthábhachtach chun taighde agus caomhnú acmhainní muirí a chur chun cinn;

AI. de bhrí go mbeidh cailliúint leanúnach na bithéagsúlachta muirí ina chúis le mórthionchair chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha in earnáil iascaigh AE agus go háirithe sna RFanna, agus nach mór, dá bhrí sin, iad a aisiompú go práinneach;

AJ. de bhrí gur gá limistéir mhuirí faoi chosaint (MPAnna) a bhunú, agus comhairliúcháin phoiblí le húdaráis áitiúla agus le geallsealbhóirí, go háirithe iascairí, á gcur san áireamh chun cur chun feidhme leormhaith Chomhbheartas Iascaigh AE agus na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí a áirithiú; de bhrí gur cheart féachaint ar chruthú na limistéar sin mar uirlis chun cosaint gnáthóg agus éiceachóras a thabhairt chun réitigh le hinbhuanaitheacht shocheacnamaíoch an gheilleagair ghoirm;

AK. de bhrí go bhfuil sé ar chumas RFanna, mar gheall ar a suíomh geografach, an geilleagar gorm a stiúradh; de bhrí go bhfuil RFanna ag brath go mór ar earnálacha an gheilleagair ghoirm, go háirithe an t-iascach agus an turasóireacht inbhuanaithe, dá bhforbairt shocheacnamaíoch; de bhrí go bhféadfadh forbairt inbhuanaithe na n-earnálacha sin sna réigiúin sin borradh a chur faoi chruthú post agus faoin bhfás eacnamaíoch; de bhrí gurb ionann turasóireacht chósta agus mhuirí 60 % den fhostaíocht sa gheilleagar gorm agus go bhfuil gairmithe ardcháilithe agus oilte ag teastáil uaithi;

AL. de bhrí go neartaíonn RFanna gné dhomhanda AE trína theorainneacha a leathnú chuig ilchríocha éagsúla, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar a dtábhacht maidir le luachanna agus prionsabail AE a chur chun cinn sna réigiúin ina bhfuil siad leabaithe; de bhrí, thairis sin, go bhfuil comhar lena dtíortha comharsanachta agus leis na Ballstáit ar cuid díobh iad tábhachtach dá gcomhtháthú réigiúnach agus dá bhforbairt eacnamaíoch;

AM. de bhrí nach mór do AE agus don Choimisiún an bhearna forbartha idir na RFanna agus an chuid eile de AE a dhúnadh mar phríomhthosaíocht i gcónaí;

AN. de bhrí go bhfuil brú mór imirce ar go leor RFanna, agus go bhfuil iarmhairtí an-tromchúiseach acu dá bpobail agus go mbíonn tionchair shuntasacha acu ar a n-acmhainní dílse;

***Airteagal 349 CFAE a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr***

1. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn sofheicthe atá bainte amach ag straitéisí AE do na RFanna, ar comhartha é den chomhar tairbheach idir an Coimisiún, an Pharlaimint agus an Chomhairle, údaráis réigiúnacha agus áitiúla na RFanna, agus an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear ENRanna; á chur in iúl gur oth léi, mar sin féin, an easpa tiomantais a léirigh an Coimisiún sa straitéis nua sin i réimsí ríthábhachtacha do

RFanna, go háirithe maidir lena n-iomaíochas a threisiú chun seasamh AE mar mhórghníomhaí aigéanach a threisiú; á iarraidh go n-ionchorprófaí an straitéis sin san athbhreithniú meántéarma a d'fhéadfadh a bheith ar na bacáin ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) agus ar CAI iar-2027;

2. á chur i bhfáth a phráinní atá sé go leor de na bearta a leagtar amach sa straitéis sin a chur chun feidhme, ar bearta iad a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo, le linn na géarchéime seo, d'fhonn téarnamh inbhuanaithe (eacnamaíoch, sóisialta, críochach agus comhshaoil) na réigiún sin a áirithiú;

3. á mheabhrú go dtugtar ról chaomhnóir na gConarthaí don Choimisiún le hAirteagal 7 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE); ag cur béim ar an bhfíoras go ndéantar RFanna a chomhtháthú go hiomlán san Aontas Eorpach agus go ndéantar iad a asamhlú ina dhlíchóras, agus go n-aithnítear a staid shonrach sna Conarthaí, go háirithe Airteagal 349 CFAE, lena mbunaítear prionsabal agus ceart chun oiriúnú, a dhírítear ar leibhéal bheartais éagsúla an Aontais;

4. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil Airteagal 349 CFAE fós á chur i bhfeidhm go huathoibríoch i ngach tionscnamh reachtach ón gCoimisiún, agus á aithint go ndearnadh roinnt dul chun cinn maidir leis an ngá atá le saintréithe sonracha RFanna a chur san áireamh; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur baineadh úsáid theoranta as an airteagal sin agus go bhféadfaí é a léirmhíniú ar bhealach níos nuálaí agus níos dearfaí, go háirithe d'fhonn cláir *ad hoc* agus beartais shonracha nua a chruthú; á thabhairt chun suntais gur cheart an t-airteagal sin a chur i bhfeidhm ar bhealach idirdhisciplíneach maidir le beartais agus tionscnaimh an Aontais, i gcás inarb iomchuí, agus á iarraidh an athuair, ina rún an 14 Meán Fómhair 2021, go nglacfadh an Coimisiún agus an Chomhairle 'Freagairt RF', eadhon le haghaidh saintréithe sonracha na RFanna a chur san áireamh go córasach i dtograí reachtacha AE agus le linn caibidlíochtaí idirinstitiúideacha, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí mheasúnuithe tionchair tiomnaithe a dhéanamh, d'fhonn a áirithiú go bhfreagróidh reachtaíocht an Aontais do dhúshláin shonracha agus do réaltachtaí áitiúla RFanna; á mholadh don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar shásra díonach ar RFanna a bheadh cosúil leis an sásra atá molta do cheantair thuaithe;

5. á chur i bhfios go láidir gur gá Airteagal 349 a chur i bhfeidhm d'fhonn infheistíocht a mhéadú in RFanna ón Aontas, ó na Ballstáit, ó údaráis áitiúla agus ó ghníomhaithe príobháideacha agus poiblí, agus aon chur chuige diúltach á sheachaint, i bhfocail eile, bearta sonracha a chuirfeadh bac ar an bpróiseas chun tearcfhorbairt a dhéanamh agus éagothromaíochtaí forbartha a laghdú;

6. á iarraidh, i gcomhthéacs an Choinbhinsiúin atá ar na bacáin chun Conarthaí an Aontais Eorpaigh a athchóiriú, go ndéanfaí dianchoimirciú ar stádas sonrach reatha RFanna — Airteagail 355(1), 349 agus 107(3)(a) CFAE — nó, más iomchuí, a leathnú;

7. á thabhairt le fios gur leag an Chúirt Bhreithiúnais béim air nach mór 'coinníollacha chur i bhfeidhm na gConarthaí', de réir bhrí Airteagal 349 CFAE, a fhorléiriú mar choinníollacha lena gcumhdaítear na coinníollacha a bhaineann le dlí príomha AE a chur i bhfeidhm agus na coinníollacha a bhaineann le cur i bhfeidhm gníomhartha reachtaíochta tánaistí arna nglacadh ar bhonn an dlí phríomha sin; á chur i bhfios, thairis

sin, gur rialaigh an Chúirt go leanann sé ó fhoclaíocht agus ó chuspóirí Airteagal 349 CFAE agus ó scéim na gConarthaí, a mhéid a bhaineann le RFanna, go ndéantar raon feidhme críochach *acquis* iomlán dhlí AE a shainiú go háirithe le hAirteagal 52 CAE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 355(1) CFAE agus leis na bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 349 CFAE;

8. á athdhearbhú gur gá gníomhaíocht chomhordaithe a choinneáil agus a neartú ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil; ag tacú le rannpháirtíocht iomlán údaráis réigiúnacha agus áitiúla na RFanna i gceapadh bheartais an Aontais; á chur i bhfáth go mbaineann na páirtithe leasmhara uile tairbhe as an rannpháirtíocht sin agus go dtreisíonn sí dlisteanacht phróiseas cinnteoireachta AE; á chur i bhfios go láidir go gcuireann an cur chuige sin ón mbun aníos ar chumas gach réigiúin a leasanna a chosaint; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, an rannchuidiú dearfach a rinne Comhdháil Uachtarán na Réigiún is Forimeallaí maidir le tosaíochtaí agus dúshláin a shainaithint a bhfuil na réigiúin sin ag tabhairt aghaidh orthu agus maidir le tuilleadh gníomhaíochta a spreagadh, lena n-áirítear dea-chleachtais a chomhroinnt; á mheabhrú go ndearna an Coimisinéir um Chomhtháthú agus um Athchóiriúcháin obair thábhachtach chun leasanna RFanna laistigh de Choláiste na gCoimisinéirí a chosaint; á mholadh, agus an méid sin á chur san áireamh, go leanfadh an chéad Choimisiún eile den fhaireachán ar fhorbairt inbhuanaithe agus chuimsitheach RFanna agus go neartódh sé é, ar mhaithe leo, ar an leibhéal is airde, go háirithe tríd an dul chun cinn atá déanta laistigh den Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm iomlán Airteagal 349 a thomhas;

9. á athdhearbhú gur gá gnéithe sonracha RFanna a mheas i ngach timthriall bliantúil den Seimeastar Eorpach agus na gnéithe sin a léiriú sna moltaí tírshonracha don Phortaingéil, don Spáinn agus don Fhrainc;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún lánúsáid a bhaint as uirlisí an tSeimeastair Eorpaigh agus as na moltaí tírshonracha chun anailís a dhéanamh ar bheartais phoiblí in RFanna agus chun comhairle a thabhairt ina leith d’fhonn cóineasú sóisialta aníos a bhaint amach;

11. á mheas gur cheart do AE a bheith níos uaillmhianaí le linn beartais chomhtháite do na RFanna a dhoimhniú, trí chur chuige réamhghníomhach agus comhsheasmhach AE agus trí thacaíocht shoiléir agus láidir a thabhairt d’fhorbairt inbhuanaithe inginiúil gach ceann de na réigiúin sin;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún samhail POSEI a mhacasamhlú in earnálacha eacnamaíocha eile na RFanna, agus is réimsí tosaíochta iad an t-iascach, an t-iompar, an nascacht, an fuinneamh agus an t-aistriú digiteach; á chur i bhfáth go bhfuil na bearta sonracha sin bunúsach chun geilleagair ghlasa agus ghorma inbhuanaithe a chur chun cinn in RFanna;

13. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin dlús a chur leis an idirphlé le RFanna agus tacaíocht aonair a chur ar fáil dóibh, ach á chur in iúl gurb oth léi nach dtugtar aghaidh sa teachtaireacht ón gCoimisiún ach ar chuid de na hábhair imní atá ag na réigiúin sin; á iarraidh ar an gCoimisiún plean gníomhaíochta a ghlacadh don straitéis sin agus ag tabhairt dá haire nach mór leithdháiltí airgeadais sonracha agus dóthanacha a bheith aige sin, saintréithe, sócmhainní agus dúshláin gach RF a chur i gcúntas agus

plean gníomhaíochta aonair a áireamh do gach RF má iarrann na RFanna amhlaidh; á chreidiúint gur cheart an plean gníomhaíochta don straitéis a bheith bunaithe ar chur chuige ón mbun aníos agus ar chreat rialachais il-leibhéil; á chur i bhfáth gur cheart don Choimisiún oibriú leis na Ballstáit, leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus leis na pobail lena mbaineann trí chomhairliúchán poiblí, agus gur cheart dó tuilleadh tacaíochta agus/nó uirlisí sainchomhairleachta a chur ar fáil, lena n-áirítear ar iarraidh ó údaráis na réigiún féin; á iarraidh go bhfoilseofar na pleananna gníomhaíochta sin sula gcuirfear na tograí don chlárthréimhse nua iar-2027 ar aghaidh;

14. á iarraidh go gcuirfí tionchair na géarchéime reatha in RFanna i gcuntas san athbhreithniú ar CAI 2021-2027;

15. á iarraidh ar AS REGIO, ina gníomhaíochtaí faireacháin, na deacrachtaí sonracha a bhíonn ag RFanna a chur i gcuntas, go háirithe maidir le glaonna ar thairiscintí agus na teorainneacha ama chun faisnéis a fháil ó thairbhithe na gcistí struchtúracha;

16. á mholadh do na Ballstáit a bhfuil RFanna acu an straitéis sin a shíniú agus, ar an tslí sin, comhtháthú críochach, sóisialta agus eacnamaíoch a ráthú do na réigiúin sin;

17. á athdhearbhú go bhfuil gá le hathmheasúnú ar na rialacha maidir le Státchabhair do chuideachtaí sna RFanna; ag tarraingt aird, ina leith sin, ar an athbhreithniú leanúnach ar Rialachán *De Minimis* agus ar Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine (GBER) ina ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, lena leagtar síos tairseacha an-íseal; á iarraidh go dtiocfaidh méadú suntasach ar na tairseacha *de minimis* agus GBER agus go ndéanfar difreáil dhearfach do RFanna chun na costais oibriúcháin bhreise a bhíonn ar fhiontair atá lonnaithe sna RFanna a chur i gcuntas;

18. á mheabhrú go bhfuil míbhuntáistí struchtúracha agus buana ag RFanna mar gheall ar a n-oileánachas agus a n-iargúltacht; á iarraidh ar an gCoimisiún íocaíochtaí a eisiamh chun oileánachas agus iargúltacht a fhritháireamh, go háirithe in earnáil an iompair, agus Státchabhair á ríomh;

19. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé leanúnachas na gcóras cánach láithreach uile in RFanna a áirithiú, i bhfianaise a dtionchar ar na geilleagair áitiúla;

20. á chur i bhfáth gur gá sonraí comhchuibhithe atá cothrom le dáta maidir leis na RFanna a tháirgeadh ionas gur féidir tionchar na mbeartas Eorpach a fhionnadh i gceart; á mholadh go mbrisfear síos sonraí Eurostat de réir RF;

21. á mheas gur cheart do AE a bheith níos réamhghníomhaí ó thaobh na polaitíochta de agus bearta sonracha a sheachadadh chun fás inbhuanaithe RFanna a chothú, chun gur fíorchuid de AE iad RFanna agus go bhfuil siad leabaithe go hiomlán i ngníomhaíocht pholaitiúil AE;

***Infheistíocht i ndaoine***

22. á chur in iúl gur geal léi fócas an Choimisiúin ar 'tús áite a thabhairt do dhaoine'; á mheabhrú, áfach, go bhfuil rátaí na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta in RFanna ar na

rátaí is airde san Aontas[24]; á mheabhrú, thairis sin, go bhfuil OTI RFanna in aghaidh an áitritheora go mór faoi bhun AE agus a meán náisiúnta faoi seach[25] agus go bhfuil Mayotte ar cheann de na réigiúin is boichte in AE, le OTI in aghaidh an áitritheora is ionann agus 30 % de mheán AE; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a seacht ndícheall a dhéanamh chun rochtain ar sheirbhísí riachtanacha sna réigiúin seo a áirithiú, toisc gurb é seo an príomhfhachtóir chun bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a chomhrac; á mheabhrú go bhfuil na Ballstáit tiomanta do thacaíocht iomlán a thabhairt d'fhorbairt RFanna leis na hinfheistíochtaí is gá, go háirithe sna réimsí is boichte; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme in RFanna, chun dlúthpháirtíocht níos fearr a áirithiú idir na glúine, chun cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, agus chun deiseanna poist ardcháilíochta i gcomhréir leis na haistrithe glasa agus digiteacha a chruthú;

23. á chur i bhfáth gur gá bearta a dhéanamh chun lonnú múinteoirí a chur chun cinn agus chun tacú leo, go háirithe i ndisciplíní na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (ETIM), a bhfuil tábhachtach ag baint leo maidir leis an dá aistriú, chun litearthacht a áirithiú sna réimsí sin agus chun spéis daoine óga iontu a spreagadh;

24. á chur i bhfios go bhfuil gá suntasach fós le tithíocht shóisialta in RFanna, ar cheart dá bonneagar sraith ceanglas inbhuanaitheachta a chomhlíonadh freisin, i gcomhréir leis na spriocanna chun an aeráidneodracht a bhaint amach; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nár cheart do na ceanglais sin cur isteach ar an gcomhrac i gcoinne neamhionannas ná cur isteach ar an gceartas sóisialta sna réigiúin sin, agus go bhfuil sé de dhualgas, dá bhrí sin, ar Bhallstáit AE agus ar údaráis réigiúnacha cruthú na n-ionstraimí is gá a mholadh agus na hionstraimí sin a sholáthar;

25. ag tacú le treoirthionscadal a chruthú le haghaidh clár simplithe AE a bhfuil rochtain dhíreach air a bheidh dírithe ar institiúidí príobháideacha tacaíochta sóisialta in RFanna, lena n-áirítear línte cistiúcháin neamh-inaisíoctha do thionscadail ar mionscála, tacaíocht d'oiliúint d'fhoireann theicniúil agus chúnta sna réimsí éagsúla idirghabhála, cómhaoiniú do thionscadail ar mórscála a bhfuil baint acu le comhpháirtíochtaí trasteorann agus tacaíocht do thionscnaimh chun dea-chleachtais a chomhroinnt;

26. á iarraidh ar an gCoimisiún cruinniú mullaigh sóisialta a eagrú in RFanna chun spriocanna Porto agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a phlé agus a chur chun feidhme sna críocha sin; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé geallsealbhóirí ó RFanna a áireamh chun úinéireacht agus cur chun feidhme cuí beartas sóisialta a áirithiú.

[24] 37.8 % sna hOileáin Chanáracha, 27.5 % sna hAsóir agus 29.2 % i Maidéara in 2021, mar a léirítear sa tacar sonraí 'Persons at risk of poverty or social exclusion by NUTS regions' [Daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ó thaobh réigiúin NUTS] le haghaidh 2021 https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/ilc_peps11n/default/table?lang=ga.

[25] I ndoiciméad inmheánach oibre an Choimisiúin an 3 Bealtaine 2022 dar teideal Outermost regions at a glance – assets, challenges and opportunities [Sracfhéachaint ar na réigiúin is forimeallaí – sócmhainní, dúshláin agus deiseanna] (SWD(2022)0133), léirítear gurbh ionann an OTI i gcaighdeáin chumhachta ceannaigh in aghaidh an chéatadáin áitritheora sna RFannain 2020 agus 60 % de mheán AE-27 https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/policy/themes/outermost-regions/rup-2022/comm-rup-2022-glance_ga.pdf.

27. á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú leis na Ballstáit ábhartha chun ‘réimsí atá dírithe ar an bhfostaíocht’ a chruthú agus a fhorbairt in RFanna, lena n-áirítear trí shaorlimistéir, d’fhonn tacú le téarnamh eacnamaíoch, cruthú post agus forbairt scileanna sna réigiúin sin, go háirithe do dhaoine óga agus do mhná; á chur i bhfáth gur cheart go ndíreodh na réimsí sin ar na hearnálacha is leochailí agus/nó is mó a bhfuil gealladh fúthu, agus dálaí oibre cuibhiúla agus na rialacha sláinte agus sábháilteachta ceirde is infheidhme á gcosaint ag an am céanna; á chur i bhfáth gur gá margaí áitiúla a threisiú, táirgeadh táirgí áitiúla a chur chun cinn, inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a fheabhsú, lena n-áirítear an turasóireacht, agus cothú cumais nuálaíocht eacnamaíoch a mhéadú;

28. á chur i bhfáth nár cailleadh tuilleadh post mar gheall ar na bearta tacaíochta don gheilleagar agus do mhargadh an tsaothair a glacadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, amhail an córas státchabhrach a mhaolú, Cúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU) agus pacáistí CRII (an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas) agus CRII+; á chur i bhfáth go bhfuil gá le meastóireacht chríochnúil a dhéanamh ar na beartais náisiúnta agus na cláir tacaíochta a cuireadh i bhfeidhm in RFanna chun éifeachtaí phaindéim COVID-19 ar an bhfostaíocht a mhaolú, d’fhonn ionstraimí éifeachtacha a shainaithint lena n-úsáid go leanúnach agus amach anseo;

29. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an Líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta (EURES) agus ag tarraingt aird ar leith ar riachtanais tosaíochta mhargadh an tsaothair i ngníomhaíochtaí EURES, chun cabhrú le daoine dífhostaithe filleadh ar an bhfostaíocht agus chun saorghluaiseacht oibrithe chun RFanna a éascú;

30. ag cur béim ar an ról tábhachtach atá ag an ngeilleagar sóisialta in RFanna, mar chomhpháirtí de chuid na n-údarás réigiúnach agus áitiúil chun na srianta a bhaineann leis an iargúltacht, leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta a chomhrac, agus chun poist a chruthú agus tionscnaimh a fhorbairt sna réigiúin sin; á iarraidh ar an gCoimisiún rannpháirtíocht RFanna i líonra Réigiúin Gheilleagar Sóisialta na hEorpa a áirithiú;

31. á chur in iúl gur saoth léi na rátaí dífhostaíochta, na rátaí luathfhágálaí scoile agus na rátaí bochtaineachta i RFanna, atá i staid an-leochaileach i gcomparáid le críocha eile AE, atá níos measa toisc comhthéacs reatha géarchéimeanna iolracha agus casta, staid a éilíonn dlúthpháirtíocht Eorpach níos mó;

32. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle an leas is fearr is féidir a bhaint as an gcistiú atá ar fáil faoi CAI 2021-2027 gan dochar do na cláir a bunaíodh cheana faoi CSE+, tar éis fadhbanna struchtúracha a bhaineann le dífhostaíocht i measc an ógra agus leis an mbochtaineacht; á mheabhrú go bhfuil tionchar ar leith ag na saincheisteanna sin ar RFanna agus, dá bhrí sin, go dteastaíonn tacaíocht shonrach uathu;

33. á thabhairt chun suntais na deacrachtaí a bhaineann le gairmithe a mhealladh agus a choinneáil i réimsí áirithe; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfar bearta sonracha chun réitigh éifeachtacha a sholáthar chun díriú ar an bhfadhb sin, lena n-áirítear trí imchlúdach buiséadach breise do CSE+;

34. á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, infhaighteacht cistí faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) le haghaidh bearta atá tiomnaithe do leanaí agus do dhaoine óga agus go bhfuil sí ag dréim leis go gcruthófar deiseanna suntasacha do dhaoine óga san Eoraip mar thoradh air sin; á iarraidh go mbeidh comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí óige rannpháirteach san fhaireachán agus sa mheastóireacht ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta; á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go dtacóidh an ciste um aistriú cóir agus CSE+ le pleananna comhtháite ar an leibhéal áitiúil chun cuidiú le huas-sciliú agus athsciliú, go háirithe do na grúpaí is leochailí dá ndéanann an t-aistriú difear;

35. á mheabhrú gurb ionann daoine óga agus sciar ard de dhaonra RFanna; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá daoine óga d'athbheochan na n-earnálacha traidisiúnta in RFanna, amhail an t-iascach, ós rud é go bhfuil gairmithe cáilithe agus oilte de dhíth ar earnáil iascaigh atá iomaíoch, athléimneach agus cothrom ó thaobh na sochaí de; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit daoine óga a mhealladh isteach san earnáil phríomhúil trí dheiseanna nua fostaíochta agus cistiú gaolmhar a chur ar fáil agus trí bhearta lena bhfeabhsaítear dálaí saothair, amhail cúrsaí oiliúna sonracha, tuarastail chothroma agus dóthanacha, agus comhionannas inscne agus bearta maidir le cothromaíocht oibre is saoil; á iarraidh ar na Ballstáit rochtain ar thalamh a éascú d'fheirmeoirí óga in RFanna; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé scileanna glasa agus deiseanna fostaíochta inbhuanaithe a fhorbairt i ngeilleagar ciorclach atá neodrach ó thaobh carbóin de, tíosach ar fhuinneamh;

36. á chur i bhfáth go bhfuil an geilleagar neamhfhoirmiúil forleathan in RFanna, rud a fhágann gur deacair anailís chruinn a dhéanamh ar fhigiúirí fostaíochta agus beartais shóisialta a chur chun feidhme go héifeachtach; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit obair neamhdhearbhaithe a chomhrac, mar shampla, trí bhíthin córais dreasachta agus uirlisí dearbhaithe simplithe;

37. á iarraidh ar an gCoimisiún deiseanna feabhsaithe don tsoghluaisteacht a chruthú trí Erasmus gorm agus glas, a bheidh bunaithe ar shamhail Erasmus+, chun a chur ar chumas daoine óga leas a bhaint as na deiseanna, ó thaobh oiliúna agus gairmeacha nua de, arna gcruthú in earnálacha an gheilleagair ghoirm, an gheilleagair chiorclaigh agus an aistrithe ghlais i gcoitinne;

38. á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach rannpháirtíocht RFanna in Erasmus+ a mhéadú agus á chur i bhfios go láidir gur cheart don Choimisiún agus do na heintitis náisiúnta aird ar leith a thabhairt ar acmhainneacht RFanna daoine óga a óstáil ar scéimeanna soghluaisteachta sna hearnálacha sin, go háirithe trí chumarsáid spriocdhírithe agus feachtais tacaíochta shonracha chun rannpháirtithe a ghlacadh agus a sheoladh; á chur in iúl gur geal léi go n-úsáidfidh an Coimisiún Interreg chun cláir soghluaisteachta foghlama réigiúnacha a fhorbairt tuilleadh i sineirgíocht le Erasmus+; á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún agus ar na gníomhaireachtaí ábhartha comhpháirtíochtaí comhair a fhorbairt le tíortha neamh-AE atá i gcomharsanacht RFanna faoi chlár Erasmus+ chun malartuithe ollscoile agus malartuithe gnó le RFanna a chur chun cinn tuilleadh;

39. á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún oibriú leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí náisiúnta Erasmus+ chun cosaint agus tacaíocht níos fearr a áirithiú do dhaoine óga ó

RFanna a ghlacann páirt i gclár soghluaisteachta Erasmus i gcodanna eile de AE, i gcomhréir le Caibidil V maidir leis an Rialachán lena mbunaítear Erasmus+ a chuimsiú,[26]go háirithe trí réamh-mhaoiniú don tsoghluaisteacht, trí fhóirdheontais shonracha bhreise agus trí thacaíocht fheabhsaithe;

40. á iarraidh go nglacfadh níos mó daoine óga ó RFanna páirt san obair dheonach agus sna tionscadail dlúthpháirtíochta áitiúla a chuir an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar fáil;

41. ag tacú le bearta maidir le haosú gníomhach a chur chun cinn sna réigiúin sin, amhail raon feidhme ghníomhaíochtaí 'spóirt' chlár Erasmus+ a leathnú chun tionscnaimh lena gcuirtear gníomhaíocht choirp do dhaoine scothaosta chun cinn agus gníomhaíochtaí spóirt idirghlúine a áireamh; ag tacú, thairis sin, mar chuid de chur chuige foghlama ar feadh an tsaoil, le dreasachtaí chun líonra Eorpach ollscoileanna sinsearacha a chur ar bun in RFanna, is ollscoileanna a bhfuil uirlisí foghlama sonracha acu agus rochtain acu ar fhaisnéis, ar dhea-chleachtas agus ar mhalartuithe mac léinn a chomhroinnt;

42. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit nó le RFanna, nó leo araon, de réir mar is infheidhme, chun plean gníomhaíochta a fhorbairt, a luaithe is féidir, chun dul i ngleic le luathfhágáil na scoile in RFanna, chomh maith le díriú ar bhunchúiseanna na faidhbe sin agus malartú dea-chleachtas a spreagadh chun réitigh nithiúla a bhaint amach; ag cur béim ar shamhail na 'scoile athdheise', a fhaigheann tacaíocht ó CSE, a chruthaigh go héifeachtach ó thaobh luathfhágálaithe scoile a chur ar ais in oiliúint agus i bhfostaíocht; á iarraidh go seolfaí treoirthionscadail in RFanna lena ndíreofar ní hamháin ar na hábhair imní sin, ach freisin ar an ngeilleagar gorm agus ar an oiliúint, chomh maith le tacú leis an nuálaíocht agus leis an taighde, d'fhonn ról ceannasach a thabhairt do na réigiúin sin i rialachas na n-aigéan;

43. á thabhairt chun suntais gur féidir le cur chun cinn na hoiliúna agus an deimhnithe in RFanna gairmithe níos ardcháilithe agus níos oilte a chruthú a bhíonn níos airdeallaí de ghnáth agus atá níos oscailte d'athruithe iompraíochta a chur chun feidhme, amhail níos mó oscailteachta maidir le húsáid teicneolaíochtaí nua; á mheabhrú gur cheart oiliúint chuí do chách, d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus don tsochaí shibhialta a bheith ag gabháil leis an aistriú digiteach agus le húsáid teicneolaíochtaí nua;

44. á iarraidh ar an gCoimisiún rannpháirtíocht shaoránaigh RFanna, go háirithe daoine óga, i gcláir Eorpacha a chur chun cinn go héifeachtach agus a fheachtais faisnéise a threisiú in áiteanna iargúlta;

45. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur féidir leis an bhfiontraíocht deiseanna fostaíochta a chruthú in RFanna; á chur in iúl gurb oth léi nach raibh na leibhéil rannpháirtíochta a rabhthas ag súil leo sa ghlao ar thograí 'An óige a chumhachtú i Réigiúin is Forimeallaí AE'; á iarraidh go bhfeabhsófar feachtais chumarsáide maidir leis na tograí sin, ag cosaint an tionscnamh a leathnú chun daoine suas go dtí 30 bliain d'aois, agus ag tathant ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha tuilleadh faisnéise a chur ar fáil maidir le tionscnaimh shonracha reatha do RFanna, agus do dhaoine óga go háirithe, a dtacaíonn AE leo;

---

[26] Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 (IO L 189, 28.5.2021, lch. 1).

46. á chur i bhfáth gur cúis mhór imní í staid shóisialta na ndaoine óga in RFanna agus á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin CSE+ a úsáid chun oideachas, oiliúint, soghluaisteacht agus fostaíocht daoine óga a fheabhsú; á iarraidh ar an gCoimisiún, mar sin, gníomhaíochtaí sonracha a fhorbairt maidir le hoiliúint, foghlaim, forbairt agus tiontú scileanna sna réigiúin sin, go háirithe mar chuid de Bhliain Eorpach na Scileanna in 2023, agus a áirithiú go ndéanfar an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg a imscaradh go cuí ina gcríocha; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cláir phrintíseachta agus seirbhísí gairmoiliúna a bhunú do dhaoine óga a úsáideann cistí AE, go háirithe CSE+, agus á iarraidh ar fhostóirí soláthar printíseachtaí níos éifeachtaí i gcomhréir leis an gCreat Eorpach do Phrintíseachtaí Ardchaighdeáin agus Éifeachtacha a fheabhsú; á chur i bhfáth, sa chéill sin, a thábhachtaí atá cláir chun an taithí a fuarthas a bhailíochtú i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil;

47. á chur in iúl gur geal léi cruthú thionscnamh ALMA (Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh) chun daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste a chuimsiú go gníomhach; á chur i bhfáth go bhfuil spéis ar leith ag RFanna sa tionscnamh sin, i gcás go bhfuil go leor NEETanna iontu; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh acmhainní airgeadais dóthanacha ag gabháil leis an tionscnamh sin chun an líon is mó tairbhithe is féidir a áirithiú; á chreidiúint gur cheart gníomhaíocht dhearfach a dhéanamh chun rannpháirtíocht daoine óga ó RFanna a áirithiú;

48. á chur i bhfios go láidir gur gá straitéisí a shainiú chun imirce daoine oilte a chomhrac agus tarraingteacht RFanna a mhéadú, go háirithe do dhaoine óga; á thabhairt chun suntais, dá bhrí sin, a ábhartha atá an teachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2023 dar teideal ‘Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa’[27] do RFanna; ag moladh, sa chomhthéacs sin, tacaíocht agus cúnamh a mhéadú d’institiúidí ardoideachais sna réigiúin sin, agus dá ngairmscoileanna, ionas gur féidir leo iad féin a fheistiú ar shlí níos fearr agus cáilíocht an réimse oiliúna a chuireann siad ar fáil a fheabhsú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú le geallsealbhóirí áitiúla, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, na hollscoileanna, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na húdaráis áitiúla, chun ionaid ilfhreastail dhigiteacha a bhunú chun cabhrú le cuardaitheoirí poist óga; á thabhairt chun suntais gur gá deiseanna fostaíochta a fhorbairt agus a éagsúlú chun caighdeáin chuibhiúla mhaireachtála a chumasú;

49. á chur i bhfáth gur gá comhionannas inscne a áirithiú, chomh maith le cumhachtú sóisialta, eacnamaíoch agus polaitiúil na mban in Rfanna, lena n-áirítear trí bheartas comhtháthaithe, trí rochtain ar phoist ardcháilíochta a chur chun cinn, agus pá comhionann agus luach saothair cóir; á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht le cúram leanaí inacmhainne, chomh maith le hidirdhealú, foréigean inscnebhunaithe agus gnéaschiapadh a chomhrac, go háirithe san ionad oibre; á chur i bhfáth, thairis sin, gur gá rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a chur chun cinn chun borradh a chur faoi rátaí fostaíochta;

50. á chur i bhfáth go bhfuil cur chun feidhme éifeachtach na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí ríthábhachtach chun bochtaineacht leanaí a chomhrac in Rfanna, go háirithe maidir le rochtain ar chúram sláinte a ráthú agus chun fáinne fí na bochtaineachta idirghlúine a bhriseadh; á iarraidh ar na Ballstáit bearta sonracha do RFanna a áireamh ina

[27] COM(2023)0032.

bpleananna náisiúnta cur chun feidhme i gcás na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí agus san athbhreithniú a dhéanfar ar na pleananna sin; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá ceaintíní scoile chun a áirithiú go bhfaighidh leanaí in RFanna cothú cuí agus, i mórán cásanna, go mbeidh béilí rialta acu; á athdhearbhú, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá scéim scoile an Aontais um thorthaí, glasraí agus bainne, ar cheart leochaileacht na réigiún sin a chur i gcuntas inti; á iarraidh, go háirithe, go ndéanfaí straitéisí náisiúnta na scéime scoile a oiriúnú chun freagairt níos fearr do riachtanais RFanna;

51. á chur i bhfáth gur ábhar imní freisin iad an daonra atá ag dul in aois, an méadú ar an meánionchas saoil agus an laghdú ar an ráta breithe in RFanna, ós rud é go bhfuil laghdú ar an lucht saothair agus dúshláin shuntasacha do chórais slándála sóisialta mar thoradh orthu; á chreidiúint i mbuntáistí na nasc idirghlúine a chruthú a d'fhéadfaí a fheabhsú trí chláir mheantóireachta chun comhroinnt eolais agus tacaíocht aonair do dhaoine óga agus do chuardaitheoirí poist a neartú; ag tabhairt dá haire go mbeadh RFanna ina gcríocha oiriúnacha chun beartais shóisialta nuálacha a fhorbairt amhail 'conair an tríú deis' arna díriú ar dhaoine de gach aois a bhíonn ag obair a ath-imeascadh sa tsochaí agus i margadh an tsaothair nó ar chúram daoine scothaosta, i bhfianaise an daonra atá ag dul in aois; ag tathant ar na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla atá i gceannas ar an oideachas agus ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, mar aon le comhpháirtithe sóisialta, creat dlíthiúil a chur i bhfeidhm chun cuideachtaí a spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh i gcláir agus i mbearta atá dírithe ar lánpháirtiú gairmiúil a ráthú agus cuimsiú grúpaí leochaileacha a bhféadfadh bearta spriocdhírithe breise a bheith ag teastáil uathu a chur chun cinn;

52. á iarraidh ar an gCoimisiún díriú ar chosc, ath-imeascadh sa tsochaí agus filleadh ar an bhfostaíocht agus straitéis drugaí AE á cur chun feidhme aige; á iarraidh ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le cistiú Eorpach d'ionaid theiripeacha in RFanna, atá dírithe ar chúram a dhéanamh d'andúiligh drugaí, iad a athshlánú agus a ath-imeascadh i margadh an tsaothair; ag tabhairt rabhaidh faoi andúil nua in RFanna faoi láthair, go háirithe faoin méadú atá tagtha ar úsáid drugaí sintéiseacha a bhfuil rioscaí tromchúiseacha ag gabháil léi do mheabhairshláinte daoine óga, agus gur cheart aird ar leith a thabhairt uirthi[28];

53. ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé Beartas Imirce AE atá dea-chomhordaithe, daonnúil, éifeachtach agus sábháilte a bheith ann, a chuireann dálaí sonracha RFanna, go háirithe iad siúd a dhéileálann le sreabha móra imirce, i gcuntas; ag tarraingt aird ar leith ar riachtanais RFanna a dhéileálann leis an imirce, lena n-áirítear daoine atá i staideanna leochaileacha amhail mionaoisigh neamhthionlactha, mar is amhlaidh sna hOileáin Chanáracha, a bhfuil riachtanais shonracha acu chun tacú lena gcuimsiú sóisialta;

54. á áitiú gur gá do AE cistiú iomchuí agus saincheaptha a chur ar fáil chun na dúshláin shonracha imirce sin a bhainistiú agus á mholadh go ndéanfaí acmhainní an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) a shlógadh chun tacaíocht dhóthanach a chur ar fáil d'iarrachtaí na mBallstát i réimse na himirce; á iarraidh, chuige seo, ar bhearta críochacha chun rochtain RFanna ar AMIF a éascú; á mholadh go seolfaí treoirthionscadail le haghaidh comhtháthú, cuimsiú, oiliúint agus soláthar seirbhísí i

[28] Relatório anual 2021 – a situação do país em matéria de drogas e toxicodependências, 2022, lch. 20, https://www.sicad.pt/BK/Publicacoes/Lists/SICAD_PUBLICACOES/Attachments/178/RelatorioAnual_2021_%20ASituacaoDoPaisEmMateriaDeDrogasEToxicodependencias.pdf.

réimsí sin RFanna a dtagann líon mór daoine isteach iontu; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar foráil i gcláir ábhartha na mBallstát faoin Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais do Theorainneacha a Bhainistiú agus don Bheartas Víosaí maidir le tacaíocht dhóthanach do RFanna;

55. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cabhrú le RFanna imirce neamhrialta a bhainistiú ag a dteorainneacha; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an fhéidearthacht a bhreithniú tacaíocht oibríochtúil a iarraidh ar ghníomhaireachtaí AE, lena n-áirítear in Mayotte agus Guáin na Fraince, chun cabhrú leis na húdaráis áitiúla, go háirithe in áiteanna ina bhfuil an líon is mó imirceach ag teacht isteach go neamhrialta;

56. á iarraidh go gcuirfí chun feidhme Treoir 2001/55/CE an 20 Iúil 2001 agus na bearta nua a tugadh isteach le Rialachán CARE[29] chun fíor-dhlúthpháirtíocht a áirithiú le linn freagairt do shreabha imirce ó limistéir ina bhfuil coinbhleacht go háirithe;

***Rialachas na n-aigéan agus acmhainneacht an gheilleagair ghoirm in RFanna***

57. ag tathant ar an gCoimisiún RFanna a ghlacadh mar thagarmharc an Aontais Eorpaigh i réimsí rialachas na n-aigéan, eolas na n-aigéan, an gheilleagair ghoirm agus na hiascaireachta;

58. á mheabhrú go bhfuil cabhlach iascaireachta RFanna sean agus, i gcásanna áirithe, an-díghrádaithe, rud atá ina bhaol d’iascairí agus don chomhshaol; á chur i bhfáth gur gá leanúint don infheistiú i nuachóiriú an chabhlaigh iascaireachta, lena n-áirítear an cabhlach iascaireachta ar mhionscála traidisiúnta, chun sábháilteacht agus ar dhálaí oibre d’iascairí a fheabhsú, daoine nua a mhealladh, go háirithe daoine óga, chun earnáil na hiascaireachta, astaíochtaí $CO_2$a laghdú, agus dálaí stórála agus caomhnaithe gabhála a fheabhsú; á thabhairt chun suntais go bhfuil na bearta sin ríthábhachtach chun go mbeidh earnáil an iascaigh ábalta leanúint, go sábháilte agus go slán, de bhia sláintiúil a chur ar fáil agus d’aistriú i dtreo neamhspleáchas bia sna réigiúin sin a chumasú, is réigiúin nach bhfuil chomh trom céanna ar an gcomhshaol;

59. á chur in iúl gurb oth léi nach dtacaíonn CEMID fós le hathchóiriú cabhlach trí cheannach soithí nua a chumhdach; á mheabhrú go gcuimsíonn CEMID forálacha i gcomhair pleananna gníomhaíochta na mBallstát do RFanna, lena n-áirítear tacaíocht struchtúrach d’earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe; á mheabhrú go ligtear le CEMID tacú le soithí iascaireachta a fháil d’iascairí óga;

60. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú níos dlúithe le chéile chun cistí a chur ar fáil go pras chun cabhlaigh iascaireachta a athnuachan in RFanna, agus an chothromaíocht idir acmhainneacht iascaireachta agus deiseanna iascaireachta in RFanna á cur i gcuntas, agus tacú le haistrithe glasa agus digiteacha earnálacha iascaigh na réigiún sin le cabhair ó theicnící iascaireachta ísealtionchair; á iarraidh ar an gCoimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar na táscairí éiceolaíocha, eacnamaíocha agus

[29] Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE)(COM/2022/0109).

teicniúla a socraíodh chun teacht ar chothromaíocht idir acmhainneacht cabhlaigh agus deiseanna iascaireachta, agus saintréithe sonracha na RFanna á gcur i gcuntas, agus tacaíocht a lamháil do na gléasanna comhbhailiúcháin éisc ar mhionscála atá fréamhaithe in RFanna agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar a threoirlínte maidir le Státchabhair d'earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe; á chur i bhfáth, thairis sin, gur gá dlús a chur le bailiú na sonraí eolaíocha is gá in RFanna;

61. á mheabhrú gur gheall an Coimisiún tuarascáil eatramhach a scríobh ar chaibidil CEMID ar RFanna agus anailís a dhéanamh ar an ngá atá ag RFanna le rialachán uathrialach le haghaidh iascaigh; á iarraidh ar an gCoimisiún clár oibríochtúil airgeadais sonrach a bhunú d'earnálacha an iascaigh agus an dobharshaothraithe in RFanna iar-2027, a bheadh comhchosúil i bhfeidhmiú chlár POSEI; á chur i bhfios gur cheart go bhféachfadh scéim den sórt sin leis na costais bhreise agus na deacrachtaí struchtúracha a bhíonn ag iascairí in RFanna a fhritháireamh agus infheistíochtaí struchtúracha á maoiniú chun cabhrú leis an earnáil a fhorbairt;

62. á chur i bhfios go bhfuil a stádas ar AE mar phríomhchumhacht mhuirí an domhain den chuid is mó ag EEZanna in RFanna; á chur in iúl gurb oth léi nach leagtar dóthain béime le CEMID ar ghnóthaí muirí ina leith sin agus á iarraidh go ndéanfaí an ghné sin a neartú;

63. ag cosaint a thábhachtaí atá sé iascairí RFanna a chúiteamh go héifeachtach as a n-iarrachtaí sprioc an Choimisiúin a bhaint amach, is é sin 30 % de limistéir mhuirí AE a chosaint faoi 2030; á mheas gur cheart go mbeadh na limistéir mhuirí faoi chosaint ina n-uirlis chun cosaint gnáthóg agus éiceachóras a chur ar comhréir le hinmharthanacht shocheacnamaíoch earnáil an iascaigh;

64. á chur i bhfios gur féidir le hiascairí áitiúla a n-ioncam a mhéadú trí limistéir mhuirí faoi chosaint a shainiú, rud a fhágann méadú ar an bhfostaíocht áitiúil in earnáil an iascaigh agus méadú ar ghníomhaíochtaí áineasa, rud a chuireann borradh faoi dheiseanna fáis in earnálacha amhail an turasóireacht inbhuanaithe; á chur i bhfios go láidir, má chruthaítear i gceart é, le comhairliúchán poiblí cuí le húdaráis áitiúla agus le geallsealbhóirí, go háirithe iascairí, gur cuid bhunúsach de speicis a chosaint agus a athshlánú an sainmhíniú ar na limistéir faoi chosaint sin, chomh maith leis na hearnálacha cósta atá ag brath orthu[30];

65. á chur i bhfios go bhfuil tionchar ar leith ag éifeachtaí an athraithe aeráide, an truaillithe mhuirí agus na hiascaireachta neamhdhleathaí ar na RFanna; ag cur béim ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag na RFanna maidir leis an iascaireacht neamhdhleathach agus truailliú na n-aigéan a chomhrac, maidir leis an mbithéagsúlacht mhuirí a chaomhnú agus maidir leis an aistriú chuig geilleagar gorm inbhuanaithe;

66. á chur in iúl gur geal léi an moladh ón gCoimisiún glao ar thograí a eisiúint maidir le straitéisí chun an geilleagar gorm a chur chun cinn sna RFanna agus ag tathant ar an gCoimisiún arís an t-éileamh sin a chur i ngníomh a luaithe is féidir; ag cur béim, ina leith sin, ar an ról lárnach atá ag earnálacha na hiascaireachta agus an dobharshaothraithe i bhforbairt shocheacnamaíoch inbhuanaithe na RFanna; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun aghaidh a

[30] https://www.europarl.europa.eu/thinktank/ga/document/IPOL_STU(2022)733087.

thabhairt ar chúiseanna na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN), an truaillithe agus an athraithe aeráide sna RFanna, mar gheall ar an méid a chuireann siad le cailliúint thromchúiseach na bithéagsúlachta muirí, agus a mbeartais earnála a athchóiriú dá réir sin; á iarraidh ar an gCoimisiún infheistíochtaí inbhuanaithe a chistiú chun aghaidh a thabhairt ar iomadú ollmhór feamainne Sargassum, a bhfuil tionchar ar leith aici ar na réigiúin sin, le hiarmhairtí tromchúiseacha diúltacha comhshaoil agus socheacnamaíocha; á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún lárionad Eorpach a bhunú i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara chun truailliú muirí ó phlaisteach a chomhrac;

67. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá pleanáil spásúil mhuirí atá comhoibríoch, cuimsitheach agus trasearnála sna RFanna lena gcuirtear i gcuntas ábhair imní shocheacnamaíocha, chomhshaoil agus bhithéagsúlachta;

*Talmhaíocht mar cheann de cholúin forbartha na RFanna*

68. á mheas gur cheart POSEI a choinneáil mar chlár buan AE atá nasctha leis an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) agus a chistítear ó acmhainní AE; á mheabhrú nach bhfuil méadú tagtha ar an leithdháileadh buiséid do scéim talmhaíochta POSEI ó 2009 i leith, ná nach bhfuil sé tugtha cothrom le dáta don bhoilsciú, rud a bhfuil tearcmhaoiniú ainsealach mar thoradh air, arna ghéarú toisc go bhfuil an daonra i roinnt RFanna ag méadú go seasta; á chur in iúl gur oth léi freisin nár tháinig aon mhéadú ar leithdháileadh POSEI mar fhreagairt ar RF a dhéanamh de Mayotte; á chreidiúint gur cheart go dtarlódh an méadú sin a luaithe is féidir agus á chur in iúl gur oth léi gur caitheadh go neamhfhabhrach leis na RFanna in athbhreithnithe ar chistiú tacaíochta talmhaíochta; ag moladh, dá bhrí sin, méadú suntasach a dhéanamh ar na leithdháiltí reatha do scéim talmhaíochta POSEI, lena n-áirítear cabhair a sholáthraítear faoi na socruithe sonracha soláthair, i gcomhthéacs athbhreithniú meántéarma CAI nó i gcomhthéacs CAI iar-2027, chun tacaíocht níos fearr a thabhairt don táirgeadh áitiúil sna RFanna i bhfianaise costais bhreise atá ag ardú, agus chun athléimneacht i slabhraí soláthair a chomhdhlúthú agus a fheabhsú, ach freisin chun tacú le hiarrachtaí éagsúlaithe talmhaíochta, lena n-áirítear le haghaidh tomhaltas áitiúil, chun cuidiú leis na RFanna neamhspleáchas bia níos fearr a bhaint amach; á chreidiúint gur cheart na tosca thuasluaite go léir a chur i gcuntas leis an méadú sin; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta POSEI agus forbartha tuaithe a ailíniú go dlúth, i bhfianaise an idirspleáchais láidir idir an dá chineál tacaíochta;

á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach leanúint d'fheabhas a chur ar chomhlántacht, trédhearcacht agus comhleanúnachas idir POSEI agus cistí eile de chuid an Aontais;

69. á iarraidh go n-úsáidfí POSEI chun aitheantas a thabhairt do bharra agus táirgí réigiúnacha agus chun iad a chur chun cinn mar chuid d'oidhreacht stairiúil agus chultúrtha na réigiún is forimeallaí agus dá bhféiniúlacht;

70. á áitiú gur cheart do na RFanna leanúint de bhearta forbartha tuaithe dá gcuid féin a cheapadh, a chur chun feidhme agus a bhainistiú, ar chun na críche sin atá struchtúr réigiúnaithe bunriachtanach, ionas gur féidir le réigiúin leanúint ar aghaidh (go háirithe ó 2028) lena mbearta féin a fhorbairt, le húdarás bainistíochta réigiúnach, chomh maith le coistí faireacháin réigiúnacha; á iarraidh go mbunófar bealach cumarsáide díreach idir

na rialtais réigiúnacha agus an Coimisiún ionas go ndéanfar CBT a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go hiomchuí, go héifeachtúil agus go héifeachtach;

71. á athdhearbhú gur gá rátaí cómhaoinithe do na RFanna a athbhunú go 85 % sa Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), rud atá ríthábhachtach d'fheirmeacha teaghlaigh agus d'fheirmeoirí beaga;

72. ag moladh méadú ar an imchlúdach airgeadais chun táirgí ó na RFanna a chur chun cinn agus ráta cómhaoinithe 90 % d'fheachtais fógraíochta den sórt sin;

73. á chur i bhfáth gur minic a bhíonn teagmhais dhíobhálacha aeráide sna réigiúin is forimeallaí, ar teagmhais iad a bhfuil baint shuntasach acu le hathrú an tírdhreacha, agus a mbíonn méideanna feirme atá níos lú iontu mar thoradh ar an athrú sin, rud a fhágann go mbíonn costais táirgthe níos airde i gceist agus nach dtéann barainneachtaí scála chun tairbhe dóibh; ag tathant ar an gCoimisiún, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tacaíocht chúpláilte a leithdháileadh ar tháirgeoirí áitiúla chun an slabhra luacha iomlán a neartú in imthosca deacra comhchosúla, i gcomhthráth le coigeartú tapa ar nósanna imeachta maoiniúcháin i gcás imthosca díobhálacha tromchúiseacha;

74. á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht le forbairt chríochach chomhtháite sna réigiúin is forimeallaí, amhail comhordú an chomhphobail ar infheistíocht agus ar an bhforbairt áitiúil, agus le cur chun cinn tionscnamh amhail 'sráidbhailte cliste' chun tacú leis an talmhaíocht inbhuanaithe agus le táirgeadh inbhuanaithe bia;

75. á chur in iúl gur geal léi gealltanas an Choimisiúin, faoina theachtaireacht maidir le fís fhadtéarmach do cheantair thuaithe[31], go n-áireofaí anailís ar na réigiúin is forimeallaí faoi raon feidhme Fhaireachlann an Aontais Eorpaigh um an Tuath; á mheas go bhféadfadh sé go mbeadh an Fhaireachlann um an Tuath ina hacmhainn luachmhar chun bearnaí sonraí a shainaithint agus chun feabhas a chur ar bhunachair sonraí staidrimh maidir leis na réigiúin is forimeallaí, rud a thabharfadh léargas iomlán ar riachtanais a bpobail tuaithe;

76. á chur i bhfáth nach mór cur chun feidhme na straitéise bithéagsúlachta nua sna réigiúin is forimeallaí a chomhordú le hiarrachtaí chun forbairt inbhuanaithe na n-earnálacha talmhaíochta agus foraoiseachta a neartú agus nach mór gnéithe sonracha geografacha agus aeráide na réigiún sin a chur i gcuntas i gcur chun feidhme na straitéise; á thabhairt chun suntais, sna réigiúin iargúlta sin, gurb í an fheirmeoireacht bunchloch an gheilleagair áitiúil, agus go bhféadfadh ceanglais 'ghlasa' an Choimisiúin bac a chur ar iomaíochas na bhfeirmeoirí; á mheabhrú go bhfuil sé ráite ag an gCoimisiún 'go mbeidh athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna, agus go ndéanfar coigeartú air más gá, chun tionchar míchuí ar an mbithéagsúlacht, ar shlándáil bia agus ar iomaíochas feirmeoirí a mhaolú'[32]; á iarraidh go dtabharfaí níos mó

[31] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2021 dar teideal A long-term Vision for the EU's Rural Areas – Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040 [Fís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh – I dtreo ceantair thuaithe a bheidh níos láidre, nasctha, athléimneach agus rathúil faoi 2040] (COM(2021)0345).

[32] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal EU Biodiversity Strategy for 2030 – Bringing nature back into our lives [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM(2020)0380).

tacaíochta d'fheirmeoirí chun cleachtais agrai-éiceolaíocha atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht a fhorbairt, lena n-áirítear trí rátaí cistiúcháin agus cómhaoinithe níos airde; á iarraidh ar na Ballstáit an úsáid is fearr a bhaint as na cistí atá ar fáil faoin gclár LIFE;

77. á chur i bhfáth go bhfuil éiceachórais a bhfuil ardluach éiceolaíoch acu sna réigiúin is forimeallaí, ach nár cheart breathnú air sin mar bhagairt d'fhorbairt chothrom na hoibre táirgiúla in earnáil na talmhaíochta;

78. ag tabhairt dá haire go n-iarrtar sa togra maidir leis an straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc' go ndéanfadh an tAontas úsáid táirgí cosanta plandaí a theorannú tuilleadh; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, nach mór saintréithe sonracha na n-aeráidí trópaiceacha agus fothrópaiceacha sna réigiúin is forimeallaí a chur i gcuntas; á chur i bhfáth go bhfuil roinnt de na réigiúin is forimeallaí lonnaithe i dtimpeallachtaí meánchiorclacha trópaiceacha, fothrópaiceacha agus bogthaise, ar timpeallachtaí iad atá an-fhabhrach d'fhorbairt galar, agus go bhfuil siad, dá bhrí sin, faoi mhíbhuntáiste tromchúiseach, i gcomparáid leis an ilchríoch agus le tríú tíortha, maidir le táirgí cosanta plandaí chun freastal ar a riachtanais agus lotnaidí a chomhrac; á thabhairt chun suntais gur gá, dá bhrí sin, taighde a chur chun cinn, le cistiú méadaithe, ar réitigh mhalartacha nua atá curtha in oiriúint do na críocha sin chun táirgeadh talmhaíochta a choimirciú agus inmharthanacht feirmeoirí a áirithiú sna réigiúin is forimeallaí; á thabhairt chun suntais, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá sé cleachtais agrai-éiceolaíocha agus cur i bhfeidhm teicnící nuálacha táirgthe a chur chun cinn, lena n-áirítear teicnící nua i leith géanómaíochta; á thabhairt dá haire go bhfuil sé deacair rochtain a fháil ar ionchuir thalmhaíochta áirithe i roinnt de na réigiúin is forimeallaí, go háirithe na hionchuir sin atá neamhdhíobhálach don chomhshaol; á áitiú nár cheart go mbeadh aon rochtain ar mhargadh an Aontais do tháirgí nach gcomhlíonann caighdeáin AE agus a d'fhéadfadh slándáil agus sábháilteacht bia agus sláinte a chur i mbaol ar fud an Aontais, amhail bananaí ó thríú tíortha lena n-úsáidtear cainníochtaí ollmhóra d'oibreáin um chosaint plandaí nach bhfuil údaraithe san Aontas;

79. á iarraidh ar an gCoimisiún teicnící nua géanómaíocha (NGT) a rialáil chun freagairt chomh tapa agus is féidir don ghá atá ann roghanna malartacha ar úsáid táirgí cosanta plandaí a laghdú agus a aimsiú d'fhonn an t-aistriú chuig an agrai-éiceolaíocht a bhaint amach;

80. á chur i bhfios gur féidir leis an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí nua, amhail líonraí digiteacha ardacmhainne a leathnú go rathúil agus as an bhfeirmeoireacht bheacht, an claochlú i dtreo talmhaíocht níos éifeachtúla, níos nua-aimseartha agus níos iomaíche a éascú, lena laghdaítear costais, lena gcuirtear feabhas ar fheidhmíocht agus lena n-íoslaghdaítear an tionchar ar an gcomhshaol;

81. á chur i bhfáth gur gá tacú le slabhraí soláthair gairide cúititheacha agus neamhdhíobhálach don chomhshaol agus le forbairt earnála feirmeoireachta lena dtugtar tús áite do tháirgí traidisiúnta ard-bhreisluacha, do thomhaltas áitiúil agus do réitigh ghlasa;

82. á athdhearbhú go bhfuil neamhspleáchas bia fós ina thosaíocht do na RFanna agus, cé go gcuirtear earnálacha traidisiúnta ar bhonn cobhsaí, gur gá dlús a chur le héagsúlú an táirgthe agus tacú leis;

83. á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht le struchtúr na n-earnálacha áitiúla maidir le slándáil bia a ráthú sna réigiúin is forimeallaí, ar réigiúin iad a bhíonn scoite amach go minic, agus ag moladh do gheallsealbhóirí agus do lucht ceaptha beartas poiblí úsáid a bhaint as forálacha uile chomheagrú na margaí (CEM), lena n-áirítear na forálacha a bhaineann go sonrach leis na réigiúin is forimeallaí; á chur in iúl gur geal léi cur in oiriúint forálacha áirithe CEM do riachtanais shonracha na réigiún is forimeallaí, agus á iarraidh ar an gCoimisiún foráil a dhéanamh, más gá, do thuilleadh coigeartuithe i gcomhthéacs an chéad athbhreithnithe eile ar CEM; á iarraidh ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar fhéidearthacht agus ar inmholtacht na bhforálacha a leagtar síos in Airteagal 22(a) de Rialachán (AE) 2228/2013 maidir le cláir POSEI[33] a leathnú chuig na réigiúin is forimeallaí uile, d'fhonn rialacha agus rannchuidithe eagraíochtaí idirchraoibhe a leathnú chuig oibreoirí nach comhaltaí de na heagraíochtaí sin iad, agus é mar aidhm leis sin slándáil bia agus neamhthuilleamaíocht a áirithiú;

84. ag tabhairt dá haire go bhfuil bainne agus táirgí gaolmhara réamhtheachtacha agus iartheachtacha ar cheann de cholúin bhunúsacha gheilleagar Réigiún Féinrialaitheach na nAsór; á aithint go bhfuil a dtábhacht shocheacnamaíoch agus líon na bpost díreach agus indíreach agus na seirbhísí díreacha agus indíreacha a sholáthraíonn siad fíor-riachtanach chun comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a áirithiú;

85. á mheas, le blianta beaga anuas, gur cuireadh iallach ar tháirgeoirí sna réigiúin is forimeallaí, cosúil leis na mílte táirgeoirí bainne ar fud AE, deireadh a chur leis an táirgeadh mar gheall ar na praghsanna fíorísle a íoctar le táirgeoirí, ar praghsanna iad nach ndéanann costais táirgthe a chúiteamh; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil an staid a dhéanann difear do tháirgeadh bainne doscartha ó léirscaoileadh mhargadh an bhainne agus ó dheireadh na gcuótaí táirgeachta, agus nach féidir é a réiteach ach amháin trí shásraí chun rialú a dhéanamh ar na margaí;

86. ag meabhrú an dearbhaithe chomhpháirtigh ón bParlaimint, ón gComhairle agus ón gCoimisiún atá i gceangal le Rialachán (AE) 2017/540[34] maidir leis an sásra cobhsaíochta do bhananaí, a athbhreithníodh nuair a chuaigh Eacuadór isteach i gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus an Cholóim/Peiriú, ina luaitear an méid seo a leanas: 'Leanfaidh an Coimisiún d'anailís a dhéanamh go tráthrialta ar staid an mhargaidh agus ar an staid maidir le táirgeoirí bananaí chuig an Aontas tar éis don sásra cobhsaíochta dul in éag. Má fhionntar go ndearnadh meath tromchúiseach ar staid an mhargaidh nó ar an staid maidir le tairgeoirí bananaí chuig an Aontas, i bhfianaise a

---

[33] Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle (IO L 78, 20.3.2013, lch. 23).

[34] Rialachán (AE) 2017/540 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 19/2013 lena gcuirtear chun feidhme clásal coimirce déthaobhach agus sásra cobhsaíochta do bhananaí an Chomhaontaithe Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 20/2013 lena gcuirtear chun feidhme clásal coimirce déthaobhach agus sásra cobhsaíochta do bhananaí an Chomhaontaithe lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile (IO L 88, 31.3.2017, p. 1).

thábhachtaí atá earnáil na mbananaí do na réigiúin is forimeallaí, déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar an staid, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí, agus cinnfidh sé ar cheart bearta iomchuí a mheas. D'fhéadfadh an Coimisiún cruinnithe faireacháin a chomóradh go tráthrialta freisin leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí'; ag meabhrú a ghealltanais don Choimisiún maidir le deireadh a chur le laghdú de réir a chéile ar an taraif chustaim trí tharaif iarmharach EUR 75/tona is infheidhme i leith tríú tíortha, a bhfuil comhaontuithe trádála sínithe ag an Aontas leo, a imfhálú go buan;

87. á thabhairt chun suntais, cé nach bhfuil feidhm ag aon dleacht ar allmhairí díreacha táirgí talmhaíochta atá riachtanach lena gcaitheamh ag an duine, chun táirgí eile a mhonarú nó mar ionchuir talmhaíochta ó thríú tíortha chuig na réigiúin is forimeallaí, agus an 'socrú soláthair sonrach' sin á chur chun feidhme, gur cheart aird a thabhairt go háirithe ar an ngá atá lena áirithiú nach ndéanfar an táirgeadh áitiúil atá ann cheana a dhíchobhsú, ná nach gcuirfear bac air ina fhorbairt;

88. á chur i bhfios go bhfuil praghsanna neamhiomaíocha agus easpa iomaíochta in earnálacha iompair na RFanna, go háirithe in iompar lastais, ag cur srianta ar a n-earnálacha talmhaíochta;

89. ag cur béim ar an easpa réiteach inbhuanaithe chun táirgí talmhaíochta a iompar idir formhór na n-oileán agus an mhórthír agus chun táirgí talmhaíochta a onnmhairiú agus a allmhairiú ó na hoileáin agus chucu, agus ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le tionscadail nuálacha le haghaidh naisc níos glaise ina bpleananna forbartha d'oileáin AE;

90. á mheabhrú go bhfuil na RFanna, ina bhfuil oileáin bheaga agus i bhfad i gcéin, dálaí oileánda agus iargúltachta, ag brath go mór ar iompar muirí; ag tabhairt rabhaidh, dá bhrí sin, go mbíonn tionchar níos láidre ag athruithe ar na forálacha reatha maidir le hiompar ainmhithe ar na réigiúin sin, go háirithe i bhfianaise thábhacht na talmhaíochta dá ngeilleagair agus a spleáchas air; á áitiú, de bhun Airteagal 349 CFAE, gur cheart saintréithe agus srianta speisialta na RFanna i ndáil leis sin a chur i gcuntas i gcomhthéacs an athbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar rialacha Eorpacha maidir le leas ainmhithe;

á chur i bhfios nach mór iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun go laghdófaí an gá atá le hiompar ainmhithe beo, i gcomhréir le conclúidí a Choiste Fiosrúcháin maidir le Cosaint Ainmhithe le linn Iompair, agus chun tábhacht a thabhairt d'fhorbairt roghanna eile seachas ainmhithe beo;

### *Soghluaisteacht, iompar agus turasóireacht*

91. ag tacú le clár oibríochtúil airgeadais sonrach a chruthú le haghaidh iompair agus nascachta sna RFanna, 'scéim iompair POSEI', cosúil le POSEI don talmhaíocht agus le cistí struchtúracha, chun na costais bhreise a eascraíonn as iargúltacht agus/nó oileánachas a fhritháireamh, i bhfianaise an ghá atá le leanúnachas críochach laistigh de na RFanna agus na ndúshlán struchtúrach atá rompu ó thaobh bonneagar iompair, soghluaisteachta agus nascacht dhigiteach de; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an scéim sin do na réigiúin sin, mar is amhlaidh i gcás oileánra na nAsór, atá buailte le

‘hoileánachas dúbailte’ – a iargúltacht ón mórthír agus an t-achar idir na hoileáin – rud a mhéadaíonn go suntasach na costais iompair do dhaoine agus d’earraí atá faoi bhealach idir na hoileáin agus idir na hoileáin agus an mhórthír, rud a fhágann go n-ardaítear costais na n-ionchur táirgthe;

92. á mheabhrú go bhfuil cobhsaíocht san earnáil iompair agus bonneagar leormhaith sna RFanna ríthábhachtach dá bpríomhearnálacha amhail an turasóireacht, an talmhaíocht agus an t-iascach; á chur i bhfios, freisin, gurb iad na calafoirt, na haerfoirt, na bealaí loingseoireachta agus na naisc rialta eitilte a nascann na RFanna le mór-roinn na hEorpa, na tíortha máguaird agus an chuid eile den domhan; á chur i bhfáth, ina leith sin, gur gá don Choimisiún tábhacht an iompair agus na nascachta do na RFanna a chur san áireamh go hiomlán i bhfianaise Airteagal 349 CFAE; á athdhearbhú, dá bhrí sin, go méadaíonn aon lagú ar earnáil an iompair sna RFanna an baol a bhaineann le leithlisiú, moilliú eacnamaíoch agus costais mhaireachtála atá ag dul i méid; á chreidiúint nach féidir leis an iomaíocht a bheith ar an aon phrionsabal amháin a chuirtear i bhfeidhm in earnálacha an mhuiriompair agus an aeriompair sna RFanna;

93. ag cur béim ar na deacrachtaí atá ag na réigiúin is forimeallaí rochtain a fháil ar na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE); á iarraidh ar an gCoimisiún cuntas a thabhairt i gcomhthéacs meastóireacht mheántéarma ar na tionscadail a bhfuil iarratas déanta acu ar chistiú SCE sna RFanna agus féachaint an bhféadfaí líne bhuiséid shonrach a chruthú do na RFanna laistigh de SCE;

94. á iarraidh ar an gCoimisiún glaonna ar thograí a eisiúint a bhaineann go sonrach le RFanna laistigh de chláir AE a bhainistíonn sé, amhail SCE, chomh maith le gníomhaíochtaí eile a dhéanamh sna réigiúin sin, amhail laethanta faisnéise agus seónna bóthair, chun deiseanna atá ann cheana do na RFanna a chur chun cinn;

95. An 14 Nollaig 2021, mhol an Coimisiún Rialachán maidir leis an ngréasán tras-Eorpaigh iompair (TEN-T) a athbhreithniú[35]. ag cur béim ar na tairbhí a bhaineann leis an ngréasán tras-Eorpach iompair (TEN-T), go háirithe ó thaobh nascacht agus rochtain ar chistiú de; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcás ina bhfuil sé chun leasa na RFanna, comhtháthú níos mó de bhonneagar na RFanna a spreagadh i gcroíghréasáin TEN-T nó i ngréasáin chuimsitheacha i raon feidhme an athbhreithnithe sin, chun go mbeidh an bonneagar sin incháilithe do thacaíocht ó SCE, leis an ráta cómhaoinithe uasta comhfhreagrach 70 %, agus go mbeidh sé mar chuid de chonairí iompair na hEorpa, agus go mbainfeadh na RFanna tairbhe as tacaíocht, inter alia, do bhonneagar soláthair breoslaí malartacha, do shíneadh agus do chothabháil calafort, soghluaisteacht uirbeach, eitlíochta agus an gréasáin bóithre;

96. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil easpa seirbhísí bunúsacha ag go leor daoine sna réigiúin seo, lena n-áirítear rochtain ar iompar poiblí, a bhfuil tionchair iarmhartacha aige ar rochtain a fháil ar sheirbhísí eile, ar oideachas agus ar dheiseanna eacnamaíocha; á chur i bhfios gur gá oibriú chun córais éifeachtúla iompair phoiblí a fhorbairt sna RFanna atá oiriúnaithe do dhálaí áitiúla; á thabhairt chun suntais gur gá modhanna inmheánacha iompair na RFanna agus a mbonneagair a éagsúlú, chun soghluaisteacht

---

[35] Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

inbhuanaithe a chur chun cinn a chosnaíonn an comhshaol agus a ráthaíonn cáilíocht an aeir; á mheabhrú go gcabhródh bonneagar do phointí rothaíochta nó luchtaithe leictreacha le RFanna astaíochtaí gás ceaptha teasa agus truailliú aeir a laghdú agus go dtacódh sé leo ina n-aistriú inbhuanaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún treoirthionscadail agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin atá múnlaithe ar bheartais agus tionscnaimh amhail pleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe (don tsoghluaisteacht uirbeach) agus limistéir chliste iompair tuaithe (don tsoghluaisteacht tuaithe) a fhorbairt, i ndlúthchomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, arb é is aidhm dóibh na geallsealbhóirí a thabhairt le chéile chun roghanna iompair inbhuanaithe fónta agus comhsheasmhacha a chruthú do shaoránaigh agus do chuairteoirí araon;

97. á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go gcaithfí go speisialta leis na RFanna maidir le Státchabhair do bhonneagar aerfoirt, calafoirt agus bóithre ag a bhfuil tionchar áitiúil, agus é sin amháin, agus nach gcruthaíonn aon saobhadh ar iomaíocht laistigh den Chomhphobal;

98. á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach ag an turasóireacht inbhuanaithe chun na RFanna a fhorbairt, atá go mór i mbaol éifeachtaí an athraithe aeráide, tubaistí nádúrtha agus éigeandálaí sláinte; ag tathant ar an gCoimisiún beartas turasóireachta fíor-Eorpach agus inbhuanaithe a fhorbairt, go háirithe trí lipéad aonair a chruthú don turasóireacht inbhuanaithe; á thabhairt chun suntais gur gá do na RFanna bearta a chur i bhfeidhm i dtreo na turasóireachta inbhuanaithe, lena n-áiritheofar go mbainfidh siad an leas is fearr is féidir as a gcaipiteal nádúrtha, go ndéanfar a dtairiscint turasóireachta a uasghrádú agus a gcomhshaol agus a mbithéagsúlacht a chosaint ag an am céanna;

99. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé cistiú AE a úsáid chun turasóireacht athléimneach agus inbhuanaithe a fhorbairt i bhfianaise aon ghéarchéim a bheidh ann amach anseo, ós rud é go mbraitheann na réigiúin sin go mór ar an turasóireacht dá bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla pleananna teagmhasacha a áirithiú in earnálacha ríthábhachtacha do na RFanna, amhail turasóireacht agus iompar, chun déileáil ar bhealach níos fearr le géarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, amhail paindéim COVID-19, inar nochtadh roinnt de leochaileachtaí na réigiún sin; á iarraidh ar an gCoimisiún líne chistiúcháin thiomnaithe a chruthú don turasóireacht sa chéad CAI eile agus cistí a chur ar fáil don éiceachóras turasóireachta i mbuiséid bhliantúla an Aontais;

100. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta breise a sheoladh chun téarnamh earnáil na turasóireachta a chur chun cinn sna RFanna agus a claochlú digiteach agus comhshaoil a chur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus ar na réigiúin is mó atá ag brath ar an turasóireacht; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cistí AE atá ann cheana a úsáid chun treoirthionscadail a chur ar bun do chinn scríbe na réigiún is forimeallaí in earnáil na turasóireachta, lena n-áirítear tionscadail atá dírithe ar ghairmeacha nua a fhorbairt a bhaineann leis an turasóireacht ghorm agus ghlas; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, tionscnaimh a fhorbairt don turasóireacht farraige agus chósta, go háirithe forbairt agus scaipeadh líonra de bhealaí muirí le haghaidh na dtionscnamh sin; á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh ar chonair an aistrithe don turasóireacht agus sraith gníomhaíochtaí agus spriocanna eatramhacha ceangailteacha

agus nithiúla a thíolacadh do RFanna, lena n-áirítear i réimsí an taighde agus na nuálaíochta, an bhonneagair, na forbartha teicneolaíochta agus scileanna, chun go mbeidh an earnáil in ann sprioc na haeráidneodrachta a bhaint amach ar deireadh;

101. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaireacht turasóireachta Eorpach a bhunú ina mbeidh oifigí allamuigh i ngach ceann de limistéir gheografacha na RFanna, agus ar an gcaoi sin leas a bhaint as taithí agus as dinimiceas na hearnála sna réigiúin sin ar mhaithe le AE ar fad, i gcomhréir leis an dearbhú deiridh ón 26ú Comhdháil d'Uachtaráin na Réigiún is Forimeallaí san Aontas Eorpach;

102. ag cur béim ar an bhfíoras go gcuireann na RFanna le hoidhreacht chultúrtha agus teanga an Aontais Eorpaigh; á chur i bhfios go láidir go bhfuil earnáil an chultúir sna RFanna buailte níos measa ag na géarchéimeanna sláinte agus eacnamaíocha a tharla le déanaí ná i réigiúin mhórthír na hEorpa; á iarraidh ar an gCoimisiún saibhreas cultúrtha na RFanna a fheabhsú tuilleadh agus malartuithe le gairmithe cultúir a chur chun cinn sna RFanna, go háirithe trí threoirthionscadail nua a sheoladh i gcomhréir le Archipel.eu; á iarraidh go mbeadh ionstraimí sonracha breise ann, arna gcur in oiriúint do shaintréithe earnáil an chultúir sna RFanna, chun tacú le healaíontóirí na RFanna agus chun an oidhreacht chultúrtha inláimhsithe agus dholáimhsithe a chur chun cinn agus chun teangacha réigiúnacha a chosaint;

***Gníomhaíocht maidir leis an aeráid, maidir leis an mbithéagsúlacht, maidir le neamhspleáchas fuinnimh agus maidir le fuinneamh in-athnuaite***

103. á chur i bhfáth, maidir leis an mbithéagsúlacht, go bhfuil gá le beartais agus gníomhaíocht réigiúnach spriocdhírithe atá dírithe ar éiceachórais na RFanna a chosaint agus ar a mbithéagsúlacht uathúil agus fhíorshaibhir a athbhunú chun a n-acmhainní nádúrtha agus a gcóir mhaireachtála a chaomhnú; á athdhearbhú gur gá gur gá leanúint de bhearta cosanta agus athchóirithe na bithéagsúlachta agus iad a fheabhsú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear staid shonrach na RFanna i gcuntas sa rialachán maidir le hathchóiriú an dúlra agus go ndéanfar na pleananna náisiúnta a tharraingt suas i gcomhar le húdaráis na RFanna agus go gceapfar iad le cothromaíocht iomchuí idir na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé straitéis bainistithe dramhaíola áitiúil a fhorbairt lena gcuirfear i gcuntas na haistrithe éiceolaíocha agus fuinnimh agus cosaint na bithéagsúlachta agus lena rannchuidítear le treisiú an gheilleagair chiorclaigh sna RFanna;

104. á athdhearbhú gur gá saintréithe sonracha na RFanna a chur i gcuntas i rialacháin chun cothromaíocht chóir a bhaint amach idir an riachtanas comhshaoil, na riachtanais inrochtaineachta agus na costais arda shóisialta agus eacnamaíocha a sheasann a bpobail; á chur in iúl gur oth léi nár cuireadh sainiúlachtaí na RFanna i gcuntas ach ar leibhéal teoranta sa phacáiste 'Oiriúnach do 55' a mhol an Coimisiún; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, a sainiúlachtaí a léiriú ar bhealach níos fearr i bpacáistí aeráide agus fuinnimh amach anseo;

105. á thabhairt chun suntais gur cheart do na Ballstáit agus do Pharlaimint na hEorpa leanúint de ról gníomhach agus frithghníomhach a bheith acu chun cosaint na RFanna a áirithiú agus chun a saintréithe a léiriú;

106. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcomhthéacs na gcaibidlíochtaí idirinstitiúideacha atá ar siúl faoi láthair, tacú le tograí na Parlaiminte maidir le saintréithe sonracha na RFanna a chur i gcuntas níos fearr i dtéacsanna an phacáiste ‘Oiriúnach do 55’; á iarraidh go ndéanfaí meastóireacht ar thionchar chur chun feidhme an phacáiste reachtaigh sin maidir leis na RFanna agus, dá bhrí sin, go ndéanfaí é a oiriúnú do réaltacht na réigiún sin; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú gan mhoill leis na RFanna san aistriú atá neodrach ó thaobh carbóin de, lena n-áirítear trí leithdháiltí buiséadacha tiomnaithe nua; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé staid leochaileach na RFanna a chur i gcuntas go sonrach sa Chiste Sóisialta don Aeráid, sa Chiste don Nuachóiriú, sa Chiste Nuálaíochta, sa Chiste Aigéin agus sa Chiste Infheistíochta Aeráide, ach freisin in ionstraimí eile cistiúcháin a d’fhéadfaí a chruthú, lena n-áirithítear go mbeidh rochtain ag saoránaigh, teaghlaigh agus gnólachtaí sna réigiúin sin ar na cistí sin agus ar thacaíocht do thionscadail ar mionscála;

107. á thabhairt chun suntais gur gá comhtháthú críochach agus prionsabal an leanúnachais chríochaigh a áirithiú, lena gcumasófar comhtháthú sóisialta; á chur i bhfáth go gcaithfidh cuspóirí agus spriocanna comhshaoil AE iargúltacht, leithlisiú agus/nó oileánachas na RFanna a chur i gcuntas i gcónaí, go háirithe maidir leis na riachtanais iompair chuig gach RF agus uathu; á chur i bhfios go láidir go bhfuil maolú bunriachtanach do na RFanna ionas gur féidir an t-iompar muirí a eisiamh ón gcóras trádála astaíochtaí; á chur in iúl gur oth léi toradh an chomhaontaithe idirinstitiúidigh a baineadh amach do na RFanna i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar eitlíocht CTA, nach gcumhdaítear leis ach eitiltí idir na RFanna agus a mBallstáit go sealadach go dtí 2030; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, anailís mhionsonraithe a thíolacadh, roimh dheireadh an mhaolaithe shealadaigh a comhaontaíodh, ar an tionchar a bheadh ag eitiltí RF a eisiamh ó CTA; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach straitéis AE a fhorbairt maidir le soghluaisteacht agus iompar sna RFanna, agus sainiúlachtaí gach RF á gcur i gcuntas;

108. á áitiú go gcuirfí san áireamh na deiseanna coinneála carbóin a chuireann na RFanna ar fáil, go háirithe carbón gorm a bhaineann le bithéagsúlacht mhuirí agus chósta agus carbón glas ó ghabháil carbóin foraoise;

109. ag leagan béim ar leochaileacht na RFanna i dtaca leis an athrú aeráide agus le héifeachtaí geolaíocha, go háirithe i dtaca le teagmhais adhaimsire agus sheismeacha; á chur in iúl gur oth léi nach leor uasteorainn bhliantúil an Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála chun freagairt d’éigeandálaí, go háirithe sna RFanna, rud a laghdaíonn tacaíocht AE go mór faoi bhun an mhéid cabhrach a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil; ag cosaint an tseasaimh, dá bhrí sin, gur cheart Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh a athbhreithniú chun go mbeidh sé in ann freagairt go leordhóthanach, agus ar bhealach níos tapúla, níos solúbtha agus níos sofhreagrúla, fiú do thubaistí ar scála níos lú, lena n-áirítear sna RFanna, agus chun na costais a bhaineann le cosc, comhlíonadh rialála, aslonnú agus cur isteach ar gheilleagair áitiúla i dtubaistí amhail tuilte, cioclóin, dóiteáin foraoise nó gníomhaíocht sheismeach nó bholcánach fairsingithe a chur san áireamh; á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún a dhícheall a dhéanamh cistí a imscaradh go tapa chun déileáil le héifeachtaí tubaistí nádúrtha;

110. á mholadh don Choimisiún staidéar a sheoladh maidir leis an bhféidearthacht ciste de chuid an Aontais um oiriúnú don athrú aeráide a chruthú sa chéad chlárthréimhse eile,

gan dochar d'ollstruchtúr ná do chistiú an bheartais chomhtháthaithe, chun cabhrú leis na réigiúin Eorpacha, lena n-áirítear na RFanna, a mbonneagar a oiriúnú agus gníomhaíochtaí coisctheacha a chur chun feidhme chun a n-athléimneacht i leith suaití aeráide a fheabhsú;

111. á chur i bhfios go bhfuil na RFanna go léir, nach mór, comhdhéanta d'oileáin bholcánacha nó d'oileánraí; á iarraidh ar an gCoimisiún mórchlár AE a bhunú, bunaithe ar Líonra Eorpach na bhFaireachlann agus na mBonneagar Taighde don Bholcáneolaíocht (EUROVOLC), a dhíreoidh ar acmhainneacht na réigiún bolcánach a uasmhéadú, agus chun ionad taighde Eorpach a bhunú, a d'fhéadfadh a bheith lonnaithe i réigiún forimeallach;

112. ag athdhearbhú go bhfuil acmhainneach ag na RFanna chun treoirthionscadail nuálacha maidir le fuinneamh inathnuaite a fhorbairt, agus á áirithiú ag an am céanna go mbainfidh siad tairbhe iomlán as na beartais a eascróidh astu; á athdhearbhú, thairis sin, go bhfuil gá le tacaíocht níos láidre amhail infheistíocht chomhordaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún cur le hacmhainneacht na RFanna agus tacú leis an bhfuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear i nGuáin na Fraince, faoi na coinníollacha a chomhaontaigh an Pharlaimint ina sainordú do na caibidlíochtaí idirinstitiúideacha maidir leis an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (RED III); á chur i bhfáth gur gá tacú leis na réigiúin sin san aistriú chuig neamhspleáchas fuinnimh saor ó charbón atá saincheaptha do réaltachtaí áitiúla; ag leagan béim, i ndáil leis an méid sin, ar acmhainneacht ollmhór na RFanna do neamhspleáchas fuinnimh AE agus do chomhlíonadh chuspóir 2050 maidir le haeráidneodracht;

113. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá comhar chun fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt agus á chur in iúl gur geal léi an comhaontú comhair maidir le nuálaíocht, forbairt agus fuinneamh in-athnuaite idir na hAsóir agus na hOileáin Chanáracha;

114. á chur i bhfios go mbeidh na Rfanna níos mó i mbaol na bochtaineachta fuinnimh mar gheall ar chostais mhaireachtála níos airde agus praghsanna fuinnimh níos airde; á athdhearbhú go bhfuil srianta thar a bheith sonrach ar na RFanna a eascraíonn as a gcórais táirgthe leictreachais leithlisithe, agus nach bhfuil aon fhéidearthacht ann iad a nascadh le réigiúin eile; á mholadh, dá bhrí sin, go nglacfaí bearta sonracha chun an staid sin a chosc agus dul i ngleic léi trí rochtain ar sheirbhísí fuinnimh bunriachtanacha a áirithiú; á iarraidh go gcuirfí an Ciste don Nuachóiriú i bhfeidhm maidir leis na RFanna chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh atá ann sna réigiúin thar a bheith leochaileach sin;

115. á iarraidh ar an gCoimisiún clár mór a sheoladh, trí chlár Fís 2020 agus cistí CFRE, do na RFanna uile agus do na hoileáin Eorpacha uile atá deartha chun hidrigin ghlas a fhorbairt;

116. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá na pleananna téarnaimh agus athléimneachta chun sraith infheistíochtaí a sholáthar do ghiniúint fuinnimh in-athnuaite, agus ar an gcaoi sin an lorg comhshaoil agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú;

***An t-aistriú digiteach***

117. á iarraidh ar an gCoimisiún a thacaíocht do na Ballstáit a ráthú chun a áirithiú go mbainfear úsáid ghasta as na deiseanna uile chun bonneagar digiteach agus nascacht dhigiteach a chistiú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá práinneach le hathsholáthar a dhéanamh ar roinnt de na cáblaí fomhuirí a nascann na RFanna agus gur cheart go gcuideodh an obair sin le hearnáil an gheilleagair dhigitigh áitiúil a spreagadh; á iarraidh ar na Ballstáit cistiú ó SCE a úsáid do na tionscadail sin;

118. á iarraidh ar an gCoimisiún leathnú an líonra snáthoptaice agus nuachóiriú an líonra mhóibíligh ina iomláine a chur chun cinn ar fud na RFanna ar fad, fiú sna limistéir is iargúlta;

119. á iarraidh ar an gCoimisiún fóram Eorpach rialta maidir le hoideachas digiteach agus cuimsitheach a chruthú, ina mbeidh údaráis na RFanna rannpháirteach agus lena n-áiritheofar cur chun cinn an oideachais sa réimse digiteach i ngach aoisghrúpa, ag díriú go háirithe ar ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht san earnáil dhigiteach agus san earnáil IS; á iarraidh go socrófar spriocanna agus go ndéanfar faireachán ar éifeachtúlacht na gclár scileanna digiteacha chun a áirithiú go n-úsáidfear cistiú go héifeachtúil;

*Na RFanna in Aontas Eorpach don tsláinte*

120. á chur i bhfios a leochailí atá córais sláinte i roinnte de na RFanna, arb iad is príomhthréith dóibh easpa bonneagair agus easpa gairmithe sláinte; ag tabhairt dá haire go bhfuil an leochaileacht sin imithe in olcas ó phaindéim COVID-19 i leith;

121. á iarraidh go gcuirfí staid na RFanna agus staid a gcóras sláinte san áireamh, go háirithe sa chomhordú sláinte feabhsaithe agus níos éifeachtaí, ar córais iad a bhfuil an tAontas ag iarraidh a shaothrú tar éis na paindéime;

122. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit agus leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla pleananna a dhearadh agus a chistiú chun gairmithe sláinte, go háirithe dochtúirí leighis óga, a mhealladh agus a choinneáil, chun éagothromaíochtaí i seirbhísí sláinte a laghdú;

123. á chur i bhfios go bhfuil neamhionannais shuntasacha fós in earnáil na sláinte san Aontas, go háirithe in RFanna, lena n-áirítear maidir le hailse a chosc agus a chomhrac; á áitiú gurb í leochaileacht na hearnála sna réigiúin sin a threisíonn an gá atá le díriú ar chosc agus ar luathbhrath; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá sé áitritheoirí na réigiún sin a shainaithint agus aird ar leith a thabhairt orthu chun a áirithiú go mbeidh rochtain chuí acu ar sheirbhísí chun ailse a chosc agus a chomhrac, trí chruthú beartas poiblí mar chuid de Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa a mholadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh;

124. á athdhearbhú a thábhachtaí atá an clár EU4Health chun neamhionannais i seirbhísí cúraim sláinte a laghdú; á chur i bhfáth gur cheart do lárphointí fócasacha náisiúnta seisiúin faisnéise a eagrú go réamhghníomhach i ngach ceann de na RFanna chun feasacht ar an gclár a mhéadú;

125. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil údaráis na RFanna rannpháirteach go fóill sa sainmhíniú ar chláir oibre bhliantúla EU4Health agus ag dréim leis go ndéanfaidh an

Coimisiún amhlaidh gan a thuilleadh moille agus go mbeidh na RFanna rannpháirteach i bpléítí faoi thionscnaimh bheartais a bhfuil leas sonrach ag baint leo, amhail tionscnaimh maidir le vacsaíniú, ailse, meabhairshláinte, athrú aeráide agus cúram fadtéarmach;

126. á iarraidh ar an gCoimisiún a mholadh do na Ballstáit agus na RFanna lena mbaineann tacú le forbairt córas sláinte agus le rochtain ar chúram (lena n-áirítear cur chun cinn na sláinte, cúram coisctheach agus cúram fadtéarmach) agus réitigh r-shláinte a fhorbairt agus a ghlacadh nó a thabhairt isteach chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais gairmithe sláinte agus i ndigitiú an chórais sláinte, agus infheistíocht á déanamh ag an am céanna i scileanna digiteacha, in inniúlachtaí digiteacha agus i litearthacht dhigiteach, go háirithe sna grúpaí is leochailí den daonra agus de ghairmithe sláinte; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, a mholadh do na Ballstáit agus na RFanna lena mbaineann páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí faoi chlár EU4Health (lena n-áirítear na gníomhaíochtaí comhpháirteacha), go háirithe maidir leis an mbearna a dhúnadh sna neamhionannais sláinte, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus freagairt dóibh, lena n-áirítear éigeandáil an athraithe aeráide, r-shláinte, cur chun cinn na sláinte agus cosc galar, agus rochtain ar chúram sláinte, lena n-áirítear cúram meabhairshláinte, cúram fadtéarmach agus cóireáil galar trópaiceach;

127. á mholadh do na na RFanna páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí faoin gclár Fís Eorpach, agus obair i gcomhar le hÚdarás an Choimisiúin um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte, chun soláthar soláthairtí leighis criticiúla a áirithiú agus chun an lucht saothair sláinte is gá le linn géarchéime a bheith i bhfeidhm acu, agus leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú maidir le hullmhacht agus freagairt do bhagairtí sláinte, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an meabhairshláinte agus éigeandáil an athraithe aeráide;

128. á mholadh go gcruthófaí ionad taighde do ghalair thógálacha thrópaiceacha agus riochtaí leighis atá coitianta go háirithe sna RFanna, amhail diaibéiteas, murtall agus ailsí áirithe;

***Tábhacht na RFanna sa spásrás agus i bhforbairt eolaíoch na hEorpa***

129. ag cur sonrú i suíomh fabhrach agus na bonneagair atá ar fáil i roinnt de na RFanna le haghaidh gníomhaíochtaí spáis, go háirithe chun a áirithiú go mbeidh rochtain neamhspleách ag an Aontas ar an spás; á chur in iúl gur oth léi an easpa gealltanas sonrach ón gCoimisiún sa réimse sin; á iarraidh ar an gCoimisiún tacaíocht níos fearr a thabhairt do phleananna náisiúnta chun gníomhaíochtaí spáis a athsheoladh, ar mórfhoinse nuálaíochta agus ceannasachta Eorpaí iad;

130. á iarraidh go mbeadh comhordú ann idir cistí AE atá tiomnaithe do bheartas spáis AE agus d'fhorbairt réigiúnach, atá dírithe ar rannchuidiú áitiúil leis na héiceachórais spáis atá á bhforbairt timpeall ar na bonneagair i nGuáin na Fraince agus sna hAsóir agus ar an bhfilleadh áitiúil orthu a mhéadú; á chur i bhfios go láidir gur gá deiseanna oiliúna agus uasoilte a áirithiú do na daoine atá ina gcónaí sna réigiúin ina bhfuil codanna den bhonneagar spáis ar an talamh agus feabhas a chur ar a ndálaí maireachtála;

131. á iarraidh go ndéanfaí measúnuithe tionchair comhshaoil feabhsaithe ar na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an spás atá ar siúl sna RFanna agus go bhforbrófaí bearta inbhuanaitheachta iomchuí lena n-áiritheofar, a mhéid is féidir, go gcoscfar tionchair dhiúltacha agus cúiteamh i gcás nach féidir cosc a chur orthu;

132. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé straitéisí speisialaithe cliste nuashonraithe agus saincheaptha a bheith ann chun borradh a chur faoin taighde agus faoin nuálaíocht sna RFanna;

133. á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh cláir oibre Fís Eorpach in oiriúint níos mó do na RFanna chun pobail áitiúla taighde agus nuálaíochta a spreagadh;

134. á athdhearbhú a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na n-institiúidí ardoideachais agus na n-ionad taighde muirí, chomh maith le rannpháirtíocht scoileanna muirí, sna RFanna agus ina gcreatlach ghnó i líonraí taighde Eorpacha agus idirnáisiúnta, i bhfianaise an eolais atá acu ar dhinimic agus ar shaintréithe uathúla na réigiún sin, d'fhonn a gcórais nuálaíochta a neartú agus níos mó post gorm a chruthú;

***Úsáid níos fearr a bhaint as cistí agus comhpháirtíochtaí Eorpacha***

135. ag aithint ábharthacht RRF agus an chláir REACT-EU le haghaidh téarnamh éifeachtach sna RFanna; á chur i bhfios, áfach, a thábhachtaí atá sé athmhachnamh a dhéanamh ar spriocdhátaí forghníomhaithe RRF chun borradh a chur faoin téarnamh eacnamaíoch sna RFanna, agus comhthéacs reatha an chogaidh, an bhoilscithe agus an ghanntanais saothair agus amhábhar in earnálacha bunúsacha á gcur san áireamh, rud a fhágann gur deacair tionscadail struchtúracha a chur i gcrích do na réigiúin sin; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, réamh-mheas a dhéanamh ar ghéarchéimeanna a bheidh ann amach anseo sna RFanna trí ionstraimí a chur chun cinn lena ndéantar éifeachtaí géarchéimeanna ar dhaonraí na réigiún sin a fhritháireamh agus a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta agus go gcuirfear tuarascáil mhionsonraithe, ina mbeidh leithdháiltí deiridh, faoi bhráid na Parlaiminte;

136. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach ag an mbeartas comhtháthaithe maidir le hacmhainneacht RFanna a scaoileadh, i dtaca le tionchar na srianta buana atá orthu a fhritháireamh agus i dtaca le bearnaí eacnamaíocha agus sóisialta idir na réigiúin sin agus an chuid eile den Aontas a laghdú; á chur i bhfáth gur gá gnéithe sonracha RFanna a chur san áireamh ar bhealach níos fearr i gclársceidealú an chiste chomhtháthaithe, agus a áirithiú ag an am céanna gur féidir leo tairbhe iomlán a bhaint as forálacha lena gcumasaítear níos mó solúbthachta, eadhon rátaí cómhaoinithe níos airde agus rochtain ar réamh-mhaoiniú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil na Ballstáit agus na RFanna freagrach as a straitéisí agus a dtosaíochtaí forbartha faoi seach a mhúnlú agus a chur chun feidhme agus as leas iomlán a bhaint as acmhainneacht chistí AE;

137. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil na cláir, na beartais phoiblí agus na cistí a bhaineann go sonrach leis na réigiúin is forimeallaí imithe i léig, a raibh a líon beag cheana féin, i bhfabhar a gcomhtháthú i gcláir chothrománacha Eorpacha, agus go bhfuil, dá bharr sin, maolú á dhéanamh ar an gcur chuige saincheaptha is gá do RFanna;

138. á iarraidh ar an gCoimisiún tacaíocht a chur ar fáil chun leanúint den obair a tosaíodh faoin tionscadal suaitheanta FORWARD, ionas nach gcaillfear na hiarrachtaí a rinneadh agus na torthaí a baineadh amach cheana sna naoi réigiún is forimeallaí;

139. á chur in iúl gur geal léi an fógra ón gCoimisiún maidir le tairseach a chruthú ar gach ciste, clár agus tionscnamh beartais AE atá ar fáil do na RFanna, a fhreagraíonn d'iarraidh a rinne an Pharlaimint ina rún an 14 Meán Fómhair 2021 maidir le cur chuige nua i leith straitéis mhuirí an Atlantaigh; ag tathant ar an gCoimisiún an tairseach sin a chruthú gan mhoill agus leanúint de thacaíocht a chur ar fáil, i gcás inarb iomchuí, chun eolas agus úsáid níos fearr cistí ag na Ballstáit agus ag na húdaráis réigiúnacha a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún feasacht a mhúscailt maidir le sainiúlachtaí na RFanna ina ardstiúrthóireachtaí uile, chun ualaí riaracháin a laghdú agus chun cabhrú leis na réigiúin sin lena nósanna imeachta chun rochtain níos éasca ar chistí agus ar chláir AE a chur ar fáil dóibh; á iarraidh ar na hinstitiúidí Eorpacha a láithreacht ar an láthair a mhéadú trí oifigí fisiciúla a bhunú sna RFanna; á iarraidh ar na RFanna úsáid a bhaint as cistí agus cláir uile AE atá ar fáil dóibh; á mholadh go mbunófaí Bliain Eorpach na Réigiún is Forimeallaí;

140. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha cothromaíocht a bhaint amach idir rialuithe bunriachtanacha maidir le húsáid chistí AE agus na rialacha riaracháin níos simplí agus níos solúbtha a bhfuil gá leo chun iad a bharrfheabhsú chun tionscnaimh áitiúla a spreagadh, go háirithe sna RFanna;

141. á chur i bhfáth go bhfuil tionchar mór eacnamaíoch ag beartas trádála an Aontais Eorpaigh ar na RFanna; á chur i bhfios go láidir gur gá leasanna na RFanna a chosaint sna comhaontuithe idirnáisiúnta (comhaontuithe saorthrádála, comhaontuithe comhpháirtíochta eacnamaíche agus cúnamh oifigiúil forbartha) arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas Eorpach; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di allmhairiú táirgí ó thíortha nach bhfuil san Aontas nach gcomhlíonann caighdeáin shóisialta, saothair, chomhshaoil, sábháilteachta bhia, cháilíochta agus leasa ainmhithe an Aontais, lena n-áirítear caighdeáin do tháirgí a bhfuil lipéadú orgánach orthu; á mheabhrú go bhfuil go leor de na hearraí allmhairithe sin in iomaíocht dhíreach le táirgeadh onnmhairiúcháin na RFanna i margadh iomlán AE nó fiú le táirgeadh áitiúil ina mhargadh réigiúnach féin;

142. á iarraidh ar an gCoimisiún cóir fhabhrach a thabhairt do tháirgí ó na RFanna, ina margaí áitiúla agus i margadh AE araon, chun cosaint iomlán a thabhairt do tháirgí íogaire talmhaíochta, amhail bananaí, trátaí, siúcra agus bainne, sa chaibidlíocht maidir le comhaontuithe saorthrádála agus comhpháirtíochta eacnamaíche, agus chun a áirithiú go mbeidh allmhairí tíortha nach Ballstáit den Aontas iad i gcomhréir le caighdeáin AE; ag tathant ar an gCoimisiún nósanna imeachta a chur chun feidhme chun táirgí íogaire ó na RFanna a chur san áireamh agus chun idirthréimhsí, cuótaí iomchuí allmhairiúcháin agus taraifí custaim, clásail choimirce agus sásraí faireachais agus smachtbhannaí a bheartú, más gá; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, measúnuithe tionchair réigiúnacha a dhéanamh go córasach sna réigiúin sin, i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus le geallsealbhóirí leasmhara eile, sula dtabharfaidh sé comhaontuithe i gcrích, agus clásail scáthánacha agus fionraíochta a áireamh sna comhaontuithe; á chur i bhfios gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar

chomhaontuithe trádála reatha le tíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach chun na clásail sin a ionchorprú;

143. á iarraidh go gcruthófaí tascfhórsa comhaontuithe trádála laistigh den Choimisiún ina mbeidh ionadaithe ó na Ballstáit lena mbaineann agus ó earnálacha eacnamaíocha na RFanna rannpháirteach, lena n-áirítear ionadaithe feirmeoireachta agus geallsealbhóirí ábhartha eile, chun anailís a dhéanamh, i measc nithe eile, ar na deacrachtaí a bhíonn ag na réigiúin sin mar thoradh ar iomaíocht sheachtrach mhéadaitheach, lena n-áirítear ó tháirgí neamh-AE a lipéadaítear mar tháirgí orgánacha; á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú maidir le héifeacht charnach na gcomhaontuithe saorthrádála ar earnáil na feirmeoireachta sna RFanna;

144. a chur in iúl gur geal léi go n-aithníonn an Coimisiún na RFanna mar shócmhainn uathúil do chaidreamh seachtrach AE;

145. ag cur béim ar an bhfíoras go ndéanann na RFanna ionadaíocht ar réigiúin iarghúlta an Aontais Eorpaigh agus go gcuireann siad feabhas ar fhor-rochtain an Aontais i dtíortha comharsanachta ina limistéir réigiúnacha; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha na RFanna chun straitéisí forbartha a chur chun feidhme lena n-áirítear comhtháthú agus comhar réigiúnach feabhsaithe; á iarraidh, go háirithe, ar an gCoimisiún agus ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha sineirgí a chur chun cinn idir gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) — an Eoraip Dhomhanda agus cistí Interreg atá beartaithe do na RFanna;

146. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sineirgí agus bainistiú comhordaithe níos fearr ar chistí Eorpacha a áirithiú, go háirithe CFRE, an Eoraip Dhomhanda agus an Cinneadh ón gComhairle maidir le comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear leis an Aontas Eorpach[36], chun comhar críochach níos fearr agus níos éifeachtaí agus maoiniú níos fearr a bhaint amach, go háirithe do na RFanna, go háirithe dá ngnólachtaí agus dá saoránaigh;

147. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cláir mhalartaithe mac léinn, faoi chuimsiú Bheartas Comharsanachta na hEorpa, chun oiliúint a chur ar ghairmithe óga ó na tíortha rannpháirteacha; á mholadh, ar aon dul leis sin, go ndéanfaí clár malartaithe a bhunú do mhic léinn ó na RFanna le tíortha agus réigiúin atá comharsanach leis na réigiúin sin;

148. á mheabhrú nach mór an comhar idir na RFanna agus tíortha nó críocha comharsanachta a fheabhsú i bhfianaise na ndálaí reatha, agus nach mór, dá bhrí sin, gníomhaíocht a dhéanamh maidir leis na rialacha agus na rialacháin rialála, riaracháin, bhuiséadacha agus pholaitiúla lena rialaítear an comhar sin;

°

° °

[36] Cinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear leis an Aontas Eorpach lena n-áirítear caidreamh idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge, den pháirt eile (an Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn) (IO L 355, 7.10.2021, lch. 6).

149. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá straitéis Eorpach do na réigiúin is forimeallaí ar cheann de na samplaí is fearr de raon feidhme Airteagal 349 CFAE agus de chás sonrach na réigiún is forimeallaí a aithint. Is é is aidhm don Straitéis athnuaite do na réigiúin is forimeallaí san Aontas atá faoi anailís an chomhpháirtíocht idir an tAontas Eorpach, na réigiúin is forimeallaí agus a mBallstáit a neartú, d'fhonn, ar thaobh amháin, tionchar na srianta buana atá roimh na réigiúin sin a mhaolú agus, ar an taobh eile, a n-acmhainneacht a bhaint amach.

Ba cheart, dá bhrí sin, plean gníomhaíochta a bheith sa straitéis sin ina mbeadh bearta nithiúla, spriocanna nithiúla agus amchlár, a bheidh le baint amach sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, ach ba cheart í a bheith ina doiciméad treorach freisin do chomhlachtaí Eorpacha agus do lucht ceaptha beartas. Maidir leis an rapóirtéir, ba cheart aghaidh a thabhairt sa doiciméad seo freisin ar shaincheisteanna sonracha na RFanna chun go mbeifear in ann tionchar a imirt ar an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile agus ar na hathbhreithnithe ar na príomhbheartais Eorpacha.

Tréaslaíonn an Rapóirtéir leis an gCoimisiún as a chur in iúl go soiléir gur cheart "tosaíocht" a thabhairt leis an straitéis sin do na réigiúin is forimeallaí, atá ag déileáil, i gcomhthéacs domhanda ina bhfuil éagobhsaíocht mhór, le héifeachtaí roinnt géarchéimeanna, amhail an phaindéim, ionradh na Rúise san Úcráin, an ghéarchéim fuinnimh agus anois an ghéarchéim bhoilscithe. Cuireann sé sin i bhfios go láidir gur gá dlús a chur leis an aistriú tríthaobhach, leis an aistriú digiteach, leis an bhfuinneamh agus leis an gcomhshaol, rud a éilíonn iarrachtaí ollmhóra ó na réigiúin sin freisin. Is é an dúshlán práinneach atá ann na réigiúin sin a ullmhú le haghaidh aistriú cothrom, trí bhearta nithiúla, lena mbeidh na geallsealbhóirí uile agus an tsochaí shibhialta rannpháirteach agus lena dtabharfar aird ar leith ar FBManna, arb iad cnámh droma a ngeilleagar.

Molann an Rapóirtéir gur cheart go rachadh an tuarascáil sin i ngleic leis an iarracht a dhéantar leis an gcur chuige "a oireann do gach cás". Tá cóireálacha éagsúla agus cineálacha cur chuige saincheaptha de dhíth ar réigiúin éagsúla, arna bhforbairt laistigh de chreat rialachais il-leibhéil. Dá bhrí sin, agus Airteagal 349 á chomhlíonadh go docht, ní mór leis an straitéis sin na bearta agus na spriocanna difreáilte sin a áirithiú.

Is díol sásaimh don Rapóirtéir go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún acmhainneacht na RFanna a fhiosrú agus infheistíocht a dhéanamh iontu seachas díreach cúiteamh a thabhairt dóibh as na srianta atá orthu. I bhfianaise na gné muirí a bhronnann na réigiúin sin ar an Aontas Eorpach, agus an Limistéar Eacnamaíoch Eisiach (LEE) is mó ar domhan á chur ar fáil dó, agus ós rud é gur féidir thart ar 80 % de bhithéagsúlacht an Aontais a aimsiú sna réigiúin sin, is cóir go bhfabhróidh tairbhí na sócmhainní sin do na RFanna dá bhforbairt. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach leas a bhaint as acmhainneacht iomlán a dtáirgí talmhaíochta ar ardchaighdeán, as an áit a bhfuil siad faoi phribhléid agus as an gcaidreamh atá acu le réigiúin eile agus le tríú tíortha, chomh maith leis na dálaí nádúrtha agus na cumais atá ar fáil sna réigiúin sin chun gníomhaíochtaí spáis a fhorbairt agus rannchuidiú leis an dul chun cinn eolaíoch.

Mar sin féin, tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh acmhainní daonna na RFanna a chumhachtú ionas gur féidir leo an leas is fearr is féidir a bhaint as a n-acmhainneacht iomlán.

Cuireann an rapóirtéir i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an t-oideachas agus an oiliúint sna RFanna, ós rud é gur infheistíocht í lena ráthófar todhchaí a bhfuil gealladh fúthu do na réigiúin sin. Is cúis imní dó rátaí reatha na luathfhágálaithe scoile, dífhostaíocht i measc na n-óg agus líon na ndaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna sna réigiúin sin. Níl cáilíochtaí, i gcásanna áirithe, ag teacht le riachtanais reatha an mhargaidh saothair, ach i gcásanna eile níl aon lucht saothair cáilithe ann chun freastal ar éileamh cuideachtaí. Áitíonn an rapóirtéir gur cheart oideachas TFC agus ETIM a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dó sna RFanna, ós rud é gur earnálacha tábhachtacha iad sin don todhchaí, ar earnálacha iad ar cheart dóibh leas a bhaint as an aistriú comhshaoil agus digiteach, agus iad a chur ag freastal ar a bpobail.

Thairis sin, creideann an Rapóirtéir gur cheart go ndéanfaí géarchéimeanna amach anseo a thuar agus a chosc leis an straitéis sin, agus breithniú á dhéanamh ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón taithí a fuarthas le déanaí. Le paindéim COVID-19, nochtadh leochaileachtaí chórais sláinte na RFanna. I gcuid mhaith de na réigiúin sin, mar gheall ar a riocht oileánach, bhí an fhreagairt ar éigeandálaí ag brath ar na dálaí aimsire agus ar infhaighteacht an aeriompair. Ina theannta sin, ní raibh a ngeilleagair leochaileacha sásta fanacht “ar fionraí” ar feadh beagnach dhá bhliain. Bhí tionchar láithreach ag géarchéim na paindéime ar earnáil na turasóireachta, rud a laghdaigh na hionchais agus a chuir na hinfheistíochtaí a rinne na cuideachtaí i mbaol.

Bhí teorainn le gníomhaíocht na bpríomhearnálacha, amhail an talmhaíocht agus an t-iascach, ar a bhfuil go leor teaghlach sna réigiúin sin fós ag brath, agus ba é an misean a bhí aici soláthar bia agus slándáil bia an phobail a ráthú. Tá damáiste nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo déanta don gheilleagar, rud atá níos measa anois, ar an drochuair, mar gheall ar an gcogadh, ar chúis imní é, san Úcráin. Tá méadú ginearálta ar phraghsanna sna RFanna, agus tá imní ar leith orthu faoi phraghsanna an fhuinnimh agus na n-amhábhar. Dá bhrí sin, meastar go mbeidh téarnamh níos moille ag na réigiúin sin ná ag an gcuid eile den Aontas.

Is é an toradh a bhíonn ar bhail oileánach na RFanna, i gcásanna áirithe, ar a “hoileánachas dúbailte”, in éineacht le hiargúltacht le sonraíochtaí eile RFanna, spleáchas ollmhór ar aeriompar agus ar iompar muirí, ar gá dóibh a bheith sábháilte, rialta agus ar phraghsanna inacmhainne, chun saorghluaiseacht chothrom daoine, seirbhísí agus earraí a ráthú, agus prionsabal an chomhtháthaithe chríochaigh á chomhlíonadh. Go deimhin, is í an nascacht an dúshlán is mó do na réigiúin sin, le tionchair agus costais mhéadaithe i ngach earnáil eile gníomhaíochta, rud a chuaigh chun donais le linn géarchéime, rud a fhágann go bhfuil tacaíocht an Aontais níos riachtanaí fós.

Tá an Rapóirtéir den tuairim go bhféadfadh forbairt RFanna leas mór a bhaint as cláir Eorpacha níos sonraí a chruthú, cosúil le Talmhaíocht POSEI, samhail a d’fhéadfaí a leathnú chuig limistéir fhíor-riachtanacha eile do na réigiúin sin, amhail iompar, fuinneamh, agus iascaigh POSEI a athshlánú, mar a bhí sé go dtí 2014. Ba cheart na cláir sin, dar leis, a bheith bunaithe ar rialacháin shonracha, iad a chur in oiriúint do réaltacht na RFanna agus buiséid láidre a chur ar fáil dóibh, rud a chuirfeadh tuilleadh cobhsaíochta ar fáil dóibh, mar a fhaigheann tacaíocht ó Airteagal 349.

Ní féidir Straitéis Eorpach a fhreagraíonn go fírinneach do riachtanais na RFanna ach amháin trí idirphlé buan le comhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla, agus le hinfhaighteacht sonraí iontaofa, cothrom le dáta, bunaithe ar chritéir chomhchuibhithe, atá scoite ó RFanna, maidir le

gach earnáil, rud a fhágann gur féidir measúnú tionchair comparáideach a dhéanamh ar na beartais Eorpacha atá á gceapadh againn. Is gá freisin gach sásra cumarsáide agus faisnéise le tairbhithe na gclár agus na gcistí Eorpacha sna RFanna, lena n-áirítear iad siúd sna críocha is iargúlta, agus comhionannas deiseanna á áirithiú.

Tá sé i gceist go gcuirfeadh an tuarascáil seo leis an obair atá déanta ag an gCoimisiún maidir lena straitéis, ag tréaslú agus ag tathant ar an gCoimisiún na focail a chur i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm leis freisin roinnt gnéithe a leasú agus cinn eile atá in easnamh a chur leis, chun creat straitéise a bhaint amach a bheidh in ann na RFanna a chosaint agus lánúsáid a bhaint as a n-acmhainneacht a chur chun cinn.

10.2.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM BUISÉID

chuig an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach

maidir leis an measúnú ar an teachtaireacht nua ón gCoimisiún maidir leis na réigiúin is forimeallaí
(2022/2147(INI))

Rapóirtéir don tuairim: José Manuel Fernandes

## MOLTÁÍ

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis na Réigiúin is Forimeallaí (RFanna) (COM(2022)0198); á iarraidh go gcuirfí an straitéis sin san áireamh san athbhreithniú meántéarma atá ar na bacáin ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) agus ar CAI iar-2027; á mheabhrú gur sócmhainní móra don Aontas iad na RFanna, ach go mbíonn orthu dul i ngleic le srianta buana sonracha chomh maith le mórdhúshláin eacnamaíocha agus shóisialta amhail rátaí níos airde dífhostaíochta, neamhionannais, eisiaimh agus bochtaineachta, agus OTI atá faoi bhun mheán an Aontais; ag tabhairt dá haire go dtugtar le fios leis na dúshláin sin, mar aon le héifeachtaí na géarchéime reatha, téarnamh eacnamaíoch níos moille sna RFanna ná i réigiúin eile de chuid an Aontais Eorpaigh;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún cuspóirí Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh go córasach ina thograí reachtacha agus clár ama nithiúil a cheapadh do na bearta tacaíochta a leagtar amach sa straitéis i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na RFanna lena mbaineann;

3. ag athdhearbhú a hiarrata go ndearbhófaí 2024 mar Bhliain Eorpach na nOileán;

4. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach atá ag an mbeartas comhtháthaithe maidir le hacmhainneacht RFanna a scaoileadh, i dtaca le tionchar na srianta buana atá orthu a fhritháireamh agus i dtaca le bearnaí eacnamaíocha agus sóisialta idir RFanna agus an chuid eile den Aontas a laghdú; á chur i bhfáth gur gá gnéithe sonracha RFanna a chur san áireamh ar bhealach níos fearr i gclársceidealú an chiste chomhtháthaithe, agus a áirithiú ag an am céanna gur féidir leo tairbhe iomlán a bhaint as forálacha lena gcumasaítear níos mó solúbthachta, eadhon rátaí cómhaoinithe níos airde agus rochtain ar réamh-mhaoiniú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil na Ballstáit agus na RFanna freagrach as a straitéisí agus a dtosaíochtaí forbartha faoi seach a mhúnlú agus a chur chun feidhme agus as leas iomlán a bhaint as acmhainneacht chistí AE;

5. á chur i bhfáth gur gá imthosca sonracha na RFanna a chur san áireamh go hiomlán agus an Comhaontú Glas á chur i gcrích agus leas a bhaint as an acmhainneacht atá acu

chun a neamhspleáchas straitéiseach a fhorbairt trí shlabhraí soláthair a éagsúlú, agus neamhthuilleamaíocht ó fhoinsí inathnuaite a bhaint amach trí thacaíocht leormhaith a chur ar fáil; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé leochaileacht na RFanna a chur san áireamh go córasach sa phacáiste 'Oiriúnach do 55' agus in ionstraimí gaolmhara lena dtacaítear leis an aistriú glas, amhail an Ciste Aeráide Sóisialta, an Ciste don Nuachóiriú agus an Ciste Nuálaíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na húdaráis réigiúnacha a n-iarrachtaí a chomhordú agus a áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr as na cistí de chuid an Aontais atá ar fáil chun neamhthuilleamaíocht ó fhoinsí inathnuaite a bhaint amach; ag athdhearbhú acmhainneacht na RFanna chun scéimeanna píolótacha nuálacha maidir le fuinneamh inathnuaite a fhorbairt;

6. á chur i bhfios go láidir go bhfuil RFanna an-leochaileach maidir le héifeachtaí an athraithe aeráide agus maidir le cailliúint na bithéagsúlachta, go háirithe teagmhais adhaimsire; á chur in iúl gur geal léi plean an Choimisiúin tacaíocht bhreise a chur ar fáil do rioscaí a chosc agus d'athléimneacht; á chur i bhfios go láidir, áfach, go bhfuil gá le tuilleadh infheistíochta ón Aontas in athbhunú an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta;

7. á chur in iúl gur oth léi nach leor uasteorainn bhliantúil an Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála chun freagairt ar éigeandálaí, go háirithe in RFanna, rud a laghdaíonn tacaíocht AE i bhfad faoi bhun an mhéid cabhrach a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil, agus á thabhairt chun suntais gur gá athmhachnamh a dhéanamh ar ollstruchtúr shásra Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh chun é a dhéanamh níos tapúla, níos solúbtha, níos lúfar agus, dá bhrí sin, chun é a bheith in ann freagairt níos fearr ar thubaistí réigiúnacha in RFanna;

8. a chur i bhfios go láidir go mbíonn gníomhaíocht bholcánach i roinnt RFanna; á iarraidh ar an gCoimisiún scéim Eorpach a bhunú, bunaithe ar Líonra Eorpach na bhFaireachlann agus na mBonneagar Taighde don Bholcáneolaíocht (EUROVOLC), chun acmhainneacht na réigiún bolcánach a uasmhéadú, agus chun ionad taighde Eorpach a bhunú, lonnaithe in RF;

9. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé tacaíocht a phríomhshruthú do RFanna ar fud chláir agus ionstraimí an Aontais, go háirithe Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE), an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus an clár um Chúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU); á thabhairt chun suntais gur gá síneadh a chur le spriocdhátaí forghníomhaithe RRF chun borradh a chur faoin téarnamh eacnamaíoch sna RFanna; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta agus go gcuirfear tuarascáil mhionsonraithe ina mbeidh leithdháiltí deiridh faoi bhráid na Parlaiminte;

10. á chur in iúl gur geal léi an bhéim a chuir an Coimisiún ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil agus ar chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le tionscnaimh níos spriocdhírithe do RFanna lena gcuirfí san áireamh a riachtanais shonracha chomh maith leis an ngá atá le tacaíocht airgeadais bhreise, go háirithe chun laghdú bochtaineachta, comhionannas, cuimsiú sóisialta, cúram sláinte, rochtain ar oideachas, uisce, an t-idirlíon agus tithíocht a chur chun cinn, agus bithéagsúlacht

uathúil na RFanna a chosaint agus a athbhunú chun a n-acmhainní nádúrtha agus a gcóir mhaireachtála a chaomhnú; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé tuilleadh infheistíochta a dhéanamh san fhás agus san iomaíochas, san iompar, san fhuinneamh, sa taighde, san oideachas agus san oiliúint, i soghluaisteacht na hóige agus in earnáil an chultúir; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé sainiúlachtaí RFanna a chur san áireamh in athbhreithniú na rialachán agus na dtreoirlínte maidir le Státchabhair, go háirithe tríd an tairseach *de minimis* a mhéadú; á chur in iúl gur geal léi plean an Choimisiúin comhordú agus tacaíocht níos fearr a mholadh chun feabhas a chur ar acmhainneacht taighde RFanna; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an clár Fís Eorpach i ndáil leis sin;

11. á thabhairt chun suntais gur éirigh leis an gClár de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánacht (POSEI) agus á iarraidh ar an gCoimisiún an ionstraim sin a mhacasamhlú d'earnálacha eile, amhail earnáil an iompair,0le leithdháiltí airgeadais breise sa CAI iar-2027; á chur in iúl gur oth léi go mór nach bhfuil méadú tagtha fós ar mhaoiniú POSEI mar gheall ar ionchorprú Mayotte san Aontas in 2014; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé leithdháiltí a mhéadú do thalmhaíocht POSEI amach anseo;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún caitheamh le RFanna mar shócmhainn uathúil do chaidreamh seachtrach AE, chun
fíorghníomhaí domhanda a dhéanamh den Aontas Eorpach agus leasanna agus luachanna an Aontais a chur chun cinn ar fud an domhain i gcomhréir le straitéis tairsí domhanda an Aontais; á chur in iúl gur geal léi cuspóir an Choimisiúin comhar réigiúnach na RFanna le tíortha agus críocha comharsanachta a neartú mar bhealach chun a n-athléimneacht eacnamaíoch agus a neamhthuilleamaíocht bia a threisiú agus á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhar le tairbhithe, cur chun feidhme tionscadal arna maoiniú go comhpháirteach ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ag an Eoraip Dhomhanda agus ag an gCinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear[37] a éascú, agus na réigiúin sin á n-áireamh i sásraí comhairliúcháin iomchuí;

13. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún tairseach a chruthú do gach ciste, clár agus tionscnamh beartais de chuid an Aontais Eorpaigh atá ar fáil do na RFanna; á iarraidh go gcuirfí an tairseach sin ar bun láithreach; á chur i bhfios go láidir gur gá ualaí riaracháin a laghdú agus rochtain ar chistí an Aontais a shimpliú do RFanna.

[37] Cinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear leis an Aontas Eorpach lena n-áirítear caidreamh idir an tAontas Eorpach de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge den pháirt eile (an Cinneadh maidir le Comhlachas na dTíortha Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn). IO L 355, 7.10.2021, lch. 6.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 9.2.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 32<br>–: 0<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rasmus Andresen, Pietro Bartolo, Olivier Chastel, Andor Deli, Pascal Durand, Eider Gardiazabal Rubial, Matteo Gazzini, Alexandra Geese, Vlad Gheorghe, Valentino Grant, Francisco Guerreiro, Valérie Hayer, Niclas Herbst, Hervé Juvin, Moritz Körner, Pierre Larrouturou, Camilla Laureti, Janusz Lewandowski, Margarida Marques, Siegfried Mureşan, Dimitrios Papadimoulis, Bogdan Rzońca, Nils Ušakovs, Rainer Wieland |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Jonás Fernández, Fabienne Keller, Petros Kokkalis, Eva Maria Poptcheva, Monika Vana |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Alexander Bernhuber, Alicia Homs Ginel, Ivan Štefanec |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 32 | + |
|---|---|
| ECR | Bogdan Rzońca |
| NI | Andor Deli, Hervé Juvin |
| PPE | Asim Ademov, Anna-Michelle Asimakopoulou, Alexander Bernhuber, Niclas Herbst, Janusz Lewandowski, Siegfried Mureşan, Ivan Štefanec, Rainer Wieland |
| Renew | Olivier Chastel, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Fabienne Keller, Moritz Körner, Eva Maria Poptcheva |
| S&D | Pietro Bartolo, Pascal Durand, Jonás Fernández, Eider Gardiazabal Rubial, Alicia Homs Ginel, Pierre Larrouturou, Camilla Laureti, Margarida Marques, Nils Ušakovs |
| The Left | Petros Kokkalis, Dimitrios Papadimoulis |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Alexandra Geese, Francisco Guerreiro, Monika Vana |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ID | Matteo Gazzini, Valentino Grant |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

27.2.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA

chuig an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach

Measúnú ar an teachtaireacht nua ón gCoimisiún maidir leis na réigiúin is forimeallaí (2022/2147(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Max Orville

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

– ag féachaint d'Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena ndeonaítear stádas na réigiún is forimeallaí san Aontas do na réigiúin sin,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2017 dar teideal *A stronger and renewed strategic partnership with the EU's outermost regions* [Comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas] (COM(2017)0623),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2022 dar teideal *Putting people first, securing sustainable and inclusive growth, unlocking the potential of the EU's outermost regions* [Tús áite a thabhairt do dhaoine, fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú, leas a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí san Aontas] (COM(2022)0198),

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 21 Meitheamh 2022 maidir leis an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Putting people first, securing sustainable and inclusive growth, unlocking the potential of the EU's outermost regions* [Tús áite a thabhairt do dhaoine, fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú, leas a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí san Aontas],

– ag féachaint do rún uaithi an 26 Feabhra 2014 maidir leis an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí trí shineirgí a chruthú idir na Cistí Struchtúracha agus cláir eile de chuid an Aontais Eorpaigh[38],

[38] IO C 285, 29.8.2017, lch. 58.

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Meán Fómhair 2021 dar teideal *Towards a stronger partnership with the EU outermost regions* [I dtreo comhpháirtíocht níos láidre leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas][39],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún an 2 Feabhra 2021 maidir leis an tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach i ndáil le cur chun feidhme na comhpháirtíochta straitéisí athnuaite leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas[40],

– ag féachaint don dearbhú críochnaitheach ón 27ú Comhdháil Uachtaráin na Réigiún is Forimeallaí san Aontas Eorpach, a tionóladh i bParlaimint na hEorpa an 15 agus 16 Samhain 2022,

– ag féachaint don dearbhú críochnaitheach ón 26ú Comhdháil Uachtaráin na Réigiún is Forimeallaí san Aontas Eorpach, a tionóladh in Ponta Delgada an 17-20 Samhain 2021,

– ag féachaint do bheartas réigiúnach agus comhtháthaithe an Aontais,

– ag féachaint don staidéar ar thionchar phaindéim COVID-19 ar na réigiúin is forimeallaí a d'fhoilsigh an Coimisiún an 1 Nollaig 2022[41],

– ag féachaint do pháipéar comhsheasaimh an 19 Eanáir 2022 ó na trí Bhallstát agus na naoi réigiún is forimeallaí faoi chuimsiú nuashonrú a dhéanamh ar chomhpháirtíocht straitéiseach an Choimisiúin maidir leis na réigiúin is forimeallaí agus an teachtaireacht a ghlacadh le haghaidh na réigiún sin[42],

A. de bhrí go bhfuil cónaí ar chúig mhilliún duine sna naoi réigiún is forimeallaí (RFanna) san Aontas Eorpach: Guáin na Fraince, Guadalúip, Martinique, Mayotte, La Réunion agus Saint-Martin (an Fhrainc), na hAsóir agus Maidéara (an Phortaingéil), agus na hOileáin Chanáracha (an Spáinn); de bhrí go léirítear le táscairí déimeagrafacha reatha go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar an daonra i bhformhór RFanna[43];

B. de bhrí go bhfuil freagracht ar an Aontas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil atá roimh RFanna; de bhrí, thairis sin, go

[39] IO C 117, 11.3.2022, lch. 18.
[40] IO C 37, 2.2.2021, lch. 57.
[41] *Study on the impact of the COVID-19 pandemic on the outermost regions (OR): final report* [Staidéar ar thionchar phaindéim COVID-19 ar na réigiúin is forimeallaí: tuarascáil chríochnaitheach], an Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2022.
[42] https://www.banquedesterritoires.fr/sites/default/files/2022-01/Document%20de%20position%20commune%20RUP-VF-19janvier2022.pdf.
[43] Guadalúip, Martinique, La Réunion, Saint-Martin, na hAsóir, Maidéara agus na hOileáin Chanáracha (*Cohesion in Europe towards 2050, Eighth report on economic, social and territorial cohesion* [Comhtháthú san Eoraip i dtreo 2050, An t-ochtú tuarascáil ar an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach], an Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2022, lch. 200, https://ec.europa.eu/regional_policy/information-sources/cohesion-report_en).

bhfuil forbairt na réigiún sin bunaithe go bunúsach ar roghanna agus ar ghníomhaíochtaí na réigiún féin agus a gcuid Ballstát;

C. de bhrí go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis na prionsabail a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta do RFanna, lena n-áirítear ról an Cholúin maidir le comhionannas deiseanna, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta;

D. de bhrí gur sócmhainn thábhachtach don Aontas iad na réigiúin is forimeallaí; de bhrí go bhfuil daonra óg, criosanna fairsinge eacnamaíocha mhuirí, bithéagsúlacht uathúil, foinsí saibhre fuinnimh in-athnuaite, suíomh agus aeráid atá oiriúnach d'eolaíochtaí an spáis agus do ghníomhaíochtaí réaltfhisice, bonneagar spáis suntasach agus gaireacht do thíortha eile ag go leor de RFanna, agus go bhfuil tosca struchtúracha rompu ag an am céanna amhail a n-iargúltacht, a n-oileánachas, a mbeagmhéid, a dtopagrafaíocht agus a n-aeráid achrannach, agus an spleáchas eacnamaíoch atá acu ar roinnt táirgí[44];

E. de bhrí go bhfuil neamhionannais ar cheann de na dúshláin shóisialta is mó atá roimh RFanna san Aontas; de bhrí go bhfuil tionchar díréireach ag rátaí arda bochtaineachta, dífhostaíochta agus luathfhágála scoile agus ag olltáirgeacht intíre ar RFanna i gcoitinne, ar olltáirgeacht intíre í atá go mór faoi bhun mheán AE agus na meán náisiúnta (60 % in RFanna má chuirtear meán AE-27 ag 100 %)[45]; de bhrí go bhfuil dúshláin mhóra ann sna hearnálacha atá lárnach i geilleagar RFanna, eadhon an t-iascach agus an talmhaíocht;

F. de bhrí go dtéitear i ngleic leis na héagothromaíochtaí struchtúracha atá roimh RFanna trí bheartais lena ndéantar idirdhealú dearfach i bhfabhar na réigiún sin, ar beartais iad lena n-áirithítear infheistíocht a méadaíonn cainníocht agus cáilíocht na seirbhísí poiblí léi, agus rochtain uilíoch lena spreagtar táirgeadh agus margaí áitiúla agus réigiúnacha, bonneagar teicneolaíochta, nuálaíocht agus inbhuanaitheacht, agus lena bhfeabhsaítear nascacht;

G. de bhrí, in 2021, gurbh ionann cion na ndaoine a bhí i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta agus 37,8 % sna hOileáin Chanáracha, 27,5 % sna hAsóir agus 29,2 % i Maidéara[46], ar figiúirí iad atá i bhfad níos airde ná meáin AE agus na mBallstát;

H. de bhrí go gcuireann sciúirse na handúile i ndrugaí leis an eisiamh sóisialta agus eacnamaíoch agus leis an easpa spéise i margadh an tsaothair in RFanna, agus go gcuireann sé sláinte daoine óga agus sábháilteacht an phobail i mbaol freisin[47];

---

[44] Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
[45] I ndoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 3 Bealtaine 2022 dar teideal *Outermost regions at a glance – assets, challenges and opportunities* [Sracfhéachaint ar na réigiúin is forimeallaí – sócmhainní, dúshláin agus deiseanna] (SWD(2022)0133), léirítear céatadán 60 % OTI in aghaidh an áitritheora i gcaighdeáin cumhachta ceannaigh in 2020 in RFanna. Féach: https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/policy/themes/outermost-regions/rup-2022/comm-rup-2022-glance_en.pdf.
[46] Eurostat 2021: https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/ilc_peps11n/default/table?lang=en.
[47] *Relatório anual 2021 – a situação do país em matéria de drogas e toxicodependências*, 2022, lch. 20,

I. de bhrí, maidir leis an dífhostaíocht fhadtéarmach atá in RFanna, gur féidir í a mhíniú leis an neamhréir scileanna agus ionchais mhargadh an tsaothair atá ann, ós rud é gur beag deiseanna fostaíochta agus oiliúna atá sna críocha sin, agus nach oiriúnach na deiseanna atá iontu; de bhrí gur gá a áirithiú go gcuirtear oiliúint in oiriúint do riachtanais gnólachtaí in RFanna;

J. de bhrí gur minic a bhíonn ar dhaoine óga ó na réigiúin is forimeallaí taisteal agus bogadh go réigiúin eile chun oiliúint agus oideachas sonrach a fháil; de bhrí go bhfuil an t-uafás daoine óga ag bánú na réigiún is forimeallaí mar thoradh ar an easpa deiseanna fostaíochta atá iontu, rud a raibh tionchar láidir aige ar dhéimeagrafaíocht agus ar fhorbairt na gcríoch sin[48]; de bhrí nach dtiocfaidh go leor de na daoine a bhog ar shiúl ar ais níos déanaí;

K. de bhrí gur réamhriachtanas é scileanna digiteacha a fhorbairt in RFanna chun aistriú digiteach a bhaint amach, ar aistriú é nach bhfágfar aon duine ar lár leis;

L. de bhrí, mar gheall ar an easpa bonneagair agus an leibhéal digitithe in RFanna, nach féidir cianfhoghlaim, teilea-obair ná seachadadh digiteach seirbhísí poiblí a bhaineann le fostaíocht agus le leas sóisialta a chur in úsáid go héifeachtach;

M. de bhrí go bhfuil na rátaí dífhostaíochta in RFanna níos airde ná mar atá siad ina mBallstáit faoi seach agus níos airde ná meán AE; de bhrí gur measa fós an staid de dheasca thionchar ghéarchéim COVID-19; de bhrí go ndearna na bearta a cuireadh i bhfeidhm éifeachtaí na géarchéime a mhaolú agus a theorannú go páirteach, lena n-áirítear a tionchar sóisialta; de bhrí nach eol go hiomlán go fóill an tionchar a bhí ag géarchéim COVID-19 ar fhostaíocht in RFanna;

N. de bhrí gur cúis mhór imní é leibhéal na dífhostaíochta i measc na hóige in RFanna; de bhrí, in 2022, gurbh ionann meán AE maidir leis an dífhostaíocht i measc na hóige agus 16,8 %, ach go raibh an meán idir 40 % agus 50 % in RFanna na Fraince agus na Spáinne ag an am céanna[49]; de bhrí go bhfuil neamhshlándáil agus foréigean in RFanna mar gheall ar an staid shóisialta sin atá ag dul in olcas;

O. de bhrí gur cúis mhór imní é an líon daoine óga in RFanna nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna) (22 % i gcomparáid le 11 % in AE-27)[50]; de bhrí gurbh é 13,7 % meán AE do NEETanna in 2020, agus sa bhliain chéanna gurbh ionann figiúirí NEETanna agus 23 % in Martinique, 40 % i nGuáin na Fraince, 23,2 % sna hOileáin Chanáracha agus 16,7 % i Maidéara[51];

---

https://www.sicad.pt/BK/Publicacoes/Lists/SICAD_PUBLICACOES/Attachments/178/RelatorioAnual_2021_%20ASituacaoDoPaisEmMateriaDeDrogasEToxicodependencias.pdf; *Drogues et addictions dans les outre-mer*, OFDT, 2020, lch. 48, http://www.ofdt.fr/BDD/publications/docs/epfxio2a6.pdf.

[48] COM(2022)0198, lch. 2.

[49] COM(2022)0198, lch. 8: https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/policy/themes/outermost-regions/rup-2022/comm-rup-2022_en.pdf.

[50] SWD(2022)0133, https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/policy/themes/outermost-regions/rup-2022/comm-rup-2022-glance_en.pdf.

[51] *Study on the impact of the COVID-19 pandemic on the outermost regions ORs: final report* [Staidéar ar thionchar phaindéim COVID-19 ar na réigiúin is forimeallaí: tuarascáil

P. de bhrí go bhfuil líon na luathfhágálaithe scoile in RFanna níos airde ná meán AE[52]; de bhrí go bhfuil tionchar láidir ag an bhfeiniméan sin, ar ábhar imní é, ar an bhforbairt shóisialta, ar an bhfás eacnamaíoch agus ar chomhionannas deiseanna sna críocha sin, agus gur cuireadh brú ar na réigiúin sin mar gheall air sin;

Q. de bhrí nár baineadh úsáid iomlán as leithdháiltí Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) don tréimhse 2014-2020 in RFanna, agus go bhfuil deireadh ag teacht leis an gclárthréimhse sin;

R. de bhrí nár bhain ach 28 500 duine ó RFanna tairbhe as soghluaisteacht faoin gclár Erasmus+ le linn na tréimhse 2014-2020;

S. de bhrí go bhfuil tionchar ag an easpa saoráidí iompair phoiblí in RFanna ar rochtain ar sheirbhísí, ar oideachas agus ar dheiseanna fostaíochta;

T. de bhrí nach ann do rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha amhail uisce óil, tithíocht chuibhiúil, leictreachas, oideachas, cúram sláinte, iompar poiblí agus an t-idirlíon do na háitritheoirí uile in RFanna;

U. de bhrí go bhfuil ráta fostaíochta na mban in RFanna go mór faoi bhun mheán AE agus na meán náisiúnta (47 % i gcomparáid le 62 % in AE-27)[53]; de bhrí gur minic a bhíonn fostaíocht éagobhsaí agus ghearrthéarmach roimh mhná in RFanna; de bhrí go bhfuil dífhostaíocht na mban níos airde ná dífhostaíocht na bhfear i ngach RF seachas La Réunion[54];

1. á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an Coimisiún an teachtaireacht nua maidir leis na réigiúin is forimeallaí[55], go háirithe na gnéithe a bhaineann le saincheisteanna sóisialta; á mheas gur deis í an teachtaireacht sin do RFanna, go háirithe maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an bhfostaíocht; á áitiú gur gá faireachán rialta a dhéanamh ar chur chun feidhme na teachtaireachta ón gCoimisiún; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh táscairí a bhaineann le beartais shóisialta, go háirithe maidir le dífhostaíocht i measc na hóige a laghdú, ina gcuid lárnach den fhaireachán sin; á mheas go bhféadfaí, leis an teachtaireacht, feabhas a chur ar chomhionannas deiseanna in RFanna, go háirithe do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún na Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta agus foinsí eile cistiúcháin ón Aontas atá dírithe ar RFanna a threisiú, chomh maith le hionstraimí nua a chruthú agus beartais phoiblí a mholadh lena gcuirfí fostaíocht agus freagairtí

---

chríochnaitheach], lch. 9: https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/2216604f-7420-11ec-9136-01aa75ed71a1.

[52] Eurostat 2021: https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/edat_lfse_16/default/table?lang=en.

[53] In SWD(2022)0133 ó mhí na Bealtaine 2022, léirítear rátaí fostaíochta na mban in RFanna i gcomparáid leis na meánleibhéil Eorpacha. https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/policy/themes/outermost-regions/rup-2022/comm-rup-2022-glance_en.pdf.

[54] https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/policy/themes/outermost-regions/rup-2022/comm-rup-2022_en.pdf, lch. 5.

[55] COM(2022)0198.

cuimsitheacha sóisialta chun cinn, agus béim á cur ar fhorbairt na réigiún sin agus ar laghdú na neamhionannas;

3. á chur i bhfáth, agus saintréithe sonracha RFanna á gcur san áireamh, mar a aithnítear in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nach mór go gcuirfear ar chumas an Aontais a gníomhaíocht a choigeartú go dlíthiúil chun fíordheiseanna i dtéarmaí oideachais, fostaíochta, dul chun cinn sóisialta agus dálaí maireachtála a sholáthar do na críocha sin;

4. á chur i bhfáth go bhfuil cruthú post ríthábhachtach i gcónaí chun slándáil, comhtháthú sóisialta, inmharthanacht chríochach agus tarraingteacht RFanna a ráthú; ag tabhairt dá haire, maidir leis na srianta struchtúracha atá ag RFanna, amhail iargúltacht gheografach agus leithlisiú geografach, go bhfuil siad ag brath ar líon teoranta earnálacha gníomhaíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cuidiú le RFanna pleananna a fhorbairt le haghaidh gníomhaíochtaí a éagsúlú chun feabhas a chur ar an soláthar saothair sna críocha sin;

5. á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur féidir leis an bhfiontraíocht deiseanna fostaíochta a chruthú in RFanna; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feachtais faisnéise a sheoladh maidir leis na roghanna agus na bearta tacaíochta atá ann chun cabhrú le gníomhaíochtaí a bhunú in RFanna;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá le luathfhágáil na scoile in RFanna agus malartú dea-chleachtas a mholadh chun réitigh nithiúla ar an bhfadhb sin a sholáthar;

7. á chur i bhfios gur féidir poist a dhéanamh níos tarraingtí agus dul i ngleic le ganntanas oibrithe in RFanna trí feabhas a chur ar dhálaí oibre; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, an straitéis Eorpach um chúram, a d’fhéadfadh treoir úsáideach a thabhairt i leith na mbeartas poiblí atá le cur chun feidhme in RFanna chun aire a thabhairt don daonra atá ag dul in aois;

8. á chur i bhfáth go bhfuil an geilleagar neamhfhoirmiúil forleathan in RFanna, rud a fhágann gur deacair anailís chruinn a dhéanamh ar fhigiúirí fostaíochta agus beartais shóisialta a chur chun feidhme go héifeachtach; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit obair neamhdhearbhaithe a chomhrac, mar shampla, trí bhíthin córais dreasachta agus uirlisí dearbhaithe simplithe;

9. á chur i bhfáth go bhfuil cur chun feidhme éifeachtach na Ráthaíochta Eorpaí do Leanaí ríthábhachtach chun bochtaineacht leanaí a chomhrac in RFanna agus chun fáinne fí na bochtaineachta idirghlúine a bhriseadh; á iarraidh ar na Ballstáit bearta sonracha do RFanna a áireamh ina bpleananna náisiúnta cur chun feidhme maidir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí agus san athbhreithniú a dhéanfar ar na pleananna sin; á iarraidh ar an gCoimisiún acmhainneacht iomlán na hionstraime sin a áirithiú trí scaipeadh faisnéise a áirithiú i gcomhar le geallsealbhóirí áitiúla;

10. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé seirbhísí poiblí a fheabhsú in RFanna, trí chomhar réigiúnach neartaithe, éagsúlú eacnamaíoch, infheistíochtaí in T&F agus digitiú, gairmoideachas agus gairmoiliúint treisithe, deiseanna uas-scilithe agus athscilithe agus

beartais ghníomhacha mhargadh an tsaothair, chun dul i ngleic leis an dífhostaíocht fhadtéarmach agus leis an dífhostaíocht i measc na hóige go háirithe (45,82 % i gcomparáid le 16,8 % in AE-27)[56];

11. á athdhearbhú gur sócmhainn thábhachtach í acmhainneacht na ndaoine óga in RFanna nach mbaintear leas leordhóthanach aisti go minic; á mheabhrú gur gá do RFanna daoine óga a chumhachtú, go háirithe tríd an oideachas foirmiúil agus seachfhoirmiúil, chun an infhostaitheacht a fheabhsú trí fhorbairt scileanna agus gairmoiliúint; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá cláir chun an taithí a fuarthas a bhailíochtú i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil;

12. á iarraidh go nglacfadh níos mó daoine óga ó RFanna páirt san obair dheonach agus sna tionscadail dlúthpháirtíochta áitiúla a chuir an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach ar fáil;

13. á chur i bhfáth go bhfuil staid shóisialta na ndaoine óga ina cúis mhór imní in RFanna; á iarraidh, ina leith sin, go ndéanfaí an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg a imscaradh go cuí in RFanna; á chreidiúint go bhfuil gá le meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na ráthaíochta sna críocha sin, lena n-áirítear measúnú ar na bacainní atá ann cheana roimh dhaoine óga, go háirithe maidir le rochtain ar oideachas agus ar fhostaíocht;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le fostaíocht don aos óg in RFanna, go háirithe trí bheith ag obair le geallsealbhóirí áitiúla, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, ollscoileanna, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus údaráis áitiúla, chun ionaid ilfhreastail dhigiteacha a bhunú d’fhonn tacú le cuardaitheoirí poist óga atá ag lorg poist nó ar mian leo gnólacht a bhunú nó a thógáil ar láimh; á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go mbeidh RFanna tarraingteach agus go gcuirfear deiseanna fostaíochta ar fáil in earnálacha éagsúla an gheilleagair chun cás ina mbogann daoine, go háirithe daoine óga, ar shiúl a sheachaint agus chun bánú na limistéar sin a chosc;

15. á chur i bhfáth gur gá straitéisí a cheapadh chun daoine óga a choinneáil in RFanna agus chun imirce daoine oilte a chomhrac; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Harnessing talent in Europe’s regions* [Leas a bhaint as an tallann i réigiúin na hEorpa][57] agus á thabhairt chun suntais an tábhacht ar leith atá aici do RFanna;

16. á chur i bhfáth gur gá feabhas a chur ar na dálaí d’oibrithe agus dá dteaghlaigh a bhfuil baint acu le táirgeadh talmhaíochta; á chreidiúint gur gá táirgí talmhaíochta na réigiún is forimeallaí a choimirciú, lena ndéantar a n-ardcháilíocht a chosaint agus a chur chun cinn, chomh maith lena ndíol a éascú;

17. á chur i bhfáth gur gá comhionannas inscne a áirithiú, chomh maith le cumhachtú sóisialta, eacnamaíoch agus polaitiúil na mban in RFanna trí rochtain ar phoist ardcháilíochta a chur chun cinn, lena n-áirítear pá comhionann agus luach saothair cóir; á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht le cúram leanaí inacmhainne, chomh maith le

---

[56] In SWD(2022)0133 ó mhí na Bealtaine 2022, léirítear na rátaí fostaíochta don aos óg in RFanna i gcomparáid le meánleibhéal AE-27. https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/policy/themes/outermost-regions/rup-2022/comm-rup-2022-glance_en.pdf.
[57] COM(2023)0032, an 17 Eanáir 2023.

hidirdhealú, foréigean inscnebhunaithe agus gnéaschiapadh a chomhrac, go háirithe san ionad oibre; á chur i bhfáth, thairis sin, gur gá rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a chur chun cinn chun borradh a chur faoi rátaí fostaíochta;

18. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a seacht ndícheall a dhéanamh chun rochtain ar sheirbhísí riachtanacha in RFanna a áirithiú; á chur i bhfáth gur príomhthoisc í rochtain ar na seirbhísí sin chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac; á chur i bhfáth nach mór réitigh a chur ar fáil do na daoine is leochailí le beartais phoiblí éifeachtacha d'fhonn comhtháthú sóisialta a neartú;

19. á iarraidh ar an gCoimisiún díriú ar chosc, athimeascadh sa tsochaí agus filleadh ar an bhfostaíocht agus straitéis drugaí AE á cur chun feidhme aige; á iarraidh ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le cistiú Eorpach d'ionaid theiripeacha in RFanna, atá dírithe ar chúram a dhéanamh d'andúiligh drugaí, iad a athshlánú agus a athimeascadh i margadh an tsaothair; ag tabhairt rabhaidh faoi andúil nua in RFanna faoi láthair, go háirithe faoin méadú atá tagtha ar úsáid drugaí sintéiseacha a bhfuil rioscaí tromchúiseacha ag gabháil léi do mheabhairshláinte daoine óga, agus gur cheart aird ar leith a thabhairt uirthi[58];

20. á chur i bhfáth go bhfuil dreasachtaí fostaíochta úsáideach chun feabhas a chur ar imeascadh grúpaí faoi mhíbhuntáiste i margadh an tsaothair in RFanna agus chun iad a choinneáil; á chreidiúint gur cheart riachtanais fhadtéarmacha agus inbhuanaitheacht a chur san áireamh sna dreasachtaí fostaíochta sin;

21. á chur i bhfáth nár cailleadh tuilleadh post mar gheall ar na bearta tacaíochta don gheilleagar agus do mhargadh an tsaothair arna nglacadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, amhail an nós imeachta maidir leis an gcóras státchabhrach a mhaolú, Cúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa (REACT-EU) agus na pacáistí CRII (an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas) agus CRII+ (an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas Plus); á chur i bhfáth go bhfuil gá le meastóireacht chríochnúil a dhéanamh ar na beartais náisiúnta agus na cláir thacaíochta a cuireadh i bhfeidhm in RFanna chun éifeachtaí phaindéim COVID-19 ar an bhfostaíocht a mhaolú, d'fhonn ionstraimí éifeachtacha a shainaithint lena n-úsáid go leanúnach agus amach anseo;

22. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit meastóireacht a dhéanamh ar na criosanna eacnamaíocha speisialta atá ann cheana agus iad a athnuachan agus a oiriúnú chun téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta, cruthú post agus forbairt scileanna a chur chun cinn in RFanna, go háirithe maidir leis na hearnálacha is leochailí agus is mó a bhfuil gealladh fúthu, agus dálaí oibre cuibhiúla agus na rialacha iomchuí maidir le sláinte agus sábháilteacht ceirde á gcosaint ag an am céanna; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, a mheas an bhféadfadh RFanna eile tairbhe a bhaint as criosanna eacnamaíocha speisialta, measúnú a dhéanamh ar na tionchair ghaolmhara eacnamaíocha, shóisialta, chomhshaoil agus fhioscacha a bhaineann leo agus bunú na limistéar sin a éascú i gcás inarb iomchuí; á chur i bhfáth gur gá borradh a chur faoi

[58] *Relatório anual 2021 – a situação do país em matéria de drogas e toxicodependências*, 2022, lch. 20, https://www.sicad.pt/BK/Publicacoes/Lists/SICAD_PUBLICACOES/Attachments/178/RelatorioAnual_2021_%20ASituacaoDoPaisEmMateriaDeDrogasEToxicodependencias.pdf.

mhargaí áitiúla, faoi tháirgeadh táirgí áitiúla, faoi inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear an turasóireacht, agus faoin gcumas nuálaíocht eacnamaíoch a chothú, mar shampla maidir le fuinnimh in-athnuaite;

23. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá CSE+ in RFanna chun an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar RFanna feabhas a chur ar an rochtain ar CSE+ in RFanna trí fheachtais faisnéise a sheoladh, trí mhalartú dea-chleachtas a chur chun cinn, trí chómhaoiniú AE a mhéadú, trí sheirbhísí tacaíochta a sholáthar do cheannairí tionscadail agus trí oiliúint a sholáthar d'údaráis bhainistíochta chun a n-acmhainneacht dhaonna agus riaracháin a neartú agus trí níos mó maoinithe ón Aontas a sholáthar dóibh chun réamh-mhaoiniú a éascú; á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ualach riaracháin d'iarratasóirí a laghdú;

24. á chur i bhfáth nach mór beartais AE a chomhlánú le cistiú leormhaith bunaithe ar chur chuige saincheaptha, de réir críche, chun a áirithiú gur féidir le daoine leas a bhaint as comhionannas deiseanna agus gur féidir le RFanna tairbhe iomlán a bhaint as tionscnaimh AE; á iarraidh, go háirithe, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear i réimsí a bhaineann le fostaíocht ardcháilíochta, oideachas, scileanna, cuimsiú sóisialta agus rochtain chomhionann ar chúram sláinte; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, an leithdháileadh breise EUR 370 milliún ar RFanna faoi CSE+ 2021-2027;

25. á thabhairt chun suntais gur ionstraim thábhachtach é an t-oideachas agus an oiliúint, mar aon le himeascadh i margadh an tsaothair, chun an bhochtaineacht agus neamhionannais a chomhrac; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le bearta atá dírithe ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus ar ghrúpaí ar bheagán oiliúna in RFanna, go háirithe NEETanna, agus béim á leagan ar oideachas agus ar oiliúint lena bhféadfar scileanna breise a fhorbairt; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla lena mbaineann a áirithiú go ndéanfaí an t-oideachas agus an oiliúint atá ar fáil a éagsúlú i gcomhréir le riachtanais na réigiún agus a bpobal, agus comhionannas deiseanna á n-áirithiú ag an am céanna trí bhearta a neartú chun an dífhostaíocht, an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta in RFanna a chomhrac, lena n-áirítear trí sheirbhísí poiblí fostaíochta a neartú, trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn agus trí bhearta eile atá dírithe ar an bhforbairt ghairmiúil;

26. ag tabhairt dá haire go bhfuil neamhréir scileanna ann in RFanna; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, an cinneadh ón gCoimisiún chun Bliain Eorpach na Scileanna a dhéanamh de 2023; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí sonracha a fhorbairt a rachaidh chun tairbhe do RFanna, amhail sainaithint na riachtanas scileanna in RFanna sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma;

27. á chur in iúl gur geal léi cruthú thionscnamh ALMA (Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh) chun daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste a chuimsiú go gníomhach; á chur i bhfáth go bhfuil spéis ar leith ag RFanna sa tionscnamh sin, ós rud é go bhfuil go leor NEETanna iontu; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh acmhainní airgeadais leormhaithe ag gabháil leis an tionscnamh sin chun an líon is mó tairbhithe is féidir a áirithiú; á chreidiúint gur cheart gníomhaíocht dhearfach a dhéanamh chun rannphairtíocht daoine óga ó RFanna a áirithiú;

28. á chur i bhfáth go bhfuil gá le hinfheistíocht i scileanna digiteacha, bonneagar, nascacht agus trealamh digiteach chun aistriú digiteach cuimsitheach in RFanna a áirithiú; á chreidiúint go bhfuil an digitiú ar cheann de na bealaí trínar féidir le RFanna a mbacainní geografacha a shárú agus rochtain ar oideachas, ar oiliúint agus ar sheirbhísí poiblí digiteacha a mhéadú; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh RFanna a bheith ina gceann scríbe tarraingteach do theilea-oibrithe idirnáisiúnta;

29. ag tabhairt dá haire gur deis iad na farraigí agus na haigéin thart ar RFanna chun earnálacha a fhorbairt lena gcuirtear poist ghorma ar fáil agus lena gcuirtear le tarraingteacht na gcríoch; á mheabhrú go bhfuil lorg na mblianta ar na cabhlaigh iascaireachta in RFanna; á chur i bhfáth go bhfuil ról ag príomhearnálacha eacnamaíocha maidir le fostaíocht a choinneáil in RFanna, go háirithe earnáil na talmhaíochta, earnáil an iascaigh, earnáil na turasóireachta agus earnáil na foraoiseachta; á chur i bhfáth, ina leith sin, gur gá daoine óga a mhealladh chuig na hearnálacha sin, chomh maith le hearnálacha eile, a d’fhéadfadh a bheith ina gceann feadhna ar dhul chun cinn an gheilleagair sna réigiúin sin;

30. á chur i bhfáth, thairis sin, go bhfuil sé ríthábhachtach gur cheart go leanfadh clár de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánacht (POSEI), go háirithe, de thacaíocht a thabhairt do mhaoiniú agus d’fhorbairt an gheilleagair áitiúil, agus ar an gcaoi sin go bhféadfaí poist a choinneáil sna críocha sin; á iarraidh ar an gCoimisiún aitheantas a thabhairt do shainiúlachtaí RFanna agus tacú le tionscnaimh chun dálaí níos fearr a chruthú d’oibrithe in earnáil na talmhaíochta agus in earnáil an iascaigh agus athnuachan glúine níos fearr a áirithiú;

31. á iarraidh ar an gCoimisiún dea-chleachtais a mhalartú chun tarraingteacht na n-earnálacha sin a mhéadú toisc go rannchuidíonn siad leis an tslándáil bia sna réigiúin sin; á chur i bhfáth go bhfuil cabhair le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta sna hearnálacha sin tábhachtach chun an cuspóir sin a bhaint amach; á iarraidh ar an gCoimisiún tacaíocht láidir a thabhairt do RFanna chun samhail eacnamaíoch inbhuanaithe nua agus forbairt an gheilleagair shóisialta a chur chun cinn trí thionscnaimh spriocdhírithe lena gcuirtear poist agus gairmeacha nua ‘glasa’ chun cinn;

32. á thabhairt chun suntais go mbraitheann geilleagair RFanna go mór ar earnáil na turasóireachta agus earnáil an iompair, a raibh tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 orthu; á iarraidh, dá bhrí sin, ar na Ballstáit, mar aon leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla lena mbaineann, oibriú le chéile chun téarnamh socheacnamaíoch RFanna a áirithiú ar an mbealach is fearr, agus dúshláin amhail ardú praghsanna mar gheall ar bhoilsciú agus suaitheadh na slabhraí soláthair á gcur san áireamh;

33. á chur i bhfáth go bhfuil RFanna an-soghabhálach i leith géarchéimeanna eacnamaíocha, amhail an ghéarchéim a eascraíonn as an mborradh atá ann faoi láthair ar an mboilsciú; á iarraidh ar an gCoimisiún ionstraimí a chur chun cinn lena ndéantar éifeachtaí géarchéimeanna ar dhaonraí RFanna a fhritháireamh, lena n-áirítear trí phraghsanna táirgí bia agus fuinnimh a rialú, agus ar an gcaoi sin teacht chun cinn limistéar nua bochtaineachta agus eisiaimh a chomhrac;

34. á athdhearbhú gur gá gnéithe sonracha RFanna a mheas i ngach timthriall bliantúil den Seimeastar Eorpach agus na gnéithe sin a léiriú sna moltaí tírshonracha don Phortaingéil, don Spáinn agus don Fhrainc;

35. á chur i bhfáth go bhfuil RFanna an-soghabhálach i leith éifeachtaí teagmhas adhaimsire arb é an t-athrú aeráide is cúis leo agus go ndéanann sé sin difear go háirithe do na pobail áitiúla agus don táirgeadh áitiúil araon; á iarraidh ar an gCoimisiún sásraí freagartha níos tapúla a áirithiú, lena n-áirítear tríd an gCiste Dlúthpháirtíochta;

36. á thabhairt chun suntais go bhfuil éagothromaíochtaí ann fiú idir RFanna, agus nach raibh cuid acu in ann rochtain ar shláintíocht bhunúsach agus ar uisce óil a chur ar fáil dá bpobail go fóill; á chur i bhfios, thairis sin, nach bhfuil dea-chlúdach idirlín leathanbhanda ná rochtain ar idirlíon leathanbhanda fiú ag go leor de na daoine a bhfuil cónaí orthu sna limistéir is iargúlta sna réigiúin sin;

37. á iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur lena theachtaireacht in RFanna maidir le cláir AE atá ann cheana a bhaineann le fostaíocht agus gairmoiliúint, chomh maith lena láithreacht ar an láthair trí oifigí fisiciúla a bhunú;

38. á thabhairt chun suntais go bhfuil ganntanas lucht saothair ann in earnálacha bunúsacha do RFanna agus go bhfuil méadú tagtha ar phraghsanna ábhar, rud a fhágann go bhfuil sé deacair tionscadail struchtúracha a chur i gcrích do na réigiúin sin;

39. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhpháirtíochtaí ollscoile a chur chun cinn chun soghluaisteacht mac léinn chuig RFanna agus uathu a spreagadh, chomh maith le malartuithe laistigh de RFanna;

40. á chur in iúl gur geal léi go sonraítear sa chlár Erasmus+ 2021-2027 nach mór na srianta a bhaineann le hiargúltacht RFanna a chur san áireamh; ag tabhairt dá haire, áfach, gur minic nach leor an chabhair airgeadais a dheonaítear chun soghluaisteacht a spreagadh; á iarraidh go ndéanfaí an t-uasmhéid cabhrach a dheonú do mhic léinn ó RFanna nuair a chuirfear an clár Erasmus+ chun feidhme, agus go ndéanfaí an chabhair airgeadais a mhéadú, más gá, chun na fíorchostais taistil a chumhdach;

41. á iarraidh ar an gCoimisiún comhpháirtíochtaí a fhorbairt le tríú tíortha atá i gcomharsanacht RFanna faoin gclár Erasmus+ chun malartuithe ollscoile agus malartuithe idir gnólachtaí i limistéar geografach RFanna a chur chun cinn tuilleadh;

42. á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar mhalartuithe daoine óga i ngairmoiliúint a chur ar bun, faoin gclár Erasmus+, ionas gur féidir le cuideachtaí in RFanna agus ar mhór-roinn na hEorpa araon duine a chuig áit agus fáilte a chur roimh dhuine eile le linn na tréimhse céanna;

43. ag tacú le bearta maidir le haosú gníomhach a chur chun cinn sna réigiúin sin, amhail raon feidhme ghníomhaíochtaí ‘spóirt’ an chláir Erasmus+ a leathnú chun tionscnaimh lena gcuirtear gníomhaíocht choirp do dhaoine scothaosta chun cinn agus gníomhaíochtaí spóirt idirghlúine a áireamh; ag tacú, thairis sin, mar chuid de chur chuige foghlama ar feadh an tsaoil, le dreasachtaí chun líonra Eorpach ollscoileanna sinsearacha a chur ar bun in RFanna, ar ollscoileanna iad a mbeidh uirlisí foghlama

sonracha acu agus a chuirfidh rochtain ar fhaisnéis, malartuithe dea-chleachtas agus malartuithe mac léinn ar fáil;

44. á athdhearbhú gur gá bearta a dhéanamh chun gairmithe cúraim sláinte a spreagadh le cur fúthu in RFanna chun éagothromaíochtaí i seirbhísí sláinte a laghdú;

45. á chur i bhfios go bhfuil neamhionannais shuntasacha fós in earnáil na sláinte san Aontas, go háirithe in RFanna, lena n-áirítear maidir le hailse a chosc agus a chomhrac; á chur i bhfáth gur gá áitritheoirí na réigiún sin a shainaithint agus aird ar leith a thabhairt orthu chun a áirithiú go mbeidh rochtain chuí acu ar sheirbhísí chun ailse a chosc agus a chomhrac, trí chruthú beartas poiblí mar chuid de Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa a mholadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh;

46. á chur i bhfáth gur gá bearta a dhéanamh chun lonnú múinteoirí a chur chun cinn agus chun tacú leo, go háirithe i ndisciplíní na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (ETIM), a bhfuil tábhachtach ag baint leo maidir leis an dá aistriú, chun litearthacht a áirithiú sna réimsí sin agus chun spéis daoine óga iontu a spreagadh;

47. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá ceaintíní scoile chun a áirithiú go bhfaighidh leanaí in RFanna cothú cuí agus, i mórán cásanna, go mbeidh béilí rialta acu; á athdhearbhú, dá bhrí sin, go bhfuil tábhacht leis an scéim scoile de chuid an Aontais chun torthaí agus glasraí a sholáthar, ar cheart leochaileacht na réigiún sin a chur san áireamh inti; á iarraidh, go háirithe, go ndéanfaí pleananna náisiúnta a oiriúnú chun freagairt ar bhealach níos fearr do na riachtanais sin;

48. á chur i bhfios go mbeidh teaghlaigh in RFanna i mbaol na bochtaineachta fuinnimh de dheasca costas maireachtála níos airde agus praghsanna fuinnimh níos airde; ag tathant ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, an staid sin a chur san áireamh sna huirlisí urghnácha agus sna bearta urghnácha uile a d’fhéadfadh sé a chruthú chun rochtain ar sheirbhísí fuinnimh bunriachtanacha a áirithiú;

49. ag tabhairt dá haire, mar thoradh ar iargúltacht, easpa bonneagair agus easpa deiseanna ar an margadh saothair áitiúil, go bhfuil an t-uafás céimithe óga ag bánú roinnt de na réigiúin is forimeallaí chun aghaidh a thabhairt ar an mór-roinn; á iarraidh ar RFanna straitéisí sonracha a fhorbairt a bheidh dírithe ar dhaoine óga ó RFanna a mhealladh chun filleadh ar na críocha sin;

50. á chur i bhfáth gur ábhair imní in RFanna freisin iad an daonra atá ag dul in aois, an méadú ar an meánionchas saoil agus an laghdú ar an ráta breithe in ainneoin líon na ndaoine óga, ní hamháin toisc go mbíonn laghdú ar an lucht saothair agus brú suntasach ar chórais slándála sóisialta mar thoradh orthu, ach freisin mar gheall ar an ngá atá le bearta a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh neamhspleáchas agus deireadh saoil díniteach ag ár gcomhshaoránaigh;

51. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an Líonra Eorpach Seirbhísí Fostaíochta (EURES) agus ag tarraingt aird ar leith ar riachtanais tosaíochta mhargadh an tsaothair i ngníomhaíochtaí EURES, chun cabhrú le daoine dífhostaithe filleadh ar an bhfostaíocht agus chun saorghluaiseacht oibrithe chuig RFanna a éascú;

52. á chur i bhfios go bhfuil gá suntasach fós le tithíocht shóisialta in RFanna, ar cheart dá bonneagar sraith ceanglas inbhuanaitheachta a chomhlíonadh freisin, i gcomhréir leis na spriocanna chun an aeráidneodracht a bhaint amach; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nár cheart do na ceanglais sin cur isteach ar an gcomhrac i gcoinne neamhionannas ná cur isteach ar an gceartas sóisialta sna réigiúin sin, agus go bhfuil sé de dhualgas, dá bhrí sin, ar Bhallstáit AE agus ar údaráis réigiúnacha cruthú na n-ionstraimí is gá a mholadh agus na hionstraimí sin a sholáthar;

53. á chur in iúl gur oth léi an laghdú atá tagtha ar an dlúthpháirtíocht láidir idirghlúine in RFanna; á chreidiúint go bhféadfaí an nasc idirghlúine sin a fheabhsú trí chláir mheantóireachta a chruthú chun comhroinnt eolais agus tacaíocht atá curtha in oiriúint do dhaoine óga agus do chuardaitheoirí poist a neartú;

54. á chur i bhfáth gur beart comhtháthaithe sóisialta í soghluaisteacht rialta, shábháilte agus inrochtana do dhaoine in RFanna lena soláthraítear rochtain ar dheiseanna nua fostaíochta, oideachais agus oiliúna, agus ar chúram sláinte; á athdhearbhú, dá bhrí sin, go bhfuil gá le beartas iompair Eorpach agus náisiúnta lena bhféadfar an cuspóir sin a bhaint amach agus, go háirithe, lena bhforáilfear do chlár sonrach don iompar sna réigiúin sin;

55. ag tabhairt dá haire go mbeadh RFanna ina gcríocha oiriúnacha chun beartais shóisialta nuálacha a fhorbairt amhail ‘conair an tríú deis’ a bheadh dírithe ar dhaoine de gach aois a bhíonn ag obair a athimeascadh sa tsochaí agus i margadh an tsaothair nó ar chúram daoine scothaosta, i bhfianaise an daonra atá ag dul in aois;

56. ag cur béim ar an ról tábhachtach atá ag an ngeilleagar sóisialta in RFanna, mar chomhpháirtí de chuid na n-údarás réigiúnach agus áitiúil maidir leis na srianta a bhaineann leis an iargúltacht, leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta a chomhrac, agus maidir le poist a chruthú agus tionscnaimh a fhorbairt sna réigiúin sin; á iarraidh ar an gCoimisiún rannpháirtíocht RFanna i líonra Réigiúin Gheilleagar Sóisialta na hEorpa a áirithiú;

57. ag tacú le treoirthionscadal a chruthú le haghaidh clár simplithe AE a bhfuil rochtain dhíreach air a bheidh dírithe ar institiúidí príobháideacha tacaíochta sóisialta in RFanna, lena n-áirítear línte cistiúcháin neamh-inaisíoctha do thionscadail ar mionscála, tacaíocht d’oiliúint d’fhoireann theicniúil agus chúnta sna réimsí éagsúla idirghabhála, cómhaoiniú do thionscadail ar mórscála a bhfuil baint acu le comhpháirtíochtaí trasteorann agus tacaíocht do thionscnaimh chun dea-chleachtais a chomhroinnt;

58. á iarraidh ar an gCoimisiún lánúsáid a bhaint as uirlisí an tSeimeastair Eorpaigh agus as na moltaí tírshonracha chun anailís a dhéanamh ar bheartais phoiblí in RFanna agus chun comhairle a thabhairt ina leith d’fhonn cóineasú sóisialta aníos a bhaint amach;

59. á iarraidh ar an gCoimisiún cruinniú mullaigh sóisialta a eagrú in RFanna chun spriocanna Porto agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a phlé agus a chur chun feidhme sna críocha sin; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé geallsealbhóirí ó RFanna a chur san áireamh chun úinéireacht agus cur chun feidhme cuí beartas sóisialta a áirithiú.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 6.2.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 35<br>–: 0<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Atidzhe Alieva-Veli, Dominique Bilde, Gabriele Bischoff, Milan Brglez, Leila Chaibi, Ilan De Basso, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Helmut Geuking, Elisabetta Gualmini, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius, Irena Joveva, Radan Kanev, Stelios Kympouropoulos, Sara Matthieu, Max Orville, Kira Marie Peter-Hansen, Dragoş Pîslaru, Dennis Radtke, Elżbieta Rafalska, Guido Reil, Daniela Rondinelli, Mounir Satouri, Nikolaj Villumsen, Marianne Vind |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Carmen Avram, Samira Rafaela, Evelyn Regner, Véronique Trillet-Lenoir, Kim Van Sparrentak |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Franc Bogovič, Vlad Gheorghe |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 35 | + |
|---|---|
| ID | Dominique Bilde |
| PPE | Franc Bogovič, Jarosław Duda, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Helmut Geuking, Radan Kanev, Stelios Kympouropoulos, Dennis Radtke |
| Renew | Atidzhe Alieva-Veli, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Vlad Gheorghe, Irena Joveva, Max Orville, Dragoş Pîslaru, Samira Rafaela, Véronique Trillet-Lenoir |
| S&D | João Albuquerque, Carmen Avram, Gabriele Bischoff, Milan Brglez, Ilan De Basso, Estrella Durá Ferrandis, Elisabetta Gualmini, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius, Evelyn Regner, Daniela Rondinelli, Marianne Vind |
| The Left | Leila Chaibi, Nikolaj Villumsen |
| Verts/ALE | Sara Matthieu, Kira Marie Peter-Hansen, Mounir Satouri, Kim Van Sparrentak |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ECR | Elżbieta Rafalska |
| ID | Guido Reil |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

31.1.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT

chuig an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach

maidir le measúnú ar an teachtaireacht nua ón gCoimisiún Eorpach maidir leis na Réigiúin is Forimeallaí
2022/2147(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Beata Mazurek

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht ar an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur cuid dhílis den Aontais iad na réigiúin is forimeallaí agus go gcuirtear i láthair leo deiseanna agus dúshláin araon a bhaineann lena luach ard bithéagsúlachta, tionchair an athraithe aeráide agus soghluaisteachta, inrochtaineacht agus srianta nascachta; de bhrí gur cheart rochtain a bheith ag na réigiúin sin ar ionstraimí agus cláir chistiúcháin de chuid an Aontais lena dtacaítear le soghluaisteacht, iompar agus turasóireacht;

B. de bhrí go bhfuil na réigiúin is forimeallaí ag brath go mór ar iompar, go háirithe naisc aeir agus mhuirí mar an t-aon nasc amháin atá acu leis an mór-roinn, agus go bhfuil costais bhreise orthu a bhaineann le hallmhairiú agus onnmhairiú earraí agus seirbhísí, lena bhforbairt eacnamaíoch réigiúnach agus le hiompar paisinéirí; de bhrí gur méadaítear na dúshláin sin i gcás oileánraí, mar gheall ar an oileánachas dúbailte;

C. de bhrí gur saintréithe na réigiún is forimeallaí an iargúltacht agus an t-oileánachas, rud a fhágann go bhfuil siad níos leochailí fós; de bhrí go bhfuil siad ag brath go háirithe ar ghníomhaíochtaí atá bunaithe ar an ngeilleagar gorm, amhail iompar muirí, loingseoireacht agus turasóireacht; de bhrí gur moil thábhachtacha iad calafoirt chun earraí agus paisinéirí a iompar;

D. de bhrí gur gá astaíochtaí san earnáil mhuirí agus eitlíochta a laghdú chun na spriocanna atá leagtha amach sa Chomhaontú Glas don Eorpach agus sa Dlí Aeráide Eorpach a bhaint amach[59]; de bhrí gur cheart dóthain ama a thabhairt do na réigiúin is forimeallaí chun dul in oiriúint d'aistriú den sórt sin;

[59] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ( IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

E. de bhrí go rannchuidíonn an turasóireacht le cuid shuntasach de gheilleagair na réigiún is forimeallaí; de bhrí gur fhulaing an earnáil go mór de bharr na géarchéime COVID-19 agus praghsanna fuinnimh, breosla agus bia ardaithe mar thoradh ar ionradh neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin; de bhrí go gcaithfidh sí freagairt freisin do na haistrithe glasa agus digiteacha;

F. de bhrí go bhfuil ról ríthábhachtach ag earnáil an gheilleagair ghoirm i bhfás eacnamaíoch agus i rathúnas na réigiún is forimeallaí; de bhrí gurb ionann turasóireacht chósta agus mhuirí 60 % den fhostaíocht sa gheilleagar gorm agus go bhfuil gairmithe ardcháilithe agus oilte ag teastáil uaithi;

G. de bhrí go n-aithnítear i straitéis bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030 go bhfuil luach fíor-ard bithéagsúlachta ag na réigiúin is forimeallaí agus deimhnítear léi go gcuirfeadh an Coimisiún fáilte roimh áireamh na réigiún is forimeallaí i líonra limistéir faoi chosaint Natura 2000 de chuid an Aontais Eorpaigh, rud nach amhlaidh fós;

H. de bhrí go bhfuil na réigiúin is forimeallaí faoi bhagairt ar leith ag tionchair an athraithe aeráide, ainneoin nár rannchuidigh siad ar bhealach suntasach le cúiseanna an athraithe aeráide;

I. de bhrí, d’fhonn forbairt eacnamaíoch agus caomhnú éiceachórais leochaileacha a chomhcheangal, ba cheart do na réigiúin is forimeallaí úsáid a bhaint as a n-acmhainneacht mhór chun earnálacha tábhachtacha a fhorbairt, amhail éiceathurasóireacht agus fo-earnálacha eile na turasóireachta, an tsoghluaisteacht inbhuanaithe, an geilleagar ciorclach agus fuinnimh in-athnuaite, a eascraíonn as. a suíomh nádúrtha;

1. á athdhearbhú an gá atá le comhtháthú críochach na réigiún go léir is forimeallaí a áirithiú trí iompar muirí agus aeriompar; de bhrí nár cheart go ndéanfadh costais arda dhíréireacha, bíodh sé do phaisinéirí nó d’earraí, difear don iompar;

2. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Gréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T)[60], ar leasú é lena sainaithnítear riachtanais nascachta na réigiún is forimeallaí agus lena leagtar béim ar chomhtháthú agus ar inrochtaineacht mar chuspóirí agus mar thosaíochtaí, ionas go bhféadfaidh siad a bheith incháilithe do thacaíocht ón tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE); á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún, chun na críche sin, an bonneagar iomchuí do na réigiúin sin a chur san áireamh i TEN-T, i gcás inarb ábhartha, chun rochtain a fháil ar SCE, leis an uasráta cómhaoinithe comhfhreagrach 70 %, agus ar na Conairí Eorpacha Iompair, chun tacaíocht a thairiscint, inter alia, do bhonneagar soláthair breosla mhalartach i gcalafoirt, dá leathnú agus dá gcothabháil, do shoghluaisteacht uirbeach, don eitlíocht agus don ghréasán bóithre;

3. á chur i bhfios gur baineadh de thátal as an gcomhaontú sealadach idirinstitiúideach maidir leis an athbhreithniú ar rialacha Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh

[60] Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1).

is infheidhme maidir le heitlíocht  gur cheart go mbeadh eitiltí idir aerfort atá suite i réigiún is forimeallaí de chuid Ballstáit agus aerfort atá suite sa Bhallstát céanna, lena n-áirítear aerfort eile i réigiún is forimeallaí den Bhallstát céanna, díolmhaithe ó Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh go dtí 2030; á chrediúint, ar an gcaoi chéanna, gur cheart go ndéanfar turais mhuirí idir calafort atá suite sa réigiún is forimeallaí de chuid Bhallstáit agus calafort atá suite sa Bhallstát céanna, lena n-áirítear calafort eile i réigiún is forimeallaí den Bhallstát céanna, chomh maith le gníomhaíochtaí long agus iad ag na calafoirt sin, a dhíolmhú ó Chóras Tradála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh go dtí 2030; á chur i bhfios gur cheart na díolúintí dá bhforáiltear i seasamh na Parlaiminte an 19 Deireadh Fómhair 2022[61] maidir le Breosla Muirí AE a urramú agus an t-aistriú glas á luathú, agus saintréithe sonracha na réigiún is forimeallaí á gcur san áireamh;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún saintréithe sonracha na réigiún a chur san áireamh agus athbhreithniú á dhéanamh ar na gníomhartha dlíthiúla ábhartha go léir trí mheasúnuithe a thíolacadh ar aon tionchar tuartha ar na réigiúin is forimeallaí, lena n-áirítear faisnéis is gá maidir leis na hiarmhairtí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil, i gcomhréir le clár an Choimisiúin um reachtaíocht níos fearr;

5. á thabairt chun suntais nach bhfuil measúnú iarmharta a bhaineann go sonrach leis na réigiúin is forimeallaí ag gabháil leis an bpacáiste Oiriúnach do 55 agus lena thograí reachtacha agus á thabhairt chun suntais go bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth ar na réigiúin is forimeallaí mar gheall ar a sainiúlachtaí agus a riachtanais, chun aistriú glas cóir a ráthú, go háirithe faoin bpacáiste Oiriúnach do 55;

6. á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go ndéanfaí cóir speisialta do na réigiúin is forimeallaí maidir le státchabhair i réimse an iompair, rud nach gcruthódh aon saobhadh ar an iomaíocht ar leibhéal an Aontais;

7. ag spreagadh an Coimisiún chun éascú le húsáid uirlisí AE atá tiomnaithe do nascacht agus soghluaisteacht; á mheas go bhfuil sé tábhachtach chuige sin glaonna sonracha a thíolacadh ar thionscadail sna réigiúin is forimeallaí laistigh de clháir an Aontais arna mbainistiú ag an gCoimisiún, chomh maith le laethanta faisnéise a eagrú maidir leis na deiseanna atá ar fáil do na réigiúin is forimeallaí; á iarraidh ar na Ballstáit na deiseanna cistiúcháin sin amhail glaonna ar thionscadail chun cáblaí faoin bhfarraige a athsholáthar, a úsáid chun a áirithiú go mbeidh ardleibhéal nascachta ag na réigiúin is forimeallaí faoi 2050;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún clár roghanna a chruthú a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánachas na réigiún is forimeallaí (POSEI) i réimse an iompair chun na míbhuntáistí agus na laguithe carnacha a bhaineann leis na réigiúin is forimeallaí, lena n-áirítear iargúltacht, nascacht agus soghluaisteacht ísle, spleáchas ar iompar aeir agus muirí agus tír-raon deacair, a chúiteamh; á iarraidh go dtiocfaidh méadú suntasach ar na hítimí buiséid a bhaineann le comhtháthú, eadhon iad siúd ar féidir leo rannchuidiú le hinfheistíocht phoiblí i roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe agus digitithe agus i mbonneagar iompair;

[61] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Deireadh Fómhair 2022 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí inathnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (Teacsanna a ghlactar, P9_TA(2022)0367).

9. á chur chun suntais go n-aithnítear i dtreoirlínte TEN-T inrochtaineacht agus nascacht réigiúin uile an Aontais a áirithiú agus a fheabhsú mar thosaíocht, ag tabhairt aird ar leith ar na réigiúin is forimeallaí agus ar na réigiúin eile a bhfuil dúshláin dhéimeagrafacha agus inrochtaineachta acu, amhail réigiúin oileánacha agus iargúlta; á mheabhrú go bhforáiltear le SCE 2021-2027 d'uasráta cómhaoinithe 70 % do thionscadail atá lonnaithe sna réigiúin is forimeallaí agus a bhaineann leis na hearnálacha iompair, digiteacha agus fuinnimh;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le forbairt na soghluaisteachta inbhuanaithe sna réigiúin is forimeallaí trí roghanna malartacha inbhuanaithe ar bhreoslaí iontaise a chur chun cinn agus trí astaíochtaí agus truailliú aeir agus teorainn ó bhonneagar calafoirt agus aerfoirt a nuachóiriú agus a laghdú, lena n-áirítear trí infheistíochtaí a mhéadú;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar údaráis réigiúnacha éagsúlú modhanna iompair a chur chun cinn agus a áirithiú, lena n-áirítear trí thacú le bunú an bhonneagair is gá, amhail lánaí rothaíochta agus coisithe, agus sainiúlachtaí na réigiún is forimeallaí á gcur san áireamh, amhail a n-oragrafaíocht;

12. is oth léi go bhfuil easpa seirbhísí bunúsacha ag go leor daoine sna réigiúin seo, lena n-áirítear rochtain ar iompar poiblí, a bhfuil tionchair iarmhartacha aige ar rochtain a fháil ar sheirbhísí eile, ar oideachas agus ar dheiseanna eacnamaíocha; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomh breise a ghlacadh, i ndlúthchomhar le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, chun rochtain den sórt sin a fheabhsú, lena n-áirítear trí chórais soghluaisteachta nuálacha a imscaradh; á iarraidh go ndéanfaí tionscadail phíolóta agus gníomhaíochtaí ullmhúcháin a fhorbairt a bheidh múnlaithe ar bheartais agus ar thionscnaimh amhail pleananna um shoghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe (do shoghluaisteacht uirbeach) agus limistéir chliste iompair thuaithe (do shoghluaisteacht tuaithe) a bhfuil sé d'aidhm acu geallsealbhóirí a thabhairt le chéile chun roghanna iompair inbhuanaithe bríoch agus comhsheasmhach a chruthú do shaoránaigh agus do chuairteoirí araon;

13. á mheabhrú gur gá go mbeadh bonneagar iompair nua-aimseartha, sábháilte agus inbhuanaithe ag na Ballstáit go léir chun taisteal ar fud an Aontais a éascú, chun na réigiúin is forimeallaí, limistéir fhorimeallacha agus iargúlta agus oileáin a dhéanamh níos inrochtana d'fhoirmeacha inbhuanaithe turasóireachta laistigh den Eoraip agus idirnáisiúnta agus chun comhtháthú críochach a neartú;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún ardán tacaíochta teicniúla a chur ar bun do na réigiúin is forimeallaí chun rochtain ar mhaoiniú an Aontais i réimsí an iompair agus na turasóireachta do thionscadail mhóra a éascú agus chun ceardlanna, seónna bóthair agus laethanta faisnéise a eagrú maidir le hoscailt glaonna ar mhaoiniú nó tionscadail le haghaidh na réigiúin seo;

15. á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht lipéad cáilíochta sonrach don turasóireacht a chruthú lena léireodh turasóireacht digitithe inbhuanaithe agus éagsúlacht ghastranómach;

16. á iarraidh ar an gCoimisiún saintréithe speisialta na réigiún is forimeallaí agus na srianta breise atá orthu a chur san áireamh agus an tionchar atá ag reachtaíocht turasóireachta á

cheapadh agus á mheasúnú, i gcomhréir le hAirteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, toisc go mbraitheann na réigiúin sin go mór ar thurasóireacht dá bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha; á mheabhrú an gá atá le cistiú cuí a áirithiú chun inrochtaineacht na réigiún is forimeallaí a chosaint agus chun maoiniú ón Aontas a áirithiú chun tacú le téarnamh agus forbairt earnáil turasóireachta atá inbhuanaithe agus digitithe, lena n-áirítear poist ardchaighdeáin a chruthú don earnáil trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil a neartú agus trí threoracha cuimsitheacha a sholáthar lena mapáiltear gach faisnéis atá ar fáil faoi dheiseanna maoinithe an Aontais;

17. á aithint go bhfuil acmhainneacht shuntasach ag foirmeacha inbhuanaithe turasóireachta, go háirithe éiceathurasóireacht, chun na réigiúin is forimeallaí a fhorbairt tuilleadh, toisc go bhfuil baint acu le go leor earnálacha agus tairbhí comhshaoil, eacnamaíocha agus sochaíocha a d’fhéadfadh éifeachtaí suntasacha iolraitheora a bheith acu ar thionscail eile;

18. á chrediúint gur féidir leis na réigiúin is forimeallaí a bheith ina gceannródaithe san inbhuanaitheacht trí dhíriú ar thurasóireacht inbhuanaithe, lena n-áirítear gnólachtaí ar scála beag faoi úinéireacht áitiúil, a chuireann béim ar cad a dhéanann an ceann scríbe uathúil, a sholáthraíonn fostaíocht do mhuintir na háite, a bhfuil meas aige ar shlí mhaireachtála na háite agus atá ann ar aon dul le traidisiúin áitiúla agus le héiceachórais nádúrtha; ag tathant ar an gCoimisiún forbairt na samhlacha nua gnó sin a chothú;

19. á iarraidh ar an gCoimisiún líne buiséid a chruthú don turasóireacht sa chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile, cistí a chur ar fáil don turasóireacht i mbuiséid bhliantúla an Aontais agus gníomhaireacht Eorpach turasóireachta a bhunú;

20. á iarraidh ar an gCoimisiún comhbheartas AE maidir leis an turasóireacht a mholadh ar cheart dó athléimneacht na hearnála a áirithiú i gcoinne, i measc rudaí eile, thionchair paindéimí amach anseo nó aon sórt imeachta lena gcuirtear gníomhaíochtaí turasóireachta i mbaol, amhail athrú aeráide, agus ba cheart cás ar leith na réigiún is forimeallaí a chur san áireamh ann; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, turasóireacht inbhuanaitheachta a dhéanamh mar sprioc uileghabhálach dá straitéis turasóireachta, seachas mar cheann dá cholúin, agus á iarraidh go leanfar ar aghaidh leis sin i gcláir airgeadais ghaolmhara agus i mbeartais an Aontais;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacaíocht a thabhairt d’earnáil na turasóireachta sna réigiúin is forimeallaí d’fhonn téarnamh na hearnála agus na haistrithe digiteacha agus glasa a chur chun cinn, ag díriú go háirithe ar mhicrifhiontair, ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide san earnáil, lena n-áirítear trí chistí an Aontais atá ann cheana a úsáid agus tionscadail phíolóta a bhunú do na cinn scríbe is forimeallaí;

22. á iarraidh ar an gCoimisiún tionscnaimh a fhorbairt don turasóireacht farraige agus chósta, go háirithe forbairt agus scaipeadh líonra de bhealaí muirí le haghaidh tionscnamh den sórt sin;

23. á iarraidh ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí trí chistí struchtúracha agus infheistíochta a dháileadh go cuí, trí infheistíochtaí, trí athchóirithe iomchuí agus trí thograí a thíolacadh le haghaidh maoiniú ábhartha ón Aontas, is freagracht de chuid na mBallstát agus ní de chuid na réigiún é, agus trí thacú

leis na haistrithe glasa agus digiteacha; á thabhairt chun suntais ag an am céanna gur féidir leis na réigiúin is forimeallaí a bheith ina rannpháirtithe tábhachtacha sna haistrithe sin agus go bhfuil an cumas acu bheith ina moil do thionscadail ghlasa agus dhigiteacha a d'fhéadfadh cabhrú le samhail eacnamaíoch a fhorbairt a bhfuil luach aici ar inbhuanaitheacht agus ar nuálaíocht;

24. á thabhairt chun suntais an gá atá le pleananna teagmhasacha a ullmhú le haghaidh na n-earnálacha iompair agus turasóireachta sna réigiúin is forimeallaí, d'fhonn a n-athléimneacht a áirithiú, go háirithe i dtéarmaí bonneagair agus seirbhísí poiblí, agus tionchair phaindéim COVID-19 agus na ceachtanna a foghlaimíodh ina dhiaidh á gcur san áireamh, chun aon chur isteach sa todhchaí ar sheirbhísí riachtanacha do phaisinéirí agus d'earraí a sheachaint, go háirithe i gcás géarchéimeanna sláintíochta, eachtraí adhaimsire nó coinbhleachtaí amhail ionradh neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin;

25. á thabhairt chun suntais nach féidir acmhainneacht na réigiún is forimeallaí a bhaint amach ach amháin trí chomhar na ngeallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear údaráis Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, gníomhairí eacnamaíocha agus sóisialta, an tsochaí shibhialta, an pobal acadúil agus eagraíochtaí neamhrialtasacha; á thabhairt chun suntais, i ndáil leis sin, an rannchuidiú dearfach a rinne Comhdháil Uachtarán na Réigiún is Forimeallaí maidir le tosaíochtaí agus dúshláin a shainaithint a bhfuil na réigiúin sin ag tabhairt aghaidh orthu agus maidir le tuilleadh gníomhaíochta a spreagadh; á chur i bhfios go bhfuil comhoibriú idir na réigiúin is forimeallaí ríthábhachtach freisin chun cur chuige iomlánaíoch a chinntiú lena freagraítear dá riachtanais shonracha agus lena cuimsítear comhroinnt dea-chleachtas.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 31.1-2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 39<br>–: 0<br>0. 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andris Ameriks, José Ramón Bauzá Díaz, Erik Bergkvist, Izaskun Bilbao Barandica, Ciarán Cuffe, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Ismail Ertug, Gheorghe Falcă, Isabel García Muñoz, Jens Gieseke, Elsi Katainen, Elena Kountoura, Bogusław Liberadzki, Peter Lundgren, Benoît Lutgen, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Marian-Jean Marinescu, Tilly Metz, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Philippe Olivier, Dominique Riquet, Vera Tax, Achille Variati, Henna Virkkunen, Petar Vitanov, Lucia Vuolo, Roberts Zīle, Kosma Złotowski |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Sara Cerdas, Ignazio Corrao, Clare Daly, Nicola Danti, Markus Ferber, Maria Grapini, Colm Markey, Beata Mazurek, Ljudmila Novak, Jörgen Warborn |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 39 | + |
|---|---|
| CLE | Beata Mazurek, Roberts Zīle, Kosma Złotowski |
| ID | Philippe Olivier |
| EPP | Gheorghe Falcă, Markus Ferber, Jens Gieseke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Benoît Lutgen, Marian-Jean Marinescu, Colm Markey, Ljudmila Novak, Henna Virkkunen, Lucia Vuolo, Jörgen Warborn |
| Renew | José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Nicola Danti, Elsi Katainen, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Dominique Riquet |
| S&D | Andris Ameriks, Erik Bergkvist, Sara Cerdas, Ismail Ertug, Isabel García Muñoz, Maria Grapini, Bogusław Liberadzki, Vera Tax, Achille Variati, Petar Vitanov |
| An Chlé | Clare Daly, Elena Kountoura |
| Verts/ALE | Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Tilly Metz |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| CLE | Peter Lundgren |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

1.2.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE

chuig an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach

maidir leis an measúnú ar an teachtaireacht nua ón gCoimisiún Eorpach maidir leis na Réigiúin is Forimeallaí
(2022/2147(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Gabriel Mato

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur príomhearnáil í earnáil na talmhaíochta don gheilleagar, don fhostaíocht agus don chomhtháthú críochach agus sóisialta sna réigiúin is forimeallaí;

B. de bhrí go bhfuil go leor dúshlán roimh ghabháltais talmhaíochta sna réigiúin is forimeallaí mar gheall ar a suíomh iargúlta, ar an éagsúlacht theoranta táirgthe de bharr dálaí áitiúla agus aeráide agus forbairtí stairiúla, ar an spleáchas ard atá acu ar mhargaí áitiúla, ar an ngéarchéim aeráide, ar dhíghrádú an chomhshaoil, ar chailliúint na bithéagsúlachta agus ar easpa fuinnimh, agus gur minic nach mbíonn fionnuisce glan acu;

C. de bhrí go bhfuil 80 % de bhithéagsúlacht na hEorpa sna réigiúin is forimeallaí, go dtugtar tearmann do go leor speicis cheantracha de chuid an Aontais iontu, agus gur éiceachórais phríomhúla neamhchoitianta atá iontu freisin; de bhrí go bhfuil na réigiúin is forimeallaí i measc na gcríoch is leochailí san Aontas ó thaobh na héiceolaíochta de, ós rud é, mar gheall ar a mbeagmhéid, a n-iargúltacht agus ar an mbithéagsúlacht atá acu ina bhfuil ardleibhéal speiceas ceantrach, go bhfuil siad go háirithe neamhchosanta ar thosca antrapaigineacha agus ar thosca arb é an t-athrú aeráide is cúis leo, ar thosca iad lena gcuirtear éiceachórais nádúrtha agus na pobail a bhíonn ag brath orthu i mbaol ar scála domhanda;

D. de bhrí go bhfuil an chuid is mó de na réigiúin is forimeallaí an-leochaileach don athrú aeráide agus do theagmhais adhaimsire, amhail hairicíní, agus gur measa an staid sin toisc go bhfuil siad lonnaithe níos faide ó na hilchríocha, in imchuacha móra aigéin;

E. de bhrí go bhfuil tábhacht ag baint leis na prionsabail a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, lena n-áirítear an béim a chuireann sé ar neamhionannais a dhíothú agus ar chomhionannas inscne agus príomhshruthú inscne a chur chun cinn;

1. á chur in iúl gur geal léi gealltanas an Aontais leanúint de thacaíocht shuntasach a thabhairt d’earnáil na talmhaíochta agus d’earnáil an iascaigh sna réigiúin is forimeallaí;

á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, go n-aithnítear sa straitéis athbhreithnithe nua do na réigiúin is forimeallaí go bhfuil ríthábhacht ag baint le hearnáil na talmhaíochta i leith cruthú post agus an fháis eacnamaíoch sna réigiúin sin; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, an comhar méadaithe idir an Coimisiún agus na Ballstáit lena gcuirtear ar a gcumas a ngníomhaíochtaí arna gcistiú ag an gclár de roghanna a bhaineann go sonrach le hiargúltacht agus le hoileánacht (POSEI) a oiriúnú agus a nuachóiriú; á chur i bhfáth go bhfuil conclúidí thuarascáil 2016 ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme chlár POSEI[62], ina gcuirtear béim ar chumas an chláir aghaidh a thabhairt ar dhúshláin talmhaíochta ar leith na réigiún is forimeallaí, mar a shainmhínítear in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), an-ábhartha i gcónaí; á mheabhrú gur leagadh béim i gconclúidí thuarascáil 2021 ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme POSEI ar a fheidhmíocht dhearfach fhoriomlán agus ar a éifeachtúlacht maidir le táirgeadh áitiúil talmhaíochta agus bia a neartú agus maidir leis an baol go n-éireofaí as gníomhaíochtaí talmhaíochta a mhaolú, rud a mbeadh drochthionchar suntasach aige ar an bhfostaíocht agus ar ghné shóisialta agus chríochach na réigiún is forimeallaí;

2. á mheas gur cheart POSEI a choinneáil mar chlár buan AE atá nasctha leis an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) agus a chistítear ó acmhainní AE, i bhfianaise na srianta buana atá roimh na réigiúin is forimeallaí; á mheas, thairis sin, gur cheart POSEI a neartú chun tacú le táirgeadh inbhuanaithe áitiúil, spleáchas na réigiún is forimeallaí ar sholáthairtí talmhaíochta agus agrai-bhia a laghdú agus slándáil bia a áirithiú agus go n-áiritheofaí go mbeadh rochtain ag táirgeoirí ó na réigiúin sin ar mhargaí, bídís áitiúil nó laistigh den Aontas i gcoitinne, chun cabhrú leo uaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais nua a bhaint amach agus chun déileáil le hiomaíocht mhéadaithe ó thríú tíortha agus leis an ardú as cuimse atá tagtha ar phraghsanna fuinnimh; á iarraidh, ina leith sin, go méadófaí buiséad POSEI, rud atá bunriachtanach chun freastal ar na riachtanais atá ag dul i méid agus chun forbairt inbhuanaithe an táirgthe áitiúil a áirithiú sna réigiúin sin, a bhfuil costais shuntasacha bhreise táirgthe ag baint leo; á mheabhrú gur in 2006 a ríomhadh an leithdháileadh atá ann faoi láthair agus go bhfuil athruithe suntasacha tagtha ar dhálaí eacnamaíocha agus trádála ó shin i leith; á iarraidh, thairis sin, go n-áireofaí coigeartuithe atá dírithe ar fheabhas a chur ar an gcabhair don talmhaíocht agus don bheostoc sna réigiúin is forimeallaí;

3. á mheas gur gá ní hamháin cineál sonrach na hiargúltachta a ráthú i gcoitinne i mbeartais éagsúla an Aontais, ach gur gá clár tacaíochta AE a chur ar bun le haghaidh na réigiún sin freisin, a mbeadh na hacmhainní airgeadais iomchuí ag gabháil leis agus lena ndéanfaí na bearta uile atá ann cheana a ionchorprú ann, chun comhsheasmhacht agus éifeachtacht níos fearr a áirithiú maidir le bearta i bhfabhar na réigiún is forimeallaí agus maidir lena stádas a chomhdhlúthú;

4. á chur in iúl gur geal léi go gcuirtear san áireamh i bpleananna straitéiseacha nua CBT staid shonrach na réigiún is forimeallaí agus á mheas gur gá nuachóiriú a chur chun cinn, lena n-áirítear digitiú na feirmeoireachta, éagsúlú an táirgthe talmhaíochta agus níos mó tacaíocht do na hearnálacha is leochailí, d’fhonn biafhlaitheas níos fearr a bhaint amach;

[62] Tuarascáil ón gCoimisiún an 12 Iúil 2021 maidir le cur chun feidhme scéim na mbeart sonrach don talmhaíocht i bhfabhar na réigiún is forimeallaí den Aontas (POSEI) (COM(2021)0765).

5. á iarraidh ar an gCoimisiún dlúth-ailíniú a choinneáil idir POSEI agus cláir forbartha tuaithe, i bhfianaise an ardleibhéil idirspleáchais idir an dá chineál tacaíochta sin;

6. á mheas, i gcomhréir le hAirteagal 349 CFAE, maidir le rochtain ar chistí struchtúracha do na réigiúin is forimeallaí, gur cheart rátaí cómhaoinithe AE do na réigiúin sin a mhéadú agus nár cheart go mbeadh na cistí atá curtha in áirithe do na réigiúin sin coinníollach ar a n-olltáirgeacht intíre i gcoibhneas le meán an Aontais;

7. á iarraidh go n-úsáidfí POSEI chun aitheantas a thabhairt do bharra agus táirgí réigiúnacha agus chun iad a chur chun cinn mar chuid d'oidhreacht stairiúil agus chultúrtha na réigiún is forimeallaí agus dá bhféiniúlacht;

8. á mheas go bhfuil ról uathúil riachtanach ag an bhfeirmeoireacht teaghlaigh maidir leis an tuath agus le héagsúlú barr a chothabháil agus a chosaint agus go bhfuil tábhacht ar leith ag baint léi maidir le táirgeadh traidisiúnta agrai-bhia a mhéadú, bia úr a sholáthar do mhargaí áitiúla agus réigiúnacha, an talmhaíocht a éagsúlú, an bhithéagsúlacht agus an comhshaol a chosaint, úsáid táirgí cosanta plandaí a laghdú, an féintomhaltas a mhéadú agus spleáchas ar bhia seachtrach a laghdú; á aithint go bhfuil srianta forbartha sóisialta agus eacnamaíocha roimh na réigiúin is forimeallaí mar gheall ar a n-iargúltacht, a n-oileánachas, a margaí beaga, a scaipeadh geografach agus a mbeagmhéid;

9. á mheas gur cheart do na réigiúin is forimeallaí leanúint dá mbearta forbartha tuaithe féin a cheapadh, a chur chun feidhme agus a bhainistiú;

10. á mheabhrú go raibh tionchair an-díobhálach ag tubaistí nádúrtha, ag COVID-19, ag an gcogadh leanúnach san Úcráin agus ag an mboilsciú ar na réigiúin is forimeallaí mar gheall ar a suíomh iargúlta agus na deacrachtaí atá acu i dtaobh rochtain a fháil ar sholáthairtí bunúsacha, amhail breosla nó uisce, ó chríocha mórthíre; ag tathant ar an gCoimisiún tacaíocht airgeadais bhreise leormhaith a sholáthar d'fheirmeoirí atá buailte ag imthosca eisceachtúla agus gan choinne, amhail tubaistí nádúrtha, lena n-áirítear stoirmeacha cumhachtacha trópaiceacha nó brúchtaí bolcánacha, géarchéimeanna sláinte nó cogadh, agus go mbeadh níos mó solúbthachta ann maidir le cistí agus go ndéanfaí iad a eisíoc leo ar bhealach níos tapúla;

11. á chur i bhfáth gur minic a bhíonn teagmhais dhíobhálacha aeráide sna réigiúin is forimeallaí, ar teagmhais iad a bhfuil baint shuntasach acu le hathrú an tírdhreacha, agus a mbíonn méideanna feirme atá níos lú iontu mar thoradh ar an athrú sin, rud a fhágann go mbíonn costais táirgthe níos airde i gceist agus nach dtéann barainneachtaí scála chun tairbhe dóibh; ag tathant ar an gCoimisiún, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tacaíocht chúpláilte a leithdháileadh ar tháirgeoirí áitiúla chun an slabhra luacha iomlán a neartú in imthosca deacra comhchosúla, i gcomhthráth le coigeartú tapa ar nósanna imeachta maoiniúcháin i gcás imthosca díobhálacha tromchúiseacha;

12. á mheas go bhfuil ról lárnach ag earnáil na talmhaíochta maidir leis na réigiún is forimeallaí a struchtúrú, le poist a sholáthar agus le cabhrú le slándáil bia a áirithiú, ar cosúil gur tosaíocht dhosheachanta í, sa chomhthéacs atá ann faoi láthair, agus á chur san áireamh go bhfuil na rátaí dífhostaíochta sna réigiúin sin ar na rátaí is airde in AE, arb ionann iad agus suas le 50 % de dhaonra an lucht saothair;

13. á mheas gur féidir ráta glactha níos airde de chistí POSEI a bhaint amach agus feabhas á chur ar chórais chomhairleacha áitiúla trí chúrsaí oiliúna saincheaptha agus malartú dea-chleachtas;

14. á iarraidh go nglacfaí bearta práinneacha chun cabhrú le dul i ngleic le cineál marthanach na dífhostaíochta, na bochtaineachta agus na neamhionannas sna réigiúin sin;

15. á mheas, maidir le comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta na réigiún is forimeallaí, go bhfuil sé fíorthábhachtach seirbhísí poiblí a ráthú, lena n-áirítear i réimsí an aeriompair agus an mhuiriompair, an fhuinnimh agus na cumarsáide;

16. á mheas, maidir le forbairt na réigiún sin, go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine ar na modhanna faisnéise agus cumarsáide a chuirtear ar fáil le teicneolaíochtaí nua, go háirithe leathanbhanda;

17. á chur i bhfáth nach mór cur chun feidhme na straitéise bithéagsúlachta nua sna réigiúin is forimeallaí a chomhordú le hiarrachtaí chun forbairt inbhuanaithe na n-earnálacha talmhaíochta agus foraoiseachta a neartú agus nach mór gnéithe sonracha geografacha agus aeráide na réigiún sin a chur san áireamh i gcur chun feidhme na straitéise; á thabhairt chun suntais, sna réigiúin iargúlta sin, gurb í an fheirmeoireacht bunchloch an gheilleagair áitiúil, agus go bhféadfadh ceanglais 'ghlasa' an Choimisiúin bac a chur ar iomaíochas na bhfeirmeoirí; á mheabhrú go bhfuil sé ráite ag an gCoimisiún 'go mbeidh athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna, agus go ndéanfar coigeartú air más gá, chun tionchar míchuí ar an mbithéagsúlacht, ar shlándáil bia agus ar iomaíochas feirmeoirí a mhaolú'[63]; á iarraidh go dtabharfaí níos mó tacaíocht d'fheirmeoirí chun cleachtais agrai-éiceolaíocha atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht a fhorbairt, lena n-áirítear trí rátaí cistiúcháin agus cómhaoinithe níos airde; á iarraidh ar na Ballstáit an úsáid is fearr a bhaint as na cistí atá ar fáil faoin gclár LIFE;

18. á thabhairt chun suntais go bhfuil drochstaid eacnamaíoch ann i roinnt de na réigiúin is forimeallaí, go háirithe mar thoradh ar easpa deiseanna fostaíochta, tuarastail níos ísle agus praghsanna níos airde, go háirithe maidir le táirgí bia; ag cur sonrú go háirithe sa leibhéal ard dífhostaíochta i measc daoine óga sna réigiúin is forimeallaí, atá idir 10 % go 20 % níos airde ná meán an Aontais; á iarraidh ar na Ballstáit rochtain ar thalamh a éascú d'fheirmeoirí óga; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh deis a thabhairt do na réigiúin sin leis an straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc' agus é mar aidhm aici earnáil an bhia agus earnáil na feirmeoireachta atá inbhuanaithe, réigiúnaithe agus neamhdhíobhálach don aeráid a fhorbairt;

19. á chur i bhfáth go bhfuil éiceachórais a bhfuil ardluach éiceolaíoch acu sna réigiúin is forimeallaí, ach nár cheart breathnú air sin mar bhagairt d'fhorbairt chothrom na hoibre táirgiúla in earnáil na talmhaíochta;

---

[63] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030 – Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM(2020)0380).

20. á chur i bhfáth go bhféadfadh ról tábhachtach a bheith ag leathnú rathúil líonraí digiteacha ardtoillte sna réigiúin is forimeallaí mar uirlis chun nuachóiriú agus claochlú feirmeacha i dtreo talmhaíocht níos inbhuanaithe a éascú;

21. á chur i bhfios gur féidir leis an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí nua agus as an bhfeirmeoireacht bheacht an claochlú i dtreo talmhaíocht níos éifeachtúla agus níos iomaíche a éascú, lena laghdaítear costais, lena gcuirtear feabhas ar fheidhmíocht agus lena n-íoslaghdaítear an tionchar ar an gcomhshaol;

22. ag tabhairt dá haire go n-iarrtar sa togra maidir leis an straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc' go ndéanfadh an tAontas úsáid táirgí cosanta plandaí a theorannú tuilleadh; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, nach mór saintréithe sonracha na n-aeráidí trópaiceacha agus fothrópaiceacha sna réigiúin is forimeallaí a chur san áireamh; á chur i bhfáth go bhfuil roinnt de na réigiúin is forimeallaí lonnaithe i dtimpeallachtaí meánchiorclacha trópaiceacha, fothrópaiceacha agus bogthaise, ar timpeallachtaí iad atá go háirithe fabhrach d'fhorbairt galar, agus go bhfuil siad, dá bhrí sin, faoi mhíbhuntáiste tromchúiseach, i gcomparáid leis an ilchríoch agus le tríú tíortha, maidir le táirgí cosanta plandaí chun freastal ar a riachtanais agus lotnaidí a chomhrac; á thabhairt chun suntais gur gá, dá bhrí sin, taighde a chur chun cinn, le cistiú méadaithe, ar réitigh mhalartacha nua atá curtha in oiriúint do na críocha sin chun táirgeadh talmhaíochta a choimirciú agus inmharthanacht feirmeoirí a áirithiú sna réigiúin is forimeallaí; á thabhairt chun suntais, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá sé cleachtais agra-éiceolaíocha agus cur i bhfeidhm teicnící nuálacha táirgthe a chur chun cinn, lena n-áirítear teicnící nua i leith géanómaíochta; á thabhairt dá haire go bhfuil sé deacair rochtain a fháil ar ionchuir thalmhaíochta áirithe i roinnt de na réigiúin is forimeallaí, go háirithe na hionchuir sin atá neamhdhíobhálach don chomhshaol; á áitiú nár cheart go mbeadh aon rochtain ar mhargadh an Aontais do tháirgí nach gcomhlíonann caighdeáin AE agus a d'fhéadfadh slándáil agus sábháilteacht bia agus sláinte a chur i mbaol ar fud an Aontais, amhail bananaí ó thríú tíortha lena n-úsáidtear cainníochtaí ollmhóra d'oibreáin um chosaint plandaí nach bhfuil údaraithe san Aontas;

23. á iarraidh ar an gCoimisiún caibidil ar leith a bheidh tiomnaithe do na réigiúin is forimeallaí a bhunú ina mheasúnuithe tionchair ar thograí reachtacha atá ar na bacáin, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc' agus leis an straitéis bhithéagsúlachta, agus na saintréithe, riachtanais agus srianta buana sonracha gach réigiúin is forimeallaí á gcur san áireamh; á mheas gur cheart torthaí na measúnuithe sin a chur san áireamh chun tionscnaimh reachtacha a oiriúnú, i gcás inar gá, do dheacrachtaí nádúrtha agus eacnamaíocha na réigiún sin agus don iomaíocht ghéar atá rompu ó thríú tíortha; á iarraidh, ar an gcaoi chéanna agus i gcomhthéacs an éilimh mhéadaithe ar 'phromhadh leas na tuaithe' i reachtaíocht an Aontais, go ndéanfaí staidéir tionchair ar na réigiúin is forimeallaí nuair a cheaptar beartais AE, go háirithe iad siúd a bhaineann le trádáil astaíochtaí, cistí talmhaíochta agus comhtháthú;

24. á chur in iúl gur geal léi gealltanas an Choimisiúin, faoina theachtaireacht maidir le fís fhadtéarmach do cheantair thuaithe[64], go n-áireofaí anailís ar na réigiúin is forimeallaí

[64] Teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2021 dar teideal *A long-term Vision for the EU's Rural Areas – Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040* [Fís fhadtéarmach do cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh – I dtreo ceantair thuaithe a bheidh níos láidre, nasctha, athléimneach agus rathúil faoi 2040] (COM(2021)0345).

faoi raon feidhme Fhaireachlann an Aontais Eorpaigh um an Tuath; á mheas go bhféadfadh sé go mbeadh an Fhaireachlann um an Tuath ina hacmhainn luachmhar chun bearnaí sonraí a shainaithint agus chun feabhas a chur ar bhunachair sonraí staidrimh maidir leis na réigiúin is forimeallaí, rud a thabharfadh léargas iomlán ar riachtanais a bpobail tuaithe;

25. á chreidiúint gur cheart, leis an mbeartas comhtháthaithe, go gcuirfí níos mó tairbhí ar fáil do mhná atá ina gcónaí sna réigiúin is forimeallaí, go háirithe san earnáil agrai-bhia, agus gur cheart go gcuirfí an comhionannas inscne agus cur chun feidhme éifeachtach straitéis AE um chomhionannas inscne chun cinn sna réigiúin is forimeallaí;

26. á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht le struchtúr na n-earnálacha áitiúla maidir le slándáil bia a ráthú sna réigiúin is forimeallaí, ar réigiúin iad a bhíonn scoite amach go minic, agus ag moladh do pháirtithe leasmhara agus do lucht ceaptha beartas poiblí úsáid a bhaint as forálacha uile chomheagrú na margaí (CEM), lena n-áirítear na forálacha a bhaineann go sonrach leis na réigiúin is forimeallaí; á chur in iúl gur geal léi cur in oiriúint forálacha áirithe CEM do riachtanais shonracha na réigiún is forimeallaí, agus á iarraidh ar an gCoimisiún foráil a dhéanamh, más gá, do thuilleadh coigeartuithe i gcomhthéacs an chéad athbhreithnithe eile ar CEM; á iarraidh ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar fhéidearthacht agus ar inmholtacht na bhforálacha a leagtar síos in Airteagal 22(a) de Rialachán (AE) 2228/2013 maidir le cláir POSEI[65] a leathnú chuig na réigiúin is forimeallaí uile, d'fhonn rialacha agus rannchuidithe eagraíochtaí idirchraoibhe a leathnú chuig oibreoirí nach comhaltaí de na heagraíochtaí sin iad, agus é mar aidhm leis sin slándáil bia agus neamhthuilleamaíocht a áirithiú;

27. á iarraidh go n-athbhunófaí scéim POSEI le haghaidh iascaigh agus go gcruthófaí scéim POSEI le haghaidh iompair, lena n-áirítear cistiú AE is gá a sholáthar chun struchtúir táirgthe, phróiseála agus mhargaíochta na réigiún sin a neartú chun míbhuntáistí na hiargúltachta a fhritháireamh;

28. á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun na bearta is éifeachtaí a shainaithint le haghaidh athléimneacht i slabhraí soláthair sna réigiúin is forimeallaí a chomhdhlúthú agus a fheabhsú;

29. á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé rátaí cómhaoinithe an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) a choimeád ag 85 % do na réigiúin is forimeallaí, go háirithe chun an bhithéagsúlacht sa talmhaíocht agus san fhoraoiseacht a athbhunú, a chaomhnú agus a fheabhsú agus chun forbairt i limistéir thuaithe a spreagadh;

30. á iarraidh ar an gCoimisiún an leithdháileadh buiséid a mhéadú le haghaidh cur chun cinn táirgí talmhaíochta nach bhfástar ach amháin sna réigiúin is forimeallaí den Aontas;

31. á mheas go bhfuil sé an-tábhachtach scéim iompair POSEI a chruthú do réigiúin amhail oileánra na nAsór, atá, de bharr a struchtúir fhisiciúil, ag fulaingt mar gheall ar a 'oileánachas dúbailte' – a iargúltacht ón mórthír agus an fad idir na hoileáin – lena

[65] Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle (*IO L 78, 20.3.2013, lch. 23).*

méadaítear go suntasach na costais iompair do dhaoine agus d’earraí faoi bhealach idir na hoileáin agus idir na hoileáin agus an mórthír, a mbíonn tionchar ag an méadú sin go nádúrtha ar chostas na n-ionchur táirgthe, ar a dtagtar méadú freisin mar thoradh air sin;

32. á iarraidh ar an gCoimisiún aird ar leith a thabhairt ar na réigiúin is forimeallaí sa phróiseas maidir le hullmhacht agus bainistiú oiriúnach i gcomhair géarchéimeanna faoin Ionstraim Éigeandála le haghaidh an Mhargaidh Aonair;

33. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé ráta cómhaoinithe CETFT a choinneáil ag 85 % do na réigiúin is forimeallaí chun forbairt a limistéar tuaithe, a dtalmhaíochta agus a mbeostoic a bhaint amach;

34. á iarraidh ar an gCoimisiún súil ghéar a choimeád ar an drochthionchar atá ag léirscaoileadh mhargadh an Aontais agus ar an iliomad comhaontuithe trádála idir AE agus tíortha comhpháirtíochta a tháirgeann na táirgí talmhaíochta céanna le haghaidh onnmhairithe leis na réigiúin is forimeallaí, ach faoi dhálaí éagsúla sóisialta agus comhshaoil, ar nithe iad a dhéanann an iomaíocht a shaobhadh; á áitiú go ndéanfadh an Coimisiún gníomhaíocht éifeachtach chun a áirithiú nach gcuirfidh comhaontuithe trádála bearta a thacaíonn leis na réigiúin is forimeallaí i mbaol, go háirithe faoi POSEI; á iarraidh ar an gCoimisiún cóir fhabhrach a thabhairt do tháirgí ó na réigiúin is forimeallaí, ar a margaí áitiúla agus ar mhargadh AE araon, agus táirgí talmhaíochta íogaire, amhail bananaí, trátaí, siúcra agus bainne a chosaint go hiomlán sna caibidlíochtaí sin; á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún, más gá, idirthréimhsí, cuótaí allmhairiúcháin iomchuí agus taraifí custaim iomchuí, clásail choimirce agus sásraí faireachais agus smachtbhannaí a bheartú; á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún tuarascáil a dhéanamh maidir le héifeacht charnach na gcomhaontuithe sin in earnáil feirmeoireachta na réigiún is forimeallaí; á iarraidh go gcruthófaí tascfhórsa comhaontuithe trádála laistigh den Choimisiún a mbeidh ionadaithe ó earnálacha eacnamaíocha na réigiún is forimeallaí agus páirtithe leasmhara ábhartha eile rannpháirteach ann;

35. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di allmhairiú táirgí ó thríú tíortha nach gcomhlíonann caighdeáin shóisialta AE agus caighdeáin eile AE a bhaineann le saothar, leis an gcomhshaol, le sábháilteacht bia, le cáilíocht agus le leas ainmhithe, lena n-áirítear caighdeáin do tháirgí a bhfuil lipéad orgánach orthu, a bhfuil go leor acu in iomaíocht dhíreach le táirgí ó na réigiúin is forimeallaí; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún go n-áiritheofaí comhréireacht na n-allmhairí sin le caighdeáin AE agus an t-athbhreithniú ar chomhaontuithe trádála le tríú tíortha chun clásail chomhuaineacha a ionchorprú;

36. á mheabhrú, mar gheall ar a suíomh geografach, go bhfuil na réigiúin is forimeallaí níos neamhchosanta ar na fadhbanna a eascraíonn as méaduithe ar phraghsanna; á chur i bhfáth go bhfuil na réigiúin sin ag brath go hiomlán ar an muiriompar agus ar an aeriompar maidir le hallmhairiú na n-amhábhar agus nach bhfuil aon rogha mhalartach ann ar na modhanna iompair sin;

37. ag tabhairt dá haire go bhfuil bainne agus táirgí gaolmhara réamhtheachtacha agus iartheachtacha ar cheann de cholúin bhunúsacha gheilleagar Réigiún Féinrialaitheach na nAsór; á aithint go bhfuil a dtábhacht shocheacnamaíoch agus líon na bpost díreach

agus indíreach agus na seirbhísí díreacha agus indíreacha a sholáthraíonn siad fíor-riachtanach chun comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a áirithiú;

38. á mheas, le blianta beaga anuas, gur cuireadh iallach ar tháirgeoirí sna réigiúin is forimeallaí, cosúil leis na mílte mílte táirgeoirí bainne ar fud AE, deireadh a chur leis an táirgeadh mar gheall ar na praghsanna creachacha a íoctar le táirgeoirí, ar praghsanna iad nach ndéanann costais táirgthe a chúiteamh; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil an staid a dhéanann difear do tháirgeadh bainne doscartha ó léirscaoileadh mhargadh an bhainne agus ó dheireadh na gcuótaí táirgeachta, agus nach féidir é a réiteach ach amháin trí shásraí chun rialú a dhéanamh ar na margaí;

39. ag tacú le tascfhórsa a chur ar bun lena dtabharfaí an Coimisiún, na Ballstáit lena mbaineann, Feisirí na Parlaiminte agus ionadaithe feirmeoireachta le chéile chun anailís a dhéanamh ar na deacrachtaí a bhíonn roimh na réigiúin sin mar thoradh ar iomaíocht sheachtrach mhéadaithe, lena n-áirítear ó tháirgí tríú tír a bhfuil an lipéad orgánach orthu;

40. ag tarraing aird ar an tábhacht a bhaineann le muiriompar ainmhithe do gheilleagair na réigiún is forimeallaí, ós rud é go bhfuil oileáin atá beag agus i bhfad i gcéin ag brath ar an talmhaíocht;

41. á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht le forbairt chríochach chomhtháite sna réigiúin is forimeallaí, amhail comhordú an chomhphobail ar infheistíocht agus ar an bhforbairt áitiúil, agus le cur chun cinn tionscnamh amhail 'sráidbhailte cliste' chun tacú leis an talmhaíocht inbhuanaithe agus le táirgeadh inbhuanaithe bia;

42. á chreidiúint nach mór don straitéis nua maidir leis na réigiúin is forimeallaí béim a chur ar cháilíocht saoil na gcónaitheoirí a fheabhsú, ar an mbochtaineacht a chomhrac agus ar dheiseanna do dhaoine óga a fhorbairt;

43. á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht leis na réigiúin is forimeallaí mar gheall ar a saintréithe geografacha sonracha, rud a fhágann go mbaineann siad tairbhe as cláir POSEI arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta;

44. á chur i bhfáth go bhfuil tábhacht le beartais a fhorbairt lena léireofar réaltachtaí agus leasanna na gcríoch sin ar bhealach níos fearr, go háirithe agus comhaontuithe trádála agus iascaigh á gcaibidliú;

45. ag meabhrú an dearbhaithe chomhpháirtigh ón bParlaimint, ón gComhairle agus ón gCoimisiún atá i gceangal le Rialachán (AE) 2017/540[66] maidir leis an sásra cobhsaíochta do bhananaí, a athbhreithníodh nuair a chuaigh Eacuadór isteach i gComhaontú Trádála AE-na Colóime/Pheiriú, ina luaitear an méid seo a leanas: 'Leanfaidh an Coimisiún d'anailís a dhéanamh go tráthrialta ar staid an mhargaidh agus

[66] Rialachán (AE) 2017/540 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 19/2013 lena gcuirtear chun feidhme clásal coimirce déthaobhach agus sásra cobhsaíochta do bhananaí an Chomhaontaithe Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 20/2013 lena gcuirtear chun feidhme clásal coimirce déthaobhach agus sásra cobhsaíochta do bhananaí an Chomhaontaithe lena mbunaítear Comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus Meiriceá Láir ar an taobh eile (IO L 88, 31.3.2017, p. 1).

ar an staid maidir le táirgeoirí bananaí chuig an Aontas tar éis don sásra cobhsaíochta dul in éag. Má fhaightear go ndearnadh meath tromchúiseach ar staid an mhargaidh nó ar an staid maidir le tairgeoirí bananaí chuig an Aontas, i bhfianaise a thábhachtaí atá earnáil na mbananaí do na réigiúin is forimeallaí, déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar an staid, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí, agus cinnfidh sé ar cheart bearta iomchuí a mheas. D'fhéadfadh an Coimisiún cruinnithe faireacháin a chomóradh go tráthrialta freisin leis na Ballstáit agus leis na geallsealbhóirí'; ag meabhrú don Choimisiún a ghealltanas maidir le deireadh a chur le laghdú de réir a chéile ar an taraif chustaim tríd an taraif iarmharach EUR 75/tona is infheidhme i leith tríú tíortha, a bhfuil comhaontuithe trádála sínithe ag an Aontas leo, a imfhálú go buan;

46. ag tabhairt rabhaidh go mbeidh tionchair níos láidre ag aon athrú ar na forálacha atá ann faoi láthair maidir le hiompar ainmhithe ar réigiúin amhail na réigiúin is forimeallaí, eadhon mar gheall ar a n-iargúltacht, a struchtúr oileánra, a n-oileánachas agus a mbeagmhéid, rud a fhágann go bhfuil siad ag brath go mór ar mhuiriompar; á áitiú, de bhun Airteagal 349 CFAE, nach mór saintréithe agus srianta speisialta na réigiún is forimeallaí ina leith sin a chur san áireamh i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá le teacht ar rialacha AE maidir le leas ainmhithe, d'ainneoin na n-iarrachtaí leanúnacha nach mór a dhéanamh chun an gá atá le hiompar ainmhithe beo a laghdú;

47. á thabhairt chun suntais, cé nach bhfuil feidhm ag aon dleacht ar allmhairí díreacha táirgí talmhaíochta atá riachtanach lena gcaitheamh ag an duine, chun táirgí eile a mhonarú nó mar ionchuir talmhaíochta ó thríú tíortha chuig na réigiúin is forimeallaí, agus an 'socrú soláthair sonrach' sin á chur chun feidhme, gur cheart aird a thabhairt go háirithe ar an ngá atá lena áirithiú nach ndéanfar an táirgeadh áitiúil atá ann cheana a dhíchobhsú, ná nach gcuirfear bac air ina fhorbairt;

48. á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach tacú le gníomhaíochtaí chun táirgí agrai-bhia ó na réigiúin is forimeallaí a chur chun cinn, laistigh den Aontas agus lasmuigh de araon, i bhfianaise a ríthábhachtaí atá a rannchuidiú le hinmharthanacht a gceantar tuaithe agus le geilleagair áitiúla; á iarraidh, ina leith sin, go ndéanfaí rialacha cur chun cinn an Aontais a chur in oiriúint ar bhealach níos fearr do ghnéithe sonracha na réigiún sin.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 31.1.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 36<br>–: 0<br>0: 10 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Álvaro Amaro, Benoît Biteau, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Luke Ming Flanagan, Paola Ghidoni, Dino Giarrusso, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Chris MacManus, Colm Markey, Marlene Mortler, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Bronis Ropė, Bert-Jan Ruissen, Anne Sander, Simone Schmiedtbauer, Veronika Vrecionová, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Franc Bogovič, Marie Dauchy, Jan Huitema, Tilly Metz, Alin Mituța, Tom Vandenkendelaere |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pietro Bartolo, Estrella Durá Ferrandis, Manu Pineda, Antonio Maria Rinaldi, Sándor Rónai, Nacho Sánchez Amor |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 36 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Bert-Jan Ruissen, Veronika Vrecionová |
| ID | Marie Dauchy, Paola Ghidoni, Gilles Lebreton, Antonio Maria Rinaldi |
| PPE | Asim Ademov, Álvaro Amaro, Franc Bogovič, Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Norbert Lins, Colm Markey, Marlene Mortler, Anne Sander, Simone Schmiedtbauer, Tom Vandenkendelaere, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Atidzhe Alieva-Veli, Asger Christensen, Jérémy Decerle, Martin Hlaváček, Jan Huitema, Alin Mituța, Ulrike Müller |
| S&D | Clara Aguilera, Pietro Bartolo, Isabel Carvalhais, Paolo De Castro, Estrella Durá Ferrandis, Maria Noichl, Juozas Olekas, Sándor Rónai, Nacho Sánchez Amor |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 10 | 0 |
|---|---|
| ID | Ivan David |
| NI | Dino Giarrusso |
| The Left | Luke Ming Flanagan, Chris MacManus, Manu Pineda |
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Tilly Metz, Bronis Ropė |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 22.3.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 39<br>–: 0<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | François Alfonsi, Pascal Arimont, Adrian-Dragoş Benea, Isabel Benjumea Benjumea, Tom Berendsen, Erik Bergkvist, Stéphane Bijoux, Franc Bogovič, Corina Crețu, Rosa D'Amato, Matthias Ecke, Mircea-Gheorghe Hava, Krzysztof Hetman, Peter Jahr, Manolis Kefalogiannis, Elżbieta Kruk, Nora Mebarek, Martina Michels, Giuseppe Milazzo, Alin Mituța, Andżelika Anna Możdżanowska, Denis Nesci, Niklas Nienaß, Younous Omarjee, Tsvetelina Penkova, Marcos Ros Sempere, André Rougé, Susana Solís Pérez, Irène Tolleret, Monika Vana |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Álvaro Amaro, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Mauri Pekkarinen, Peter Pollák, Bergur Løkke Rasmussen, Bronis Ropė |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Chiara Gemma, France Jamet |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 39 | + |
|---|---|
| CLE | Chiara Gemma, Elżbieta Kruk, Giuseppe Milazzo, Andżelika Anna Możdżanowska, Denis Nesci |
| ID | France Jamet, André Rougé |
| PPE | Álvaro Amaro, Pascal Arimont, Isabel Benjumea Benjumea, Tom Berendsen, Franc Bogovič, Daniel Buda, Mircea-Gheorghe Hava, Krzysztof Hetman, Peter Jahr, Manolis Kefalogiannis, Peter Pollák |
| Renew | Stéphane Bijoux, Alin Mituța, Mauri Pekkarinen, Bergur Løkke Rasmussen, Susana Solís Pérez, Irène Tolleret |
| S&D | Adrian-Dragoş Benea, Erik Bergkvist, Isabel Carvalhais, Corina Crețu, Matthias Ecke, Nora Mebarek, Tsvetelina Penkova, Marcos Ros Sempere |
| An Chlé | Martina Michels, Younous Omarjee |
| Na Glasaigh/SCE | François Alfonsi, Rosa D'Amato, Niklas Nienaß, Bronis Ropė, Monika Vana |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh